

Plean Teanga do Limistéar Pleanála
Teanga Oirthear Chathair na Gaillimhe –
“An Bruach Thoir”



Ben Ó Ceallaigh

i gcomhar le Coiste Pleanála Teanga an Bhruaigh
Thoir

Márta 2020



Plean Teanga do Limistéar Pleanála
Teanga Oirthear Chathair na
Gaillimhe – **“An Bruach Thoir”**

*Language Plan for the East Galway City
Language Planning Area*

*Please note: an English-language summary of
this plan can be found starting on page 145*

Curtha le chéile ag Ben Ó Ceallaigh i
gcomhar le Coiste Pleanála Teanga an
Bhruaigh Thoir

Tá an PDF den phlean seo ar fáil ag:

www.bruachthoir.ie

See our website for the PDF of this plan

Clár na nÁbhar

| | |
|---|-----|
| Giorrúcháin..... | iv |
| Ráiteas ón gCathaoirleach..... | v |
| 1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga..... | 1 |
| 1.1 Réamhrá..... | 1 |
| 1.2 Acht na Gaeltachta 2012 agus Próiseas na Pleanála Teanga..... | 1 |
| 2. Sonraí na Ceanneagraíochta agus an Choiste..... | 3 |
| 2.1 An Ceanneagraíocht..... | 3 |
| 2.2 An Coiste Stiúrtha..... | 3 |
| 3. Léargas ar an gCeantar..... | 5 |
| 3.1 Réamhrá..... | 5 |
| 3.2 Daonra..... | 7 |
| 3.3 Staid na Gaeilge sa limistéar..... | 7 |
| 3.4 Tacaíochtaí/Áiseanna sa limistéar..... | 8 |
| 3.5 Cúrsaí Oideachais..... | 9 |
| 3.6 Stádas socheacnamaíoch an cheantair..... | 10 |
| 4. Ullmhú an Phlean..... | 13 |
| 4.1 Réamhrá..... | 13 |
| 4.2 Feachtas feasachta..... | 13 |
| 4.3 Céim an Taighde..... | 18 |
| 4.4 Tátal..... | 23 |
| 5. Torthaí an Taighde..... | 24 |
| 5.1 Réamhrá..... | 24 |
| 5.2 Suirbhé na mBunscoileanna..... | 24 |
| 5.3 An Ceistneoir Pobail..... | 44 |
| 5.4 Na hAgallaimh agus Grúpaí Fócais..... | 62 |
| 5.5 An Taighde Gníomhaíochta..... | 66 |
| 6. Bearta an Phlean..... | 69 |
| 6.1 Réamhrá..... | 69 |
| 6.2 Feidhmiú an Phlean Teanga..... | 70 |
| 6.3 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)..... | 81 |
| 6.4 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscoláíochta & Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga..... | 92 |
| 6.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile..... | 101 |

| | | |
|------|--|-----|
| 6.6 | Deiseanna Foghlama Iasmuigh den Chóras Oideachais..... | 108 |
| 6.7 | An Earnáil Ghnó..... | 118 |
| 6.8 | Eagraíochtaí Pobail agus Seirbhísí Stáit..... | 120 |
| 6.9 | Na Meáin Chumarsáide..... | 122 |
| 6.10 | Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire..... | 123 |
| 6.11 | Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil..... | 127 |
| 6.12 | Eile..... | 131 |
| 6.13 | Amscála maidir le Feidhmiú na mBeart..... | 133 |
| 7. | Costais agus Maoiniú..... | 135 |
| 7.1 | Suimiú na gCostas..... | 135 |
| 7.2 | Foinsí Maoinithe..... | 135 |
| 7.3 | Costas Chur i bhFeidhm an Phlean..... | 136 |
| 7.4 | Buiséad Caipitil..... | 138 |
| 8. | Forbairt Feasachta agus Poiblíocht..... | 139 |
| 8.1 | Réamhrá..... | 139 |
| 8.2 | Poiblíocht..... | 139 |
| 9. | Feidhmiú agus Monatóireacht an Phlean..... | 141 |
| 9.1 | Ról na Ceanneagraíochta/an Choiste..... | 141 |
| 9.2 | Ról an OPT..... | 141 |
| 9.3 | An Mhonatóireacht..... | 142 |
| 10. | Foinsí..... | 143 |
| 11. | Aguisíní..... | 147 |
| 11.1 | Aguisín 1: General summary in English..... | 147 |
| 11.2 | Aguisín 2: Summary in English of the proposals made in Chapter 6.... | 149 |
| 11.3 | Aguisín 3: Na Ceistneoirí..... | 163 |
| 11.4 | Aguisín 4: Treorlínte Brandála..... | 185 |
| 11.5 | Aguisín 5: Na Critéir Pleanála Teanga..... | 186 |

Giorrúcháin

CPT – Comhairleoir Pleanála Teanga, an duine a fostaíodh le cuidiú le hullmhú an phlean seo

CPTBT – Coiste Pleanála Teanga an Bhruaigh Thoir, an coiste a stiúir ullmhú an phlean seo agus a stiúrfaidh a chur i bhfeidhm

Critéir PT – Na critéir pleanála teanga atá leagtha amach ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Tá na critéir seo le feiceáil in Aguisín 5 (rannóg 11.5) ag deireadh na cáipéise seo

LPT – Limistéar Pleanála Teanga, ceann de 26 limistéar a leagtar amach in *Acht na Gaeltachta, 2012* ina gcuirfí an phleanáil teanga i bhfeidhm

LPTOCHG – Limistéar Pleanála Teanga Oirthear Chathair na Gaillimhe, an ceantar lena mbaineann an phlean seo

OPT – Oifigeach Pleanála Teanga, an duine a cheapfar chun an phlean seo a chur i bhfeidhm

RCOG – An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Ráiteas ón gCathaoirleach

A chairde Gael,

Bail ó Dhia oraibh agus fáilte chuig an bhféile!

Dúirt an t-aisteoir agus an scríbhneoir cáiliúil Joe Steve Ó Neachtain liom nuair a tháinig sé thart sna bealaiseo ag stocaireacht do thoghchán tuairim is dhá scór bliain ó shin go bhfuair sé freagra i nGaeilge ag bunáite chuile theach a ndeachaigh sé isteach ann ó Ghaillimh go Mionloch. Ach d'imigh sin agus tháinig seo agus tá an Ghaeilge anois an-lag sa gceantar seo.

Le hiompú teanga cailítear níos mó ná teanga, cailítear súil eile. Mar a dúirt mo dheaide, “nuair a bheas an Ghaeilge imithe, beidh an nádúr imithe as na daoine, tá sé chomh maith dhuí a rá.”

Mar atá fhios ag duine ar bith a d'fhoghlaim teanga mar dhuine fásta, tá stró agus dua ag baint leis, ach don pháiste óg a fhaigheann í i ngan fhios dó fhéin, is scéal eile ar fad é. Níl 's aige go bhfuil sé ag tarlú. Nuair a chruaíonn an tslat is deacair í a shníomh ina gad, mar a deirtear. Mura dtugann muid don ghlúin óg í, beidh an ceangal briste agus beidh sé ionann is dodhéanta í a thabhairt ar ais.

Gan dabht tá bóithre agus córas leighis agus tithíocht lárnach i measc ár riachtanas maireachtála ach tá níos mó ná maoin an tsaoil ag teastáil ó chroí an duine. Is cuid d'fhéiniúlacht agus d'oidhreacht an cheantair seo í an Ghaeilge.

Tá a fhios againn nach dtabharfaidh plean teanga ar bith rudaí ar ais mar a bhí. Mar a dúirt an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh anuraidh, “Tá an phleanáil teanga chomh leathan sin ag aon phobal leochaileach nach bhfuil sé ceart go mbeifí ag brath ar phobal áitiúil ar bheagán airgid agus maoinithe le pobal iomlán a shábháil mar chroíphobal don teanga. Ní tharlóidh sé. Caithfear an stát a chur faoi bhrú arís.”

Tá bás na Gaeilge fógraithe leis na cianta agus bhí an ceart acu. Tá cois san uaigh anois aici. De réir na saineolaithe níl na deich mbliana fhéin fágtha aici mar phríomhtheanga phobail. Tá sé ráite nach dtuigeann daoine an baol ina mbíonn mionteanga go mbíonn sé ródheireanach. Tá muid lag lúbach, chomh lag le héan gé, ach tá muid beo fós. Leis an bplean seo tá muid ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne agus an oidhreacht atá againn a chothú agus a chaomhnú.

Is deis nua í seo agus tapóidh muid í. I dteannta a chéile is fearr muid, a deirtear. Dá laige muid tá seans againn nach raibh againn roimhe seo, agus áiseanna agus tuiscint ar fáil dhúinn nach raibh ann riamh cheana. Déanann muid go leor moltaí sa bplean seo chun na rudaí seo a chur chun cinn sa limistéar agus tá misneach againn go gcuirfidh siad le leas na teanga.

Mo bhuíochas leis an gcoiste – Cathal, Ruth, Tónaí, Seosamh, Lisa, Donncha agus do chuile dhuine eile a tháinig chuig na cruinnithe ó thús ama go dtí anois. Beidh fíorchaoín fáilte roimh éinne eile atá ag iarraidh a bheith páirteach sa gcoiste amach anseo.

Gabhaim buíochas leis an bpobal uilig a thacaigh linn agus muid ag ullmhú an phlean seo. Mo bhúiochas leis na scoileanna agus lucht na n-ionad pobail. Buíochas leis an lucht gnó. Tá muid buíoch den sagart paróiste, Mícheál Ó Rathalaigh, as ucht na foighne agus na tuisceana a 'spáin sé dhúinn.

Gabhann muid buíochas le hoibrithe Údarás na Gaeltachta agus go háirithe Bríd, Gráinne agus Hannah.

Agus faoi dheireadh gabhann muid buíochas leis an treoraí is fearr a d'fhéadfadh a bheith againn, an comhairleoir pleanála teanga Ben Ó Ceallaigh. Céard a dhéanfadh muid murach é? Bhí muid ar nós cipín ag imeacht le sruth ach rug sé greim láimhe orainn agus thug sé misneach agus ugach dhúinn. Níl a shárú le fáil. Go raibh milliún maith aige. Guim chuile rath ar a shaothar.

Padhraic Ó Fathaigh, Mionloch, Feabhra 2020.



Ráiteas Misin agus Príomhspríoc Choiste
Pleanála Teanga an Bhruaigh Thoir:

- i. Dearcadh, cumas agus iompar teanga an cheantair a fhorbairt agus a chothú
- ii. Líon na gcainteoirí Gaeilge sa gceantar a mhéadú 2% i gcaitheamh shaolré an phlean

1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

1.1 Réamhrá

Sa mbliain 2000 bunaidh Coimisiún na Gaeltachta chun breathnú ar staid na Gaeilge sa nGaeltacht agus “le moltaí a dhéanamh don rialtas maidir leis an nGaeilge a láidriú mar ghnáthurlabhra phobal na Gaeltachta” (Coimisiún na Gaeltachta, 2002: 5). I measc a chuid moltaí, mhol an coimisiún seo go ndéanfaí staidéar cuimsitheach chun staid na teanga a mheas go cruinn. Thug Aonad na Pleanála Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge faoin staidéar seo agus foilsíodh torthaí an taighde sin in 2007 mar *An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin et al., 2007).

Léiríodh sa taighde seo go raibh géarchéim theangeolaíoch sa nGaeltacht, agus chuile chosúlacht ar an scéal nach mbeadh an Ghaeilge in úsáid mar phríomhteanga an phobail fiú sna codanna is láidre den Ghaeltacht faoi cheann 15-20 bliain mura dtabharfaí faoi iarrachtaí athneartaithe uailmhianacha.

Mar fhreagra ar an bhfianaise dhúshlánach seo, foilsíodh *An Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010–2030* inar ghlac an rialtas le bailíocht na hanailise a tugadh sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch*. Dar leis an *Straitéis* go bhfuil sé de sprioc ag an stát “córas cuimsitheach pleanála teanga ag leibhéal an phobail sa Ghaeltacht” a fhorbairt mar dhlúthchuid dá iarrachtaí “chun a chinntiú go mairfidh an Ghaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht” (Rialtas na hÉireann, 2010: 19).

Léiríodh an treocht i dtreo an iompaithe teanga aríst i nDaonáireamh 2016. Sa nGaeltacht ina hiomláine bhí titim 11.2% i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais le sonrú ó bhí an daonáireamh deireanach ann in 2011. I Limistéar Pleanála Teanga Oirthear Chathair na Gaillimhe (“LPTOCG” feasta), an ceantar lena mbaineann an plean seo, bhí an titim i líon na gcainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais ní ba lú ná an meánráta san am seo, áfach: ó 230 cainteoir go 215, arb ionann é agus titim 6.5% (RCOG, 2018a).

1.2 Acht na Gaeltachta, 2012 agus Próiseas na Pleanála Teanga

Chun bonn reachtúil a chur faoi na mianta a bhí ag gabháil le *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030*, achtaíodh *Acht na Gaeltachta, 2012*. Leagadh amachsan acht seo an próiseas pleanála teanga agus roinneadh an Ghaeltacht oifigiúil ina 26 limistéar pleanála teanga (Rialtas na hÉireann, 2012). Áirítear LPTOCG ar cheann de na 26 limistéar seo. Chun a stádas mar chuid den Ghaeltacht oifigiúil a chinntiú, iarradh ar eagraíochtaí sna limistéir seo plean teanga a ullmhú a mbeadh sé de sprioc aige an Ghaeilge a neartú go háitiúil. Is é an sprioc atá leis na pleananna seo ná todhchaí na teanga sa nGaeltacht a dheimhniú do na glúnta atá amach romhainn agus dul i ngleic leis na dúshláin a léiríodh sa taighde a rinneadh go dtí seo agus sa daonáireamh is déanaí (Rialtas na hÉireann, 2012; RCOG, 2018b: 4). Is chuige seo a tugadh faoi ullmhú *Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Oirthear Chathair na Gaillimhe*. Má ghlactar leis an bplean seo, beidh tréimhse seacht mbliana ann dá

chur i bhfeidhm. Tá súil ag an gcoiste go gcuideoidh an plean seo go mór chun cur le húsáid, stádas agus feiceálacht na Gaeilge sa limistéar. Beidh sé ina chuid lárnach de chur i bhfeidhm an mhisin atá againn chun “dearcadh, cumas agus iompar teanga an cheantair a fhorbairt agus a chothú” agus “líon na gcainteoirí Gaeilge sa gceantar a mhéadú 2% i gcaitheamh shaolré an phlean”.



2. Sonraí na Ceanneagraíochta agus an Choiste

2.1 An Ceanneagraíocht

Murab ionann agus formhór na limistéar pleanála teanga eile sa tír, i LPTOCCG ní raibh eagraíocht réamhbhunaithe ann a bhí feiliúnach le feidhmiú mar cheanneagraíocht chun próiseas na pleanála teanga a stiúradh go háitiúil. Is dócha gur toradh é seo ar chónagaracht an LPT don bhaile mór, áit a bhfaigheann daonra an cheantair a gcuid seirbhísí de ghnáth, mar a phléitear i gcaibidil a trí. B'éigean, mar sin, coiste nua a bhunú le bheith ina cheanneagraíocht don phróiseas seo.

Bunaíodh an coiste seo i lár 2017, ag eascairt as cruinnithe poiblí a d'eagraigh Údarás na Gaeltachta sa gceantar. Reáchtáladh na cruinnithe seo trí Ghaeilge ach le seirbhís aistriúcháin do Bhéarlóirí. Tugadh cuireadh do chách a bheith páirteach i gcoiste nua a tháinig le chéile agus shocraigh an coiste seo ar "an Bruach Thoir" mar ainm, chun aird a dhíriú ar an oidhreacht Ghaeltachta a bhaineann leis an taobh thoir de Loch Coirib.

2.2 An Coiste Stiúrtha

Cé go bhfuil scaradh ann i limistéir pleanála teanga eile sa tír idir an cheanneagraíocht agus an coiste stiúrtha, mar a mholtar sna *Treoirlínte Pleanála Teanga* a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ("RCOG" feasta), ní mar sin a bhí sé in LPTOCCG. Is é an coiste deonach áitiúil a d'eascair as cruinnithe poiblí an Údaráis a chuir iarratas isteach chuig Údarás na Gaeltachta agus a ceapadh mar cheanneagraíocht don phleanáil teanga sa LPT. Ag teacht leis an gcur chuige atá in LPTanna eile cheana, moltar i mbeart 6.2.11 den phlean seo go mbunófaí comharchumann áitiúil le cuidiú le hobair an choiste seo agus le bonn níos buaine agus níos láidre a chur faoina gcuid oibre.

Chomh maith leis na cruinnithe poiblí úsáideadh na meáin shóisialta agus thraidisiúnta chun an scéal a scaipeadh faoin gcoiste nua seo agus chun daoine a mhealladh le bheith ina mbaill de.

Bhí seachtar ball rialta ag an gcoiste i gcaitheamh ullmhú an phlean seo, agus bhí daoine eile a ghlac páirt in obair an choiste ó am go chéile, nó a bhí páirteach san obair sin ar feadh tamaill ach a bhog amach as an gceantar ansin. Aithníonn an coiste an cúnamh luachmhar a thug na daoine seo don phróiseas agus gabhtar buíochas mór leofa. Tugtar ainmneacha bhaill an choiste a bhí ann i gcaitheamh an phróisis ar fad i dtábla 2.1 thíos.

Chun cuidiú leis an gcoiste an plean teanga seo a ullmhú, shocraigh siad go mbeadh Comhairleoir Pleanála Teanga (CPT) ag teastáil, mar a shocraigh limistéir pleanála teanga eile ar fud na tíre. Fógraíodh folúntas don phost seo ar líne i mí Iúil 2018 agus cuireadh agallaimh ar iarratasóirí i mí Mheán Fómhair. Ceapadh Ben Ó Ceallaigh mar chomhairleoir Pleanála Teanga don limistéar agus thosaigh sé ag obair leis an gcoiste ar bhonn páirtaimseartha i mí na Nollag 2018.

| Ainm | Ról |
|-----------------------|----------------------|
| Padhraic Ó Fathaigh | Cathaoirleach |
| Cathal Seoighe | Cisteoir |
| Ruth Ní Shiadhail | Rúnaí |
| Tónaí Ó Roduibh | Oifigeach Oideachais |
| Lisa Nic Dhoinnléibhe | Gnáthbhall |
| Seosamh Caomhánach | Gnáthbhall |
| Donncha Carey | Gnáthbhall |

Tábla 2.1: Baill an Choiste

3. Léargas ar an gCeantar

3.1 Réamhrá


Tá LPTOIG an-éagsúil ó fhormhór mór na limistéar pleanála teanga eile sa tír sa méid is go bhfuil an LPT ar fad taobh istigh de theorainneacha cathrach. Mar a fheicfear thíos, ciallaíonn sé seo nach ionann an ceantar agus "gnáth-LPT" ar chor ar bith, toisc go bhfuil go leor éagsúlachtaí ann ó thaobh daonra, topagrafaíochta agus stádas socheacnamaíoch de. Cé go bhfuil bunáite na Gaeltachta comhdhéanta de cheantair thuithe atá cois cósta, ní chloíonn an limistéar seo le haon chuid den phatrún sin. Bíodh is go bhfuil codanna de LPTOIG atá faoin tuath – go háirithe ceantair Mhionlaigh agus Ghort a' Chalaigh – tá an chuid is mó den LPT an-fhorbartha agus mar chuid de bhruachbhailte chathair na Gaillimhe. Tá idir bhuntáistí agus dúshláin ag baint leis seo i dtaobh chur chun cinn na Gaeilge, agus déanfar iarracht leis an bplean seo leas a bhaint as na buntáistí a thugann seo dúinn agus maolú a dhéanamh ar na dúshláin a chruthaíonn sé.

De réir na dtreoracha atá leagtha amach ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (RCOG, 2018b: 44-45) is é seo a leanas comhdhéanamh LPTOIG:

1. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhaile an Bhriotaigh i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Caisleán Gearr (cuid) agus An Pháirc Mhór.
2. An chuid sin de thoghroinn cheantair an Chaisleáin Ghearr i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Chaisleán Ghearr (cuid), Baile an Dúlaigh (cuid) agus Baile an Phoill (cuid).
3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Mhionlaigh i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Caisleán Gearr (cuid), Baile an Dúlaigh (cuid), Baile an Phoill (cuid), Cúil Each, Mionlach agus Tír Oileáin (cuid).
4. An chuid sin de thoghroinn cheantair San Niocláis i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: Tír Oileáin (cuid).

Tá teorainneacha an LPT le feiceáil in íomhá 3.1 ar an gcéad leathanach eile. Tá an LPT ar fad taobh istigh de theorainn oifigiúil na cathrach. Cé nach samhlaítear áiteacha ar imeall an LPT ar nós Gort a' Chalaigh mar chuid den chathair de ghnáth, feicfear nach bhfuil dabht ar bith ann ach go bhfuil cuid mhaith den LPT taobh istigh de chathair na Gaillimhe de réir mar a thuigtear i go coitianta.

3. Léargas ar an gCeantar



Íomhá 3.1 Limistéar Pleanála Teanga Oirthear Chathair na Gaillimhe (Foinse: <http://census.cso.ie/sapmap/>)

3.2 Daonra

De réir fhigiúirí Dhaonáireamh 2016 tá daonra 7,800 duine sa limistéar pleanála teanga seo – 3,726 fear agus 4,074 bean (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017: 1). Tháinig méadú beag 42 duine (0.5%) ar an daonra seo idir 2011 agus 2016 (IBTU, 2018: 14). Is ionann an 7,800 duine seo agus 7.8% de dhaonra na Gaeltachta ar fad. Fágann an dlús ard daoine seo go bhfuil an tríú daonra is airde de chuid limistéar pleanála teanga ar bith sa tír ag LPTOCC (IBTU, 2018: 13). Tá 15.4% de dhaonra Ghaeltachta na Gaillimhe ina gcónaí in oirthear chathair na Gaillimhe (IBTU, 2018: 15). Tá 2,804 teach cónaithe sa LPT seo (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017: 6).

Toisc go bhfuil an LPT seo buailte ar an gcathair tá comhdhéanamh aoise an phobail an-éagsúil ó go leor ceantair Ghaeltachta: is in i LPTOCC atá an céatadán is airde daoine in aois 0-24 as measc limistéar pleanála teanga ar bith i nGaeltacht na Gaillimhe – 38.1%. Is airde é sin, go deimhin, ná an meánráta i leith an stáit go léir (33.2%). Mar bharr air seo, tá céatadán níos ísle daoine in aois 65+ ag an LPT seo ná aon LPT eile sa tír – 8.4%. Tá sé seo píosa maith níos ísle ná an ráta don stát fré chéile – 13.4% (IBTU, 2018: 24).

Tá sé suntasach go maith freisin nach as Éirinn 19% den daonra (1,428 duine) sa LPT – céatadán atá i bhfad níos airde ná an meánráta i leith an stáit ar fad (11.4%), agus atá níos airde ná cathair na Gaillimhe í féin (18.2%), atá ar an gcomhairle áitiúil ina bhfuil an daonra is airde imirceach sa tír (IBTU, 2018: 30; Pollack, 2017). Sa LPT seo is iad Briotanaigh (424 duine) agus Polannaigh (457) an dá ghrúpa is mó as náisiúin eile.

3.3 Staid na Gaeilge sa limistéar

Ina shaothar ceannródaíoch ar chanúintí na Gaeilge, *The Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*, thuairiscigh an tOllamh Gearmánach Heinrich Wagner in 1958 go raibh Gaeilge fós ag tromlach na ndaoine i Mionloch, atá i gcroílár LPTOCC (Wagner, 1958: xvii). Bhain an ceantar seo cáil áirithe amach mar gheall ar an ábhar béaloidis agus an stair áitiúil a bailíodh nó a scríobhadh síos ann as Gaeilge le linn an 20ú haois, tráth a raibh leabhair cosúil le *Seanchas Thomáis Laighléis* agus *Scéalaí Tíre ó Ghaillimh* ag saothrú measa agus gradaim i saol na Gaeilge.

Ach tá athrú mór tagtha ar chúrsaí ó shin, ar ndóigh, agus tá an Ghaeilge anois an-lag sa LPT seo.

In 2007 léirigh an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* go raibh an ceantar seo i limistéar Gaeltachta “catagóir C”, is é sin le rá go raibh an Ghaeilge in úsáid go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais ag níos lú ná 44% den daonra (Ó Giollagáin et al., 2007). Is é catagóir C an cineál Gaeltachta is laige.

Dheimhnigh an *Nuashonrú* a rinneadh ar an staidéar seo in 2015 (Ó Giollagáin agus Charlton, 2015) an patrún duairc céanna. De réir thorthaí an taighde sin bhí ní ba lú ná 2.5% de dhaonra an LPT seo ina gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais – níl seo ach tuairim is pointe céatadánach amháin níos airde ná an meánráta náisiúnta. Go deimhin, i dtoghroinn Bhaile an Bhriotaigh, a bhfuil cuid di

3. Léargas ar an gCeantar

sa LPT, léirigh an Nuashonrú nár thuairiscigh an oiread is duine amháin go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais.

AGUISÍN 4.19 GAELTACHT OIRTHEAR CHATHAIR NA GAILLIMHE, FAISNÉIS NA gCAINTEOIRÍ LAETHÚLA GAEILGE, DAONÁIRIMH 2006, 2011, DE RÉIR NA LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA

Áirítear na toghranna ar fad sa Limistéar Pleanála Teanga seo i réimse faisnéise Chatagóir C.

| Toghrinn: Daonáirimh 2006, 2011 | % CL 2011 | % CL 3-18 bl. 2011 | % CL 19 mbl.+ 2011 | % CL 3-18 bl. (Ø Oid.) 2011 | % CL 2006 | % CL 3-18 bl. 2006 | % CL 19 mbl.+ 2006 | % CL 3-18 bl. (Ø Oid.) 2006 | Catagóir 2011 |
|----------------------------------|-----------|--------------------|--------------------|-----------------------------|-----------|--------------------|--------------------|-----------------------------|---------------|
| Gaillimh Toghlaigh Contae | | | | | | | | | |
| 2. Baile an Bhriota* | 17.0 | 0.0 | 18.6 | 0.0 | 28.3 | 54.5 | 21.4 | 0.0 | C |
| 4. An Caisleán Gearr* | 13.8 | 44.4 | 4.9 | 2.2 | 14.6 | 49.2 | 4.9 | 1.6 | C |
| 10. Mionlach | 12.0 | 44.2 | 5.6 | 2.0 | 11.2 | 42.8 | 4.8 | 3.0 | C |

AGUISÍN 4.19.1 GAELTACHT OIRTHEAR CHATHAIR NA GAILLIMHE, FAISNÉIS SCÉIM LABHAIRT NA GAEILGE 2005/6, 2010/11, DE RÉIR NA LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA

| Toghrinn: Torthaí SLG | SLG 2010/11 | SLG% 2010/11 | SLG 2005/6 | SLG% 2005/6 | Athrú%Pt. 2006-2010 | SLG% 2003/4 | Athrú%Pt. 2003-2010 | Catagóir |
|----------------------------------|-------------|--------------|------------|-------------|---------------------|-------------|---------------------|----------|
| Gaillimh Toghlaigh Contae | | | | | | | | |
| 2. Baile an Bhriota* | 0 | 0.0 | 0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | C |
| 4. An Caisleán Gearr* | 1 | 0.4 | 2 | 0.9 | -0.5 | 3.5 | -3.1 | C |
| 10. Mionlach | 3 | 0.9 | 3 | 0.8 | 0.1 | 0.2 | 0.6 | C |

Iomhá 3.2 Torthaí an Nuashonraithe ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (Ó Giollagáin agus Charlton, 2015: 215) mar a bhaineann siad le LPTOCC

De réir na bhfigiúirí i nDaonáireamh 2016 deir 43% (3,107 duine) de na daoine sa LPT gur féidir leo Gaeilge a labhairt, céatadán atá gar go maith don ráta náisiúnta 39.8%. Is ábhar mór buartha é, áfach, go ndúirt 57% de na daoine nach bhfuil siad in ann Gaeilge a labhairt – an freagra diúltach is airde ar an gceist seo in LPT ar bith sa tír. Ar an leibhéal náisiúnta, 60.2% a thug freagra diúltach ar an gceist sin (IBTU, 2018: 28).

I nDaonáireamh 2016 dúirt 2.86% den daonra (215 duine) go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais – bhí sé seo tite ó 3.1% in 2011 (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017; RCOG, 2018a). Is ionann seo agus an dara ráta is ísle cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais i LPT ar bith sa tír, beagán níos airde ná LPT an Eachréidh atá buailte ar an LPT seo (IBTU, 2018: 29). Go deimhin, tá seo fiú níos ísle ná ráta chathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte ina n-iomláine – 3% (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017).

Cuirtear i láthair i gcaibidil a cúig torthaí an taighde ar fad faoi staid na Gaeilge sa limistéar a rinneadh mar chuid d'ullmhú an phlean seo.

3.4 Tacaíochtaí/Áiseanna sa limistéar

Is é LPTOCC an t-aon LPT sa tír atá suite go hiomlán taobh istigh de theorainn oifigiúil chathrach. Mar gheall air seo tá sé an-eisceachtúil maidir leis na cineálacha seirbhísí, tacaíochtaí agus áiseanna atá ar fáil do mhuintir an LPT. Cé gur buntáiste é seo ar bhealach amháin, meastar gurb é an ghiorracht seo an fáth go bhfuil an Ghaeilge

chomh lag sin anois sa LPT i gcomórtas le codanna eile den Ghaeltacht atá níos iargúlta.

Toisc go bhfuil an LPT féin ar imeall na cathrach, feidhmíonn sé mar bhruachbhaile don bhaile mór agus níl an oiread sin áiseanna ná seirbhísí sa LPT féin. Níl aon chuid den limistéar níos faide ná ceithre mhíle ó lár na cathrach, áfach, mar sin níl mórán dua ag baint le bheith ag cuardach seirbhísí stáit nó tráchtála.

Tá clúdach maith idirlín ar fáil i ndáil le chuile chuid den LPT. Ar ndóigh léitear na nuachtáin áitiúla a bhaineann le cathair na Gaillimhe go fairsing sa LPT agus bíonn roinnt Gaeilge iontu. Tá na stáisiúin áitiúla raidió *Galway Bay FM* agus *Flirt FM* ar an bhfód le fada an lá ach ní bhíonn ach beagán Gaeilge le cloisteáil orthu faoi láthair.

Is rud neamhghnách eile é go bhfuil cathair na Gaillimhe í féin, a bhfuil LPTOIG mar chuid di, ina baile seirbhíse Gaeltachta agus ullmhaíodh plean teanga faoi leith di dá bharr sin i gcaitheamh 2018 agus 2019. Is cinnte go dtacóidh na hiarrachtaí sin leis an bplean seo d'oirthear na cathrach.

Tá bonneagar maith iompair sa LPT freisin, agus bóthar Áth Cinn (an N84) ag gearradh trína lár. Freastalaíonn busanna na cathrach ar roinnt mhaith den LPT freisin.

Is cúnaimh mór do LPTOIG é go bhfuil an eagraíocht Gaillimh le Gaeilge ag feidhmiú sa gcathair le blianta fada anuas, agus gur éirigh lena gcuid iarrachtaí stádas mar chathair dhátheangach a bhaint amach do Ghaillimh in 2016. Cuidíonn Gaillimh le Gaeilge go mór le feiceálacht na Gaeilge a mhéadú sa mbaile mór, agus áirítear ansin ar ndóigh áiteacha cosúil le Tesco ar bhóthar Áth Cinn agus Páirc Ghnó Thír Oileáin, atá sa LPT seo. Dá fheabhas í an obair a rinne Gaillimh le Gaeilge go dtí seo, táthar ag súil go dtiocfaidh fás agus forbairt ar fheiceálacht na Gaeilge de thairbhe mholtaí an phlean seo – moltar i mbeart 6.10.1 go mbeidh CPTBT ag obair in éindí le Gaillimh le Gaeilge leis seo a chinntiú.

Mar bharr ar go leor grúpaí pobail, cumainn agus eagraíochtaí eile tá an Taibhdhearc, amharclann náisiúnta na Gaeilge, sa mbaile mór freisin, agus tá Club Áras na nGael agus oifigí de chuid Chonradh na Gaeilge ann chomh maith. Tá sé suntasach freisin go bhfuil LPTOIG i bhfoisceacht deich míle de thairseach na Gaeltachta is mó daonra sa tír, Conamara, ar an taobh eile den bhaile mór.

3.5 Cúrsaí Oideachais

In áit ina bhfuil an Ghaeilge lag mar theanga phobail agus teanga theaghlaigh, tá tábhacht faoi leith leis an gcóras oideachais mar bhealach le cainteoirí Gaeilge a chothú. Ar an drochuair, níl an Gaeloideachas an-fhorbartha sa gceantar seo faoi láthair, rud a fhágann go mbeidh sé deacair fiú an méid iséal cainteoirí laethúla Gaeilge atá ann a choinneáil seasmhach sna blianta atá romhainn.

In 2016 d'fhoilsigh an Roinn Oideachas agus Scileanna an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022*. Is polasaí an-tábhachtach é seo ina ndéantar idirdhealú idir na riachtanais foghlama atá ag cainteoirí T1 (iad siúd arb í an Ghaeilge a gcéad theanga) agus cainteoirí T2 (daoine nach bhfuil an Ghaeilge acu mar theanga theaghlaigh). Tá an t-idirdhealú seo an-tábhachtach ó thaobh na gné

teangeolaíche, agus tugadh deis in 2016 agus 2017 do chuide scoil sa nGaeiltacht oifigiúil suim a léiriú sa bpolasaí nua seo chun tumoideachas a chur i bhfeidhm.

Cé go bhfuil trí bhunscoil sa limistéar, níor léirigh ach scoil amháin suim sa scéim seo, rud a fhágann go mbeidh an dá scoil eile ag teagasc trí Bhéarla go príomha. Is í Scoil Bhríde i Mionloch an scoil a léirigh suim sa bpolasaí nua seo agus a bheas ag teagasc go hiomlán trí Ghaeilge as seo amach dá bharr.

Tá sé naíonra sa limistéar seo, ach cé is moite de Bhóin Dé atá lonnaithe i scoil Bhríde i Mionloch, tá siad uilig ag teagasc trí Bhéarla.

Níl aon mheánscoil sa gceantar seo, agus téann déagóirí na háite isteach chuig meánscoileanna na cathrach chun a gcuid oideachais dara leibhéal a fháil. Téann cuid acu chuig meánscoil lán-Ghaeilge ansin, páistí le daoine a d'fhreastail ar chruinnithe de chuid CPTBT ina measc.

Is buntáiste é don LPT go bhfuil an roinn ollscoile Gaeilge is mó sa tír (mar atá roinn Gaeilge Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) gar don LPT, agus cuireann Roinn na Gaeilge agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge soláthar fairsing cúrsaí i nGaeilge agus trí Ghaeilge ar fáil go háitiúil. Go hoifigiúil is ollscoil dhátheangach í OÉG, agus áit agus tábhacht faoi leith ag an nGaeilge inti dá bharr.

Ó thaobh soláthar oideachais Gaeilge do dhaoine fásta de, cé nach bhfuil aon rud ar siúl taobh istigh den LPT, tá roinnt roghanna ar fáil sa mbaile mór – go háirithe na cúrsaí dioplóma a chuireann an tAcadamh ar siúl san ollscoil. Cuirtear cúrsaí céime agus iarchéime sa nGaeilge ar fáil san ollscoil chomh maith. Tá siad seo bunaithe ar *Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha, córas a dtugtar TEG ("Teastas Eorpach na Gaeilge")* air. Tá an córas seo aitheanta mar bhealach éifeachtach céimnithe chun líofacht na Gaeilge a bhaint amach, ach is míbhuntáiste é go bhfuil praghas ard ar na cúrsaí seo – phléitear beart chun an deacracht seo a laghdú i rannóg 6.6.6.

Cuireann Conradh na Gaeilge cúrsaí Gaeilge agus ciorcal comhrá ar siúl go rialta ina n-ionad ar Shráid Dominic sa mbaile mór, agus ó am go chéile bíonn ranganna eile ar fáil sa gcathair chomh maith.

Tá sé an-tábhachtach go ndéanfar forbairt ar earnáil an oideachais agus déantar moltaí ina leith sin i rannóga 6.3 agus 6.6.

3.6 Stádas socheacnamaíoch an cheantair

Murab ionann agus go leor den Ghaeltacht atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, tá scór 2.9 ag an LPT seo ar an innéacs míbhuntáiste, scór atá píosa maith níos airde ná an meán i leith an stáit – 0.6. (IBTU, 2018: 34). Gan dabht is buntáiste eile é seo atá ag an LPT de bharr a ghiorrachta don bhaile mór.

Tá neart fostaíochta ar fáil sa LPT seo – tá 11,738 post ann. I bhfianaise daonra iomlán 7,800 a bheith ann, is léir go dtagann go leor daoine isteach chuig an limistéar le haghaidh oibre. Is in earnáil na "déantúsaíochta, mianadóireachta agus

Cairéalachta, Leictreachais, Gáis, Uisce, Dramhaíola" atá an céatadán is airde de na poist seo (42.9% – 5,006 post) (IBTU, 2018: 119).

I measc na ndaoine sa LPT a bhfuil poist acu, bíonn 24.5% acu ag obair taobh istigh den LPT. Go deimhin, tá céatadán an-ard (56.2%) de na poist i nGaeltacht na Gaillimhe ar fad sa LPT seo, agus is ann atá 13.6% de na poist i gContae na Gaillimhe. Fágann 56.8% (2,242 duine) an LPT le dul ag obair. Oibríonn 40.3% (1,591 duine) in áit eile i gcathair na Gaillimhe. Ní fios cén áit a n-oibríonn an 18.2% eile den fhórsa oibre áitiúil (IBTU, 2018: 118).

Cosúil le cathair na Gaillimhe ar fad, tá ráta i bhfad Éireann níos airde de dhaoine a bhfuil cónaí orthu i lóistín atá ar cíos ó thiarna talún príobháideach acu sa LPT seo ná sa tír go ginearálta – 35.5% sa gcathair ar fad agus 37.6% sa LPT seo, i gcomórtas le 18.2% sa stát go léir.

Tá leibhéal maith oideachais ar mhuintir an LPT freisin. Níl ach LPT amháin sa tír (Bearna agus Cnoc na Cathrach – 4.4%) ina bhfuil céatadán níos lú daoine a deir nach bhfuil orthu ach oideachas bunscoile – tuairiscíonn 7.5% in LPTOIG gurb é sin an méid oideachais atá orthu, le hais 12.5% i leith an stáit go léir (IBTU, 2018: 35). Deir 40.6% (1,807 duine) go bhfuil oideachas tríú leibhéal orthu – is é 33.4% an meánráta sa stát (IBTU, 2018: 37).

Tá leathanbhanda ag 78.2% de na tithe sa LPT, méid atá níos airde ná an 70.7% atá mar mheán sa stát. Aríst, is é Bearna agus Cnoc na Cathrach an t-aon LPT sa tír ina bhfuil clúdach leathanbhanda níos airde ná seo (83.8%).

4. Ullmhú an Phlean

4.1 Réamhrá

Ionas go mbeadh rath ar phlean teanga ar bith ní mór go mbeadh tacaíocht an phobail taobh thiar de (Dauenhauer agus Dauenhauer, 1999; Kaplan agus Baldauf, 1997). Dá bharr seo, tugadh faoi ullmhú an phlean seo le go mbeadh pobal an LPT ar an eolas faoin obair pleanála teanga. Tugadh gach aitheantas don dea-chleachtas de réir mar a aithnítear é sa litríocht idirnáisiúnta i réimse na sochtheangeolaíochta, chomh maith leis na Treoirínte Pleanála Teanga a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta i gcomhar le húdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge. Mar a mhínítear i rannóg 4.2 thíos, cuireadh iarracht mhór isteach in ullmhú agus scaipeadh ábhar poiblíochta mar chuid d'fheachtas feasachta comhordaithe ar an bhfad is a bhí an phlean seo á chur i dtoll a chéile.

Mínítear i rannóg 4.3 thíos an taighde a rinneadh chun léargas cruinn a fháil ar staid na Gaeilge sa limistéar. Is cuid riachtanach d'aon iarracht pleanála teanga é an taighde seo ar staid reatha na sprioctheanga (Ní Dhúda, 2014: 18-27) agus bunaítear na bearta agus na moltaí a dhéantar sa bplean seo i gcaibidil a sé ar thorthaí an taighde seo.

4.2 Feachtas feasachta

Mar a deirtear thuas, tuigeadh don choiste agus don CPT go mbeadh ardú feasachta ina chuid riachtanach den phróiseas seo, agus mar sin úsáideadh go leor bealaí éagsúla chun an pobal a chur ar an eolas go raibh an phlean seo á chur le chéile agus ar na himpleachtaí a bhí aige don teanga.

4.2.1 Oícheanta eolais

Le tús a chur leis an bpróiseas sa limistéar, eagraíodh oíche eolais faoin bpleanáil teanga in Óstán Pháirc Mhionlaigh ar an 24 Aibreán 2017. Bhí rath mór ar an ócáid seo, ag a raibh tuairim is 60 duine i láthair. Bhí comhairleoirí contae agus polaiteoirí áitiúla eile i láthair lena dtacaíocht don phróiseas a léiriú chomh maith.

Labhair ionadaithe de chuid Údarás na Gaeltachta agus RCOG leis an slua agus miníodh a raibh i gceist leis an bpróiseas seo. Ag eascairt as seo cuireadh coiste le chéile agus thosaigh siad ag teacht le chéile go rialta agus ag obair ar na chéad chéimeanna d'ullmhú an phlean seo. Shocraigh an coiste seo ar "an Bruach Thoir" mar ainm don choiste agus tosaíodh ar an obair á dhaingniú seo mar "bhranda" an LPT.

Ár dteanga, ár bpobal, ár ndeis... tá ról agatsa

The Irish language
You have a part to play in its future

Bi páirteach i bPlean Teanga a ullmhú do do cheantar
Have your say in the preparation of a Language Plan for your area

Cruinnithe Poiblí Public Meetings

| | | |
|---|--|---|
| Oirthear Chathair na Gaillimhe (Meath/Castlegar area) | Ostán Hento Park Hotel, Dú Luan Mon 24 Aibreán/April @ 8pm | Cúirt na n-Éireann An t-Éireann / Ireland |
| An tEaschúil (Anaspóirn/Carrigrohilly/Comerron) | Ostán Claregalway Hotel, Dú Mairt Tue 25 Aibreán/April @ 8pm | Ullmhú an Phlean Language Plan |
| Tosnaí & Cnoc na Gaillimhe (Beamh/Toadnacra area) | Ostán Cluhan Hotel, Dúardaoin Thu 27 Aibreán/April @ 8pm | Ullmhú an Phlean Language Plan |

Údarás na Gaeltachta

Céard atá ag tarlú?
Beidh Plean Teanga don Chaeftic a ullmhú agus a bheith ina 3 Limistéir Pleanála Teanga timpeall Chathair na Gaillimhe. Tá si mar aghaidh ag an bPlean Teanga go dtéann sí a h-ádh a thabhairt leis an nCaeltic a threisiú.

Cén Fáil?
Tá an Chaeftic mar chuid lárnach de Chultúr na hÉireann agus na Gaeltachta. Tá bealach a seo chun a threisiú. Tá beidh Beidh buntáistí go leor ar seo, de réir na fiontacha agus bunairí eacnamaíochta ina measc.

Céard is féidir leatsa a dhéanamh?
Tagar cúlraíocht dúit freastal ar Chruinnithe Poiblí i do cheantar agus a bheith páirteach sa bPlean Teanga seo.

Cé na chéir a bheith i láthair?
Tá ag ádh féilín mar dhuine sonar agus ag an bPobal trí Ollmhu, trí aghaidh chun pobal agus spóir, gnóthaí ársa agus scoilteanna agus arís.

The future of the Irish language in Galway depends on all of us working together to ensure that the Irish language is passed on to the next generation

What's the Plan?
There is a new initiative for the Gaeltacht and the Irish language. A Language Plan will be prepared which will set out a range of initiatives and measures that will promote, support and increase the use of Irish in everyday life.

Who should attend?
We all have a role to play in this initiative to revitalise the Irish language in your community.

Who should attend?
We all have a role to play in this initiative. Individuals, community groups and organisations, local businesses, schools and preschool services as well as youth organisations.

The language
The plan
The plan
The plan

LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA / LANGUAGE PLANNING AREAS

Ceisteanna / FAQs

Cad atá i gceist leis an bPlean Teanga?
Tá si mar aghaidh ag an bPlean Teanga chun do cheantar a bheith níos fearr leis an nCaeltic mar theanga pobal agus mar theanga oifigiúil. Tá si mar aghaidh ag an bPlean Teanga chun do cheantar a bheith níos fearr leis an nCaeltic mar theanga pobal agus mar theanga oifigiúil. Tá si mar aghaidh ag an bPlean Teanga chun do cheantar a bheith níos fearr leis an nCaeltic mar theanga pobal agus mar theanga oifigiúil.

What is the Language Planning Process?
The Language Planning Process aims to support and revitalize the Irish language as the principal community language of the Gaeltacht. Communities in Gaeltacht areas and in adjacent towns and cities have the opportunity to play a central role in cultivating the Irish language at all levels in the community by having a voice in preparing a Language Plan for their area.

f Tuilleadh Fáilín / More Information
info@ulmhuanphleana.ie | 091 501300

Cad is Limistéir Pleanála Teanga ann?
Tagar cúlraíocht dúit freastal ar Chruinnithe Poiblí i do cheantar agus a bheith páirteach sa bPlean Teanga seo.

What is a Language Planning Area?
The Language Planning Process is set out under the Gaeltacht Act 2012 and is part of the 20-year strategy for the Irish language 2012-2032. Under the Act, the Gaeltacht will be re-designated as 26 Gaeltacht Language Planning Areas providing that Language Plans have been approved by the communities in the various areas. The Gaeltacht will now be based on linguistic criteria rather than geographic boundaries.

What's a Language Plan?
The purpose of a Language Plan is to set out initiatives that will strengthen the level of Irish language usage in the home, the workplace, in education and in social, business and public structures, with the support of Galway City Gaeltacht, a selected Local Organisation will have a period of up to 2 years to prepare a language plan. The Local Organisation will have 2 years to implement the language plan, working in partnership with relevant stakeholders.

What's the story in Galway?
Galway City Gaeltacht has 10 Language Planning Areas, three of which are located in the surrounding areas of Galway city. Work is already in hand to prepare a Language Plan for Galway City which is designated as a Gaeltacht. Language Plan Language Plans are currently being prepared in the other 7 Language Planning Areas in the Gaeltacht.

| Limistéir Pleanála Teanga | Catalóir Limistéir Ceilte |
|---------------------------------------|---------------------------|
| Language Planning Area | Daily Speakers of Irish |
| Oirthear Chathair na Gaillimhe | 2006 4,011 16,211 |
| Beamaí & Cnoc na Gaillimhe | 2,116 2,444 23,298 |
| An tEaschúil | 1,258 1,499 20,206 |

Iomhá 4.2.1 An bróisiúr poiblíochta don chéad oíche eolais

I mí na Bealtaine 2018, tamall sular fostaíodh an CPT, bhí seoladh oifigiúil ag an gcoiste seo in Óstán Pháirc Mhionlaigh. D'éirigh go geal leis an ócáid, ag a raibh suas le 50 duine i láthair. Cuireadh sólaistí ar fáil, labhair baill an choiste faoin obair a bhí ar siúl acu, tugadh caint ghearr faoi chanúint Ghaeilge na háite agus rinne ionadaí ó Údarás na Gaeltachta cur i láthair faoi phróiseas na pleanála teanga. Ina dhiaidh seo uilig bhí ceol traidisiúnta ann agus scéalta ó chúpla sár-sheanchaí. Bhí polaiteoirí éagsúla i láthair, an tAire Stáit a bhí i bhfeighil ar pholasáí Gaeltachta ag an am ina measc. Tugadh cuireadh oscailte do dhaoine ar suim leo an teanga a bheith páirteach in obair an choiste agus fritheadh cúpla ball nua ina dhiaidh.

CUIREADH

Seoladh:
An Bruach Thoir
DÉ DOMHNAIGH 27Ú BEALTAINNE
AG 8:00 I.N.
IN
ÓSTÁN PHÁIRC MHIONLAIGH

Beidh Joe Connolly agus aionna speisialta eile ann, chomh maith le roinnt ceoil, sólaistí agus craic!

Bíg Linn!
Cuardaigh 'An Bruach Thoir' ar Facebook

Limistéir Pleanála Oirthear Chathair na Gaillimhe

Iomhá 4.2.2 Cuireadh chuig seoladh poiblí an choiste i mí na Bealtaine 2018

4.2.2 Brandáil

Go luath sa bpróiseas shocraigh an coiste dearthóir grafach proifisiúnta a cheapadh chun lógó a dhearadh a bheadh ina iomhá so-aitheanta don phleanáil teanga sa LPT agus a d'úsáidí ar an ábhar poiblíochta go léir. Ceapadh *Standard Printers*, atá lonnaithe ar imeall an LPT, chun an lógó seo a dhearadh. Tairgeadh cúpla rogha dhifriúil don choiste, agus sa deireadh shocraigh siad ar an gceann atá le feiceáil in iomhá 4.2.2 thíos.

Baineadh úsáid as an lógó seo mar bhunús do go leor ábhar poiblíochta eile a úsáideadh chun feachtas ar obair an choiste a ardú.



Íomhá 4.2.3 An lógó a dhear Standard Printers do choiste an Bhruaigh Thoir

4.2.3 Bileoga Eolais

Go luath i ndiaidh a cheapacháin, dhear an CPT bileog eolais A5 faoin bpróiseas. Dearadh í ag teacht le stíl agus dathanna an lógó chun léargas beacht ar an bpróiseas a thabhairt do mhuintir na háite. Socraíodh go dtabharfaí amach í in éindí leis an gceistneoir pobail nuair a bhí sin á dháileadh ar shampla randamach de thithe an limistéir (féach 4.3.2.2 thíos).

Priontáladh breis is 1,500 cóip de na bileoga eolais seo. Chomh maith leis na timirí a bheith á dtabhairt amach do lucht freagartha na gceistneoirí, scaipeadh iad i ngnólachtaí agus i bhfoirgnimh phoiblí ar fud an limistéir.



Íomhá 4.2.4 An bhileog eolais

4.2.4 Ábhar poiblíochta eile

Chomh maith leis na rudaí thuasluaite, baineadh úsáid as brandáil an choiste chun ábhar poiblíochta eile a dhearadh.

Rinne baill an choiste “preabchomhartha” le húsáid ag cruinnithe poiblí agus in íomhánna poiblíochta a cuireadh chuig na meáin chumarsáide.

Dhear an CPT póstaeir phoiblíochta chomh maith le comharthaí bóithre (atá le feiceáil in íomhá 4.3.1 i rannóg 4.3.2.2 thíos) a cuireadh in airde ar fud an limistéir nuair a bhí an suirbhé pobail ar siúl.

4.2.5 Na Meáin Chumarsáide

Tapaidh chuide dheis chun clúdach ar an bpróiseas a fháil sna meáin chumarsáide mar chuid den fheachtas ardú feasachta. Clúdaíodh obair an choiste sna meáin áitiúla agus náisiúnta go minic le linn an phróisis – ar *Irish Aniar* ar Raidió na Gaeltachta, ar *Galway Bay FM* agus sna nuachtáin áitiúla – an *Galway Advertiser* ach go háirithe. Rinneadh iarracht faoi leith clúdach a fháil as Béarla chomh maith leis an ábhar a bhí sna meáin Ghaeilge, mar tuigeadh don choiste ón tús cé chomh tábhachtach is a bhí sé pobal mór na mBéarlóirí atá ina gcónaí sa LPT seo a spreagadh i leith an phróisis seo.

Nuair a bhí comhairliúchán poiblí ar siúl faoin dréacht den phlean i mí Feabhra 2020 chlédaigh go leor de na meáin chumarsáide an scéal, mar atá stáisiún raidió éagsúla agus na meáin chlóite. Pléitear an chéim seo den obair in 4.2.8 thíos.

Foilsíodh nuacht agus scéala faoin bpróiseas i nuachtlitreacha eaglaise na séipéal éagsúil sa LPT freisin.



Íomhá 4.2.5 An preabchomhartha in úsáid ag ócáid phoiblí

Suirbhé teanga oirthear na cathrach

Tá suirbhé faoi úsáid na Gaeilge in oirthear chathair na Gaillimhe ar siúl faoi láthair, eagraithe ag coiste pleanála teanga an Bhruaigh Thoir. Tá an suirbhé ar siúl mar chuid d'iarracht chun plean teanga a ullmhú don chuid sin d'oirthear chathair na Gaillimhe a bhfuil stádas Gaeltachta aici. Tá timirí ag scaipeadh ceisteora ar shampla ionadaíoch de thithe ar an gCaisleán Gearr, Baile an Dúlaigh, Baile an Phoill. Cúil Each, Mionloch, chomh maith le codanna de Thír Oileáin agus den Pháirc Mhór.

Dúirt cathaoirleach an choiste, Pádraic Ó Fathaigh “faoi Acht na Gaeltachta 2012 caithfidh chuide cheantar sa nGaeltacht oifigiúil plean teanga a ullmhú chun an Ghaeilge a láidriú go háitiúil. Sula mbeid muid in ann moltaí a dhéanamh, áfach, ní mór tuiscint mballh a bheith againn ar staid reatha na Gaeilge sa pobal – líon na ndaoine a bhfuil an teanga acu, cé

chomh minic is a labhraíonn siad i, céard a chabhróidh leo chun í a úsáid níos minice, srl. Sin an fáth go bhfuil muid ag tabhairt faoin taighde seo ach gur mian linn tuairimí an phobail faoin ábhar a chlosteáil”.

Lean sé leis le rá “cé nach bhfuil an Ghaeilge chomh láidir anseo is a bhí sí nuair a bhí mise ag fás aníos, tabharfaidh an plean seo agus an maoiniú a bheas ar fáil ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta dá chur i bhfeidhm deis luachmhar dúinn chun í a athneartú sa cheantar agus le cinntiú go mbeid sí fós á labhairt sna blianta atá romhainn”.

Déanfar taighde i scoilleana áitiúla, agus le gnóilachtaí agus grúpaí pobail chomh maith. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcoiste ar bruchthoir@gmail.com nó ar a suíomh idirlín www.bruchthoir.ie

Tá tuilleadh eolais le fáil ó Phádraic Ó Fathaigh, 087 678 5534 agus Ben Ó Ceallaigh, 00 44 7510 84470.

Public meetings to revive Irish language

Steps are currently being undertaken to begin the development and implementation of an Irish Language Plan in the areas surrounding Galway city.

The Irish Language Plan aims to provide a range of initiatives to promote, support and increase the use of Irish in the home, the community, in education and in social, business and public structures in each specific Language Planning Area.

This work is central to the language planning process that is taking place currently in the Gaeltacht, and aims to revitalise, support, and strengthen the Irish language in those areas.

Communities in Gaeltacht areas and in adjacent towns and cities have the opportunity to play a role in cultivating the Irish Language by having a voice in preparing a language plan for their area. The language planning process is set out under the Gaeltacht Act 2012 and is part of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030.

Galway County has 10 language planning areas, three of which are located in the surrounding areas of Galway city. Work is already underway to prepare a language plan for the city, which is designated as a Gaeltacht service town. Language plans are currently being prepared in the other seven language planning areas in the Galway Gaeltacht.

Údarás na Gaeltachta in conjunction with the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural, and Gaeltacht Affairs is organising three public meetings in the Language Planning Areas (LPA) surrounding Galway city. A simultaneous translation service will be provided during the meetings.

These meetings take place at: Merril Park Hotel, Monday, 24 April at 8:00 pm for LPA of East Galway/Oirthear Chathair na Gaillimhe; Castlegar, Parkmore, Ballinacorney, Ballinacorney, Menlo, Coolagh, and Ferryland; Claregalway Hotel, Tuesday, 25 April

Knocknacarra (Uelarna, Corscullen, Oranhill, Tomabrocky, Knocknacarra).

Further information visit www.galway.gov.ie (email colias@galway.gov.ie or call 091 503100).

Galway Dentists

Dr Ellis O'Hagan B.D.S. (QUB)
Dr Michael Donnelly B.Dent.Sc (TCD)

NEW PATIENTS OFFER
DENTAL CHECK-UP EXAMINATION,
TREATMENT PLAN + SCALE AND POLISH

€57
TEETH WHITENING
€250

Book your appointment today on
091 58 22 22
www.galwaydentists.ie

6 Fr Griffin Ave
The Crescent, Galway City


• Saturday and Late Evening appointments
• White fillings, Teeth Whitening,
& Implants

Íomhá 4.2.6 Cuid de na scéalta faoin bpróiseas a foilsíodh sna nuachtáin

4.2.6 An tIdirlíon agus na meáin shóisialta

Toisc go bhfuil an oiread sin tábhacht leis an idirlíon agus na meáin shóisialta sa lá atá inniu ann, chruthaigh baill den choiste cuntas Facebook go luath i ndiaidh bhunú an choiste. Úsáideadh seo chun fógraíocht a dhéanamh ar ócáidí poiblí, chun nuacht a scaipeadh agus chun próifíl an choiste a ardú go háitiúil. Cuireadh scéala nua leis go rialta.

Chruthaigh ball coiste suíomh idirlín don phróiseas ag tús mhí na Samhna in 2017 ag www.bruachthoir.ie agus scríobh an CPT ábhar le cur air seo ar bhonn rialta. Feidhmíonn an suíomh dátheangach seo mar lárphointe eolais faoin bpróiseas pleanála teanga sa gceantar. Úsáideadh é chun an t-eolas is déanaí faoin obair a scaipeadh, chun scéalta ó na meáin chumarsáide a roinnt, chun fiseáin shuimiúla faoin athneartú teanga a dháileadh agus chun sonraí teagmhála an choiste a chur ar fáil. Luadh seoladh an tsuímh seo agus sonraí teagmhála eile ar an mbileog eolais, ar phóstaer agus comharthaí agus ábhar poiblíochta eile.



Íomhá 4.2.7 www.bruachthoir.ie

Moltar go ndéanfar tuilleadh forbartha ar an suíomh seo le linn chur i bhfeidhm an phlean seo (féach 6.2.6 agus 6.6.4, mar shampla).

4.2.7 Comhairliúchán ar an dréachtphlean
Nuair a bhí an phlean beagnach ullamh cuireadh dréacht de na bearta a bhí leagtha amach ag an CPT agus ag an gcoiste ar fáil go poiblí ar www.bruachthoir.ie agus roinneadh ar na meáin shóisialta é. Cuireadh ar fáil i nGaeilge é le hachóimre i mBéarla, mar atá le feiceáil sa bplean seo. Eagraíodh cruinnithe comhairliúcháin chun poiblíocht a dhéanamh ar an dréacht seo agus chun moltaí a fháil ina leith i mí Feabhra 2020.

Rinneadh neart poiblíochta ar an dréachtphlean agus na cruinnithe seo sna meáin chumarsáide thraidisiúnta – sna páipéir nuachtáin áitiúla, ar *Galway Bay FM* agus Raidió na Gaeltachta chomh maith.

Eagraíodh cruinnithe san Áras Pobail i Mionloch ar an 3ú Feabhra agus in Ionad Pobail Bhaile an Phoill agus an Chaisleáin Ghearr ar an 4ú Feabhra 2020. Reáchtáladh na cruinnithe seo go dátheangach. Rinne an CPT cur i láthair faoi chúla an phróisis agus an obair a bhain leis agus míníodh na dréachtbhearta.

Bhí tinreamh maith ar na cruinnithe seo agus cuireadh aon moltaí a fritheadh i bhfeidhm ar an leagan den phlean a cuireadh faoi bhráid Údarás na Gaeltachta i mí Feabhra 2020.

4.3 Céim an Taighde

Mar a mhíníonn Ní Dhúda (2014: 20-30), tá taighde ar an staid reatha ina chuid riachtanach den phleanáil teanga, agus tá sé ina chuid lárnach de na treoracha a leag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta amach don phróiseas seo (RCOG, 2018b). Ag teacht leis seo, tugadh faoi thogra taighde a bhí chomh cuimsitheach agus ab fhéidir taobh istigh de na laincisí ama agus na hacmhainní a bhí ar fáil do CPTBT. Úsáideadh an taighde chun cumas agus úsáid teanga an phobail a mheas, chomh maith lena mianta i leith na Gaeilge a thomhas. Baineadh úsáid as “modhanna measctha” don taighde seo – idir cheistneoirí agus chruinnithe poiblí/ghrúpaí fócais agus agallaimh chun tuiscint chruinn a fháil ar na réimsí tábhachtacha seo. Mínítear thíos an bealach a thug an coiste agus an CPT faoin taighde seo agus léirítear torthaí an taighde i gcaibidil a cúig.

Ba é an CPT a stiúir agus a dhear an taighde seo, ach fuair sé lántacaíocht ón gcoiste agus ó na timirí áitiúla chun an obair seo a chur i gcrích.

CRUINNÍÚ POIBLÍ

faoin bplean teanga

Tá dréacht de mholtaí Phlean Teanga Oirthear Chathair na Gaillimhe ar fáil anois ar www.bruachthoir.ie

Beidh cruinnithe poiblí dátheangacha faoin dréachtphlean ar siúl in

• **Áras Pobail Mhionlaigh Dé Luain**
3/2/20 @ 19.00

• **Ionad Pobail Bhaile an Phoill Dé Máirt**
4/2/20 @ 19.00

Seo í do dheis le moltaí a dhéanamh ar an bplean sula gcuirtear ag na húdaráis!

Tuilleadh eolais:
www.bruachthoir.ie
bruachthoir@gmail.com
087 678 5534 (Padhraic)



Íomhá 4.2.8 An leagan Gaeilge den phóstaer do na cruinnithe comhairliúcháin poiblí

4.3.1 Taighde Tánaisteach

Tá cás na Gaeilge eisceachtúil ar go leor bealaí i gcomórtas le mionteangacha eile a bhfuil pobail urlabhra den mhéid céanna acu agus is é ceann de na príomhéagsúlachtaí atá ann go bhfuil fuilleach taighde sochtheangeolaíochta ann a rinneadh ar an nGaeilge cheana. Baineadh úsáid as cuid den taighde seo chun tuiscint a fháil ar stádas na Gaeilge sa LPT ag tús an phróisis, sular tosaíodh ar an taighde príomha.

Tá tábhacht faoi leith, ar ndóigh, ag baint leis an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin et al., 2007) agus an *Nuashonrú* air sin a tháinig amach in 2015 (Ó Giollagáin agus Charlton, 2015). Thug na cáipéisí seo dúshraith mhaith don phleanáil teanga sa LPT leis an miondealú a dhéantar iontu ar stádas na teanga sna codanna éagsúla den limistéar. Baineadh úsáid iontu as torthaí na ndaonáireamh ó 2002, 2006 agus 2011 chomh maith le heolas ar dháileadh na ndeontas faoi *Scéim Labhairt na Gaeilge* (ar cuireadh deireadh léi in 2011) chun tuiscint a fháil ar láidreacht na Gaeilge mar theanga a teaghlaigh sa LPT.

Chun tuiscint a fháil ar na figiúirí is déanaí ó Dhaonáireamh 2016 bhain an CPT an-úsáid as na SAPMAPs ("Small Area Population Maps") a chruthaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017) agus as an Amharcóir pleanála teanga a chuir RCOG ar fáil ar líne mar áis do choistí pleanála teanga agus taighdeoirí eile (RCOG, 2018a).

4.3.2 Taighde Príomha

Cé go mbíodh deighilt dhaingean ann sna heolaíochtaí sóisialta idir modhanna taighde cainníochtúla agus cáilíochtúla, moltar sa lá atá inniu ann an dá chineál taighde seo a úsáid i dteannta a chéile am ar bith is féidir (Creswell, 2013; Hult agus Johnson, 2015). Chloígh an taighde don phlean teanga leis an moladh seo. Eagraíodh grúpaí fócais, cruinnithe agus agallaimh le spriocghrúpaí agus daoine faoi leith i gceantair dhifriúla sa limistéar. Chomh maith leis an obair chailíochtúil seo, rinneadh suirbhé pobail ina bhfuair sampla ionadaíoch, randamach de thithe an cheantair ceistneoir le freagairt. D'fhreagair daltaí i rang a cúig is rang a sé i mbunscoileanna an limistéir suirbhé faoi leith do dhaoine óga. Is léir go bhfuil tábhacht faoi leith le tuairimí an aosa óig ó tharla gurb iadsan todhchaí na teanga agus na háite trí chéile. Toisc nach bhfuil aon mheánscoil sa LPT ní raibh aon bhealach ag an gcoiste le teacht ar dhéagóirí na háite in aon láthair amháin chun ceistneoir a dháileadh orthusan, mar sin socraíodh gurbh fhearr grúpaí fócais a eagrú chun tuairimí an spriocghrúpa sin a fháil (féach 4.3.2.4 thíos).

4.3.2.1 Dearadh na gCeistneoirí

Cosúil le go leor LPTanna eile sa tír, bhunaigh CPTBT a gceistneoir pobail ar an "Ceistneoir Comónta" a dhear Údarás na Gaeltachta in éindí le Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt. Toisc gur úsáid roinnt mhaith LPTanna eile ceistneoir an-chosúil leis an gceann seo táthar ag súil go mbeidh féidearthachtaí tábhachtacha ann chun comparáid a dhéanamh idir LPTanna éagsúla amach anseo agus monatóireacht á

dhéanamh ar phróiseas na pleanála teanga ag an leibhéal náisiúnta. Phlé an CPT an ceistneoir seo leis an gcoiste agus rinneadh roinnt athruithe air lena chur in oiriúint don cheantar seo. Rinneadh piolótú air sular cuireadh i gcló é le cinntiú go raibh sé soiléir sothuigthe.

Bhí an ceistneoir scoile bunaithe ar cheann a rinne Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt ar dtús agus a úsáideadh in LPTanna eile ó thuaidh freisin, ach le roinnt athruithe a mhol baill an choiste. Toisc go bhfuil triúir múinteoirí scoile mar aon le hollamh ollscoile ar an gcoiste bhí tuairimí go leor acu faoi chúrsaí oideachais agus cuireadh iad seo san áireamh agus an ceistneoir scoile á chur le chéile.

Ba mhór an cúnaimh é don choiste agus don CPT na ceistneoirí ó LPTanna eile a bheith ar fáil agus gabhann CPTBT buíochas le húdarás na Gaeltachta agus leis na LPTanna eile as ucht iad a chur ar fáil dúinn.

Tá na ceistneoirí seo le feiceáil in Aguisín 3, rannóg 11.3.

4.3.2.2 Scaipeadh agus Bailiú na gCeistneoirí

Toisc go bhfuil daonra ard 7,800 sa LPT seo agus 2,804 teach ann, measadh nach mbeadh sé indéanta i dtréimhse ama an tionscadail seo ceistneoir a chur chuig chuile theach sa limistéar. Ag teacht leis an moladh taighde i leith na trí LPT ar imeall chathair na Gaillimhe a chuir Údarás na Gaeltachta ar fáil ag tús an phróisis, socraíodh mar sin ceistneoirí a dháileadh ar shampla ionadaíoch daoine. Toisc nach raibh fáil ar liosta de chuile dhuine fásta sa LPT mar a d'úsáidfí dá bhféadfaí é, roghnaíodh seolta go randamach ó Chlár na dToghthóirí agus líon duine amháin ó na tithe sin isteach an ceistneoir. Scaipeadh ceistneoirí sa gcaoi is go mbeadh an céatadán freagraí ó gach toghroinn sa LPT ag teacht leis an gcéatadán de dhaonra iomlán an LPT a bhfuil cónaí orthu sna toghranna éagsúla, de réir mar a mhol Údarás na Gaeltachta ag tús an phróisis.

Cé nach bhfuil an cur chuige seo 100% randamach, toisc nár fritheadh ach tuairimí duine amháin as gach teach, toisc nach bhfuil chuile theach ná chuile dhuine liostáilte ar Chlár na dToghthóirí agus toisc go bhfuil roinnt seolta liostáilte níos mó ná uair amháin, bhí sé chomh heolaíoch agus randamach agus a d'fhéadfaí a bheith leis na hacmhainní a bhí ar fáil don tionscadal seo.

Earcaíodh timirí chun na ceistneoirí seo a scaipeadh. Bhí idir bhaill an choiste agus daoine áitiúla eile nach raibh ar an gcoiste ach a bhí toilteanach cuidiú leis an obair seo ina dtimirí. Chuir ionadaí ó Údarás na Gaeltachta oiliúint ar na timirí seo. Míníodh an cur chuige a bhí in úsáid, cúrsaí eitice, rúndachta agus eile daofa. Tugadh faoin timireacht le linn an tsamhraidh agus an fhómhair in 2019.

Bhailigh na timirí 363 ceistneoir, méid arb ionann é agus a raibh ag teastáil le cinntiú go mbeadh na torthaí ionadaíoch ar an LPT ar fad.

Líonadh isteach na ceistneoirí seo ar pháipéar agus tar éis iad a bhailiú rinne an CPT digitiú orthu. Cuireadh na freagraí isteach ar chuntas an choiste ar www.surveymonkey.com chun anailís a dhéanamh orthu.

Crochadh na póstaer phoiblíochta agus na comharthaí bóthair atá le feiceáil in íomhá 4.3.1 ar fud an limistéir le linn na tréimhse ina raibh na timirí ag scaipeadh na gceistneoirí. Bealaí éifeachtacha a bhí iontu seo chun an pobal a chur ar an eolas faoin bpróiseas, fiú iad siúd nach bhfuair ceistneoir ag an doras.



Íomhá 4.3.1 Cuid den ábhar poiblíochta a úsáideadh chun an pobal a chur ar an eolas faoi phróiseas an taighde

Roinneadh eolas faoin suirbhé i nuachtlitreacha na séipéal éagsúil sa LPT nuair a bhí an ceistneoir á scaipeadh freisin.

Scaipeadh ceistneoirí ar pháipéar i chuide bhunscoil sa LPT i bhfómhar 2019. Bhí na triúir múinteoirí ar an gcoiste den tuairim nár chóir go líonadh ach amháin daltaí i rang a cúig agus rang a sé isteach iad, toisc gur mheas siad go mbeadh na ranganna eile ró-óg lena n-aghaidh. Rinne an CPT digitiú ar na freagraí le Survey Monkey ina dhiaidh sin.

Fritheadh 134 freagra ar shuirbhé na ndaoine óga. Bhí ráta freagartha beagnach 100% ó na bunscoileanna agus tá an coiste agus an CPT an-bhuíoch de na scoileanna as ucht a gcuid tacaíochta agus muid ag obair air seo. Tá torthaí an tsuirbhé seo le feiceáil i rannóg 5.2 thíos.

4.3.2.3 Grúpaí fócais

Mar a miníodh thuas, chomh maith leis na ceistneoirí cainníochtúla, baineadh úsáid as grúpaí fócais agus modhanna cáilíochtúla eile chun tuiscint dhomhain a fháil ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge.

Eagraíodh grúpaí fócais in Ionad Pobail Bhaile an Phoill agus an Chaisleáin Ghearr ar an 22 Deireadh Fómhair 2019 agus san Áras Pobail i Mionloch ar an 23 Deireadh Fómhair 2019. Eagraíodh na grúpaí fócais chun deis a

GRÚPA FÓCAIS DO DHÉAGÓIRÍ
faoin bpleanáil teanga language planning

FOCUS GROUP TEENAGERS

An bhfuil tú idir 12-19 bliana d'aois? Tá an coiste pleanála teanga ag iarraidh do thuairime faoin nGaeilge.
Gheobhaidh tú €15 mar chúiteamh ar do chuid ama!

Are you aged 12-19? The local language planning group wants to hear your thoughts on the Irish language. **Participants will receive €15 each for their time!**

Dé Máirt 22ú Deireadh Fómhair 17.30-18.30
Tuesday 22nd Oct. 17.30-18.30
Meeting room 1, Ballinfolle Castlegar
Neighbourhood Centre

Tuilleadh eolais/Further information:
www.bruachthoir.ie
bruachthoir@gmail.com
087 678 5534 (Padhraic)

Íomhá 4.3.2 Póstaer a úsáideadh chun poiblíocht a dhéanamh ar cheann de na grúpaí fócais

thabhairt do dhaoine óga a dtuairimí a chur in iúl don CPT. Cuireadh amach cuiridh chuig daoine agus scoileanna áitiúla agus scaipeadh eolas faofa ar líne. Lean an CPT moltaí Krueger (1988, 1998) faoin dea-chleachtas maidir le grúpaí fócais agus na grúpaí seo á reáchtáil aige.

Crochadh póstaer (féach íomhá 4.3.2) ar fud an limistéir chun poiblíocht a dhéanamh ar na hócáidí seo agus chuidigh na múinteoirí ar an gcoiste le scaipeadh an scéil i measc aos óg na háite.

Bhí tuairim is 35 duine i láthair uile go léir ag na grúpaí seo, agus rinne an CPT nótaí de na pointí a ardaíodh le linn an phlé.

Tar éis na gcrúinnithe seo agus tar éis anailís a dhéanamh ar na ceistneoirí mheas an CPT go raibh an taighde ag pointe a sháithiúcháin ("*saturation point*"), is é sin le rá gurb iad na pointí céanna a bhí ag teacht chun tosaigh arís is arís agus go raibh príomhthuirimí an phobail cloiste aige. Mar sin síleadh go raibh dóthain grúpaí fócais déanta mar chuid den taighde cáilíochtúil príomha. Déantar cur síos ar an eolas a bailíodh le linn na ngrúpaí fócais seo i rannóg 5.4.

4.3.2.4 Taighde Gníomhaíochta

Roinnt den mhaoiniú a bhí ar fáil chun taighde a dhéanamh, chuir an coiste ar leataobh é chun íoc as taighde gníomhaíochta ("*action research*"), modh taighde atá coitianta agus cúrsaí oideachais nó polasaí teanga faoi scrúdú (McAteer, 2013). D'eagraigh an coiste roinnt imeachtaí cultúrtha le ceol agus scéalaíocht sa LPT leis an mbuiséad seo, agus rinneadh taighde i mbunscoil amháin sa gceantar, Scoil Bhríde i Mionloch. Mhaoinigh an t-airgead seo cuid de dhráma Nollag as Gaeilge a reáchtáladh chun fáil amach an mbeadh rath ar an gcineál sin imeachta agus chun machnamh a dhéanamh ar na cineálacha bearta a d'fhéadfaí a iarraidh sa bplean seo. Déantar cur síos ar an taighde seo i rannóg 5.5 thíos.

4.3.2.5 Agallaimh Eitneagrafaíochta

Chomh maith leis na grúpaí fócais rinne an CPT 29 agallamh leath-struchtúrtha le faisnéiseoirí eile a mhol an coiste dó nó a mheas sé a bheith an-tábhachtach don phlean teanga. Ar ndóigh ní féidir sonraí na bhfaisnéiseoirí seo a thabhairt mar gheall ar chúrsaí rúndachta – gealladh do gach duine a ghlac páirt sa taighde seo go raibh sé á dhéanamh ar bhonn anaithnide. Daoine sa gceantar a bhíonn ag plé le cúrsaí oideachais, gnó nó teanga ba mhó a cuireadh faoi agallamh, áfach. Ba mhór an cúnaimh don CPT an t-eolas a fuair sé ó na hagallaimh seo agus cuirtear an t-eolas seo san áireamh sna bearta a leagtar amach i gcaibidil a sé thíos.

4.3.2.6 Bealaí eile le tuairimí a léiriú

Ar ndóigh ní raibh sé cinnte go mbeadh fáil ag chuile dhuine a raibh spéis acu sa bpróiseas seo teacht chuig ceann de na grúpaí fócais, nó go bhfaighidís ceistneoir ag a dteach. Mar sin cuireadh sonraí teagmhála in iúl go soiléir ar an ábhar poiblíochta uilig a scaipeadh mar chuid den fheachtas feasachta. Tugadh seoladh ríomhphoist, seoladh an tsuímh idirlín, uimhir fóin agus cuntas Facebook. Ar an suíomh

idirlín tugadh seoladh poist don choiste san Áras Pobail i Mionloch freisin agus dúradh go raibh fáilte roimh thuairimí, moltaí nó ceisteanna. Luaigh an CPT an pointe seo am ar bith a labhair sé ag ócáidí poiblí nó leis na meáin. Mar is léir rinneadh iarracht mhór cumarsáid a éascú idir an CPT/an coiste agus an pobal fré chéile. Mar sin féin, ní dhearna aon duine teagmháil leis an gcoiste trí na bealaí seo. Meastar nach ndearna toisc go raibh deiseanna go leor eile ag daoine chun a dtuairimí a chur in iúl agus nár theastaigh na modhanna eile seo ón bpobal dá bharr sin.

4.4 Tátal

Agus aird ar an teorainn ama agus acmhainní a bhí ar an tionscadal seo faoin am a thosaigh an CPT ag obair leis an gcoiste, measann an CPT agus an coiste go ndearna siad chuile iarracht agus a d'fhéadfaí chun an pobal a chur ar an eolas faoin obair, chun rannpháirtíocht a spreagadh agus chun taighde cuimsitheach a dhéanamh a fhágfaidh bonn maith faoi na bearta a leagtar amach i gcaibidil a sé thíos.

Baineadh úsáid as modhanna measctha taighde chun an pictiúr ab iomláine agus ab fhéidir a fháil de staid na Gaeilge ar an mbruach thoir. Tagann an cineál taighde a rinneadh leis an dea-chleachtas maidir le taighde sna heolaíochtaí sóisialta agus sa tsochtheangeolaíocht. Cuirfear torthaí an taighde seo i láthair sa gcéad chaibidil eile.

5. Torthaí an Taighde

5.1 Réamhrá

Tuigtear sa bpleanáil teanga go bhfuil tuiscint chruinn ar staid reatha na sprioctheanga ina cuid riachtanach d'iarracht ar bith chun í a neartú. Dá bhrí sin, mar a míníodh i gcaibidil a ceathair, tugadh faoi chlár taighde ilghnéitheach mar chuid d'ullmhú an phlean seo. Breathnaíodh ar dtús ar thaighde eile a rinneadh sa gceantar seo (mar shampla Ó Giollagáin et al. 2007; Ó Giollagáin agus Charlton, 2015; torthaí an Daonáirimh; IBTU, 2018) agus ansin úsáideadh modhanna measctha taighde – idir taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil – chun an taighde príomha a dhéanamh (féach rannóg 4.3). Bhí sé de sprioc ag an gclár taighde seo léargas a fháil ar chumas agus cleachtas teanga an phobail, chomh maith leis na dearchtaí agus na mianta atá ag muintir na háite i leith na Gaeilge.

Sa gcaibidil seo, déanfar plé i dtosach i rannóga 5.2 agus 5.3 ar an taighde cainníochtúil a rinneadh, mar atá an ceistneoir scoile a scaipeadh sna bunscoileanna agus an ceistneoir pobail a dáileadh ar shampla randamach, ionadaíoch de thithe an cheantair. Cé gur cuireadh ceistneoir chuig na bunscoileanna áitiúla, toisc nach bhfuil aon mheánscoil sa LPT agus go dtéann déagóirí an LPT chuig go leor meánscoileanna éagsúla sa gcathair, socraíodh go mb'fhearr agus go mb'éifeachtaí taighde cáilíochtúil a dhéanamh le déagóirí chun tuairimís'acu a fháil. Pléitear torthaí na ngrúpaí fócais seo a rinneadh le déagóirí, chomh maith leis na hagallaimh a rinneadh le spriocghrúpaí éagsúla sa LPT, i rannóg 5.4.

Ag deireadh na caibidle cuirtear torthaí i láthair ón taighde gníomhach a rinneadh i gceann de na bunscoileanna áitiúla.

5.2 Suirbhé na mBunscoileanna

5.2.1 Modhanna

Mar a pléadh i rannóg 4.3.2.2 thuas, scaipeadh ceistneoir ar rang a cúig agus rang a sé sna trí bhunscoil atá sa limistéar seo – Scoil Bhríde, Mionloch, Scoil San Phroinsias, Tír Oileáin, agus Bunscoil an Chaisleáin Ghearr. Uile go léir fritheadh 134 freagra, arb ionann é agus ráta freagartha beagnach 100%.


Bunaíodh an ceistneoir scoile seo ar cheann a úsáideadh in LPT na Rosann i nDún na nGall, limistéar atá ina chatagóir C freisin. Rinne an OPT roinnt athruithe air, áfach, le go bhfeilfeadh sé ní b'fhearr do chás LPTOCG. Léigh cúpla ball den choiste ar múinteoirí iad dréacht den cheistneoir agus rinne siad roinnt moltaí ina thaobh. Scaipeadh é ar na scoileanna ag tús Dheireadh Fómhair 2019, agus bailíodh é faoi dheireadh na míosa sin.

Tá cóip den cheistneoir a scaipeadh le feiceáil in Aguisín a trí, rannóg 11.3.2.

5.2.2 Áit chónaithe

Cén áit a bhfuil cónaí ort? / Where do you live?

Answered: 132 Skipped: 2



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|---|---------------------|
| ▼ An Caisleán Gearr / Castlegar | 18.18% 24 |
| ▼ An Pháirc Mhór / Parkmore | 0.00% 0 |
| ▼ Baile an Dúlaigh / Ballindooley | 3.79% 5 |
| ▼ Baile an Phoill / Ballinfoyle | 14.39% 19 |
| ▼ Cúil Each / Coolagh | 5.30% 7 |
| ▼ Mionloch / Menlo | 5.30% 7 |
| ▼ Tír Oileáin / Terryland | 19.70% 26 |
| ▼ Eile, sonraigh le do thoil / Elsewhere (please specify) | Responses 33.33% 44 |

Fíor 5.2.2 Áit chónaithe na bhfreagróirí

Léirítear i bhfíor 5.2.2 na freagraí a fritheadh ar an gceist “cá bhfuil cónaí ort?”. Thuairiscigh an céatadán ba mhó (33.33%) go raibh cónaí orthu in áit “eile”, is é sin le rá taobh amuigh den LPT. Thagair formhór na bhfreagraí a sonraíodh anseo d’áiteacha eile sa gcathair nó díreach taobh amuigh di – go leor acu buailte ar an LPT – Coill Uachtar, Cluain Mhic Cáinín srl. – agus roinnt do cheantair ar an taobh eile ar fad den bhaile (Cnoc na Cathrach mar shampla). Bhí corr dhuine a scríobh áit isteach cosúil le “Tirellan heights” i leaba tic a chur sa mbosca a thagair don chuid sin den LPT, ach ní dhearna ach mionlach é sin, méid nach mbeadh suntasach ó thaobh na staitisticí de.

Deir 18.18% go bhfuil cónaí orthu ar an gCaisleán Gearr, 3.79% i mBaile an Dúlaigh, 14.39% i mBaile an Phoill, 5.3% i Mionloch agus i gCúil Each mar aon. Deir 19.7% gur i dTír Oileáin atá siad ina gcónaí, ach ní raibh fiú freagra amháin ón bPáirc Mhór.

D’fhág beirt an cheist seo ar lár.

5.2.3 An áit ar tógadh daoine


Tógadh sa gceantar ina bhfuil cónaí orthu anois formhór mór an tsampla – 86%.

Deir naonúr (7%) gur tógadh in áit eile in Éirinn iad – ní raibh aon phatrún leis na háiteanna a luaigh siad, a bhí ar fad éagsúil óna chéile, ach ar fad sna 26 contae.

Tógadh i dtír eile naonúr eile – ba í an Rómáin an freagra ba choitianta a tugadh (triúr), agus ansin an Pholainn (beirt).

Cén áit ar tógadh thú? / Where were you reared?

Answered: 128 Skipped: 6



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|---|------------|
| Sa gceantar seo / In this area | 85.94% 110 |
| Ní sa gceantar seo ach áit éigin in Éirinn. Sonraigh le do thoil / Not here but elsewhere in Ireland. Please state where. | 7.03% 9 |
| Tír eile. Sonraigh le do thoil / Elsewhere, please specify | 7.03% 9 |


Fíor 5.2.3 An áit ar tógadh na daltaí

D'fhág 16 duine an cheist seo ar lár.

5.2.4 Inscne

Inscne / Gender

Answered: 132 Skipped: 2



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|-------------------|-----------|
| Baineann / Female | 40.91% 54 |
| Fireann / Male | 59.09% 78 |
| TOTAL | 132 |


Fíor 5.2.4 Inscne an bhfreagróirí

D'fhreagair ní ba mhó buachaillí ná cailíní an suirbhé seo – 78 buachaill (59%) i gcomórtas le 54 cailín (41%). Toisc go ndúirt na múinteoirí leis an CPT gur fhreagair na páistí ar fad i rang a cúig agus rang a sé an ceistneoir seo, ní mheastar gur údar buartha is ea an éagothromaíocht seo. Bhí triúr ann nár fhreagair an cheist seo.

5.2.5 Ranganna

Rang / Class

Answered: 130 Skipped: 4



| ANSWER CHOICES | RESPONSES | |
|------------------------|-----------|------------|
| ▼ Rang a 5 / 5th Class | 47.69% | 62 |
| ▼ Rang a 6 / 6th Class | 52.31% | 68 |
| TOTAL | | 130 |

Fíor 5.2.4 Ranganna na bhfreagróirí

Mar a léirítear i bhfíor 5.2.4, bhí briseadh síos cothrom go leor ann idir na freagróirí i rang a cúig agus i rang a sé, mar a bheifí ag súil leis – 47.69% vs. 52.31%. Ní mheastar go bhfuil tábhacht staitistiúil leis an difríocht bheag atá idir na freagraí a fritheadh ón dá rang.

D'fhág ceathrar an cheist seo ar lár.


5.2.6 Cúlra teanga

Feictear i bhfíor 5.2.6 gur Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó atá ag tromlach an tsampla sa mbaile – 41.35% agus 24.06% faoi seach.

Léiriú é ar ilchultúrachas an cheantair gur thuairiscigh mionlach suntasach (41 duine, 30.83%) gur teanga eile seachas Gaeilge nó Béarla atá acu sa mbaile. As measc na bhfreagraí a sonraíodh leis an gceist seo, ba í an Pholainnis an teanga ba choitianta

Cén teanga atá agat sa mbaile? / What language do you speak at home?

Answered: 133 Skipped: 1



| ANSWER CHOICES | RESPONSES | |
|---|------------------|----|
| ▼ Gaeilge amháin / Irish only | 0.75% | 1 |
| ▼ Gaeilge den chuid is mó / Mostly Irish | 3.01% | 4 |
| ▼ Béarla den chuid is mó / Mostly English | 24.06% | 32 |
| ▼ Béarla amháin / English only | 41.35% | 55 |
| ▼ Eile (sonraigh le do thoil) / Other, please specify | Responses 30.83% | 41 |

Fíor 5.2.6 Cúlra teanga na bhfreagróirí

(15 dhuine). Luaigh naonúr an Rómainis agus ceathrar an Rúisis. Meascán a bhí sna cinn eile, ach teangacha Eorpacha a bhí ina bhformhór.

Ní raibh ach freagróir amháin (0.75%) a dúirt gur Gaeilge amháin atá acu sa mbaile, ach bhí ceathrar (3.01%) ann a dúirt gur Gaeilge den chuid is mó a labhraíonn siad sa mbaile.


Léiríonn sé seo go bhfuil deireadh tagtha, a bheag nó a mhór, le seachadadh idirghlúine na Gaeilge mar theanga theaghlaigh sa LPT seo, rud a fhágann go bhfuil dúshláin mhóra roimh an limistéar seo mar cheantar "Gaeltachta".

D'fhág duine amháin an cheist seo ar lár.

5.2.7 Cumas teanga

Do chumas sa nGaeilge / Your ability in Irish

Answered: 134 Skipped: 0



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|--|------------|
| ▼ Gaeilge líofa / Fluent Irish | 2.99% 4 |
| ▼ Gaeilge réasúnta maith / Reasonably good Irish | 35.82% 48 |
| ▼ Ar bheagán Gaeilge / A little Irish | 56.72% 76 |
| ▼ Gan Ghaeilge / No Irish | 4.48% 6 |
| TOTAL | 134 |

Fíor 5.2.7 Cumas teanga na ndaltaí

Ag teacht leis na freagraí a tugadh faoi úsáid na Gaeilge sa mbaile, níor thuiriscigh ach céatadán an-íseal páistí go bhfuil Gaeilge líofa acu – 3%, céatadán arb ionann é agus ceathrar páistí. Ní tuar dóchais é seo don Ghaeilge sa gceantar.


Tá sé tábhachtach a lua, áfach, go bhfuil seans maith go dtiocfaidh athrú éigin ar an bpatrún seo sna blianta atá romhainn: níor fhreagair ach páistí i rang a cúig agus rang a sé an ceistneoir seo, agus toisc nach bhfuil Scoil Bhríde i Mionloch ach tar éis tosú ag múineadh trí Ghaeilge le gairid, ní bhfuair aon pháiste sa LPT iomlán a gcuid oideachais bunscoile trí Ghaeilge. I gcás na bpáistí óga atá ag tosú amach sa scoil sin anois, bheifí ag súil go mbeidh Gaeilge líofa acusan faoi dheireadh a gcuid bunscolaíochta.

Dúirt 35.83% go bhfuil Gaeilge réasúnta maith acu, ach tá tromlach na bhfreagróirí "ar bheagán Gaeilge" nó "gan Ghaeilge" (56.72% agus 4.48% faoi seach).

5.2.8 Cumas Gaeilge na dtuismitheoirí

Cumas Gaeilge do thuismitheoirí/chaomhnóirí / Your parents'/guardian ability in Irish

Answered: 134 Skipped: 0



| | GAEILGE LÍOFA / FLUENT IRISH | GAEILGE MHEASARTHA / REASONABLY GOOD IRISH | AR BHEAGÁN GAEILGE / A LITTLE IRISH | GAN GHAEILGE / NO IRISH | NÍL A FHIOS AGAM/NÍ BHINEANN / DON'T KNOW/NOT APPLICABLE | TOTAL |
|--|------------------------------|--|-------------------------------------|-------------------------|--|-------|
| Tuismitheoir/Caomhnóir 1 / Parent/Guardian 1 | 6.02% 8 | 12.78% 17 | 27.82% 37 | 43.61% 58 | 9.77% 13 | 133 |
| Tuismitheoir/Caomhnóir 2 / Parent/Guardian 2 | 1.59% 2 | 8.73% 11 | 23.81% 30 | 55.56% 70 | 10.32% 13 | 126 |

Fíor 5.2.8 Cumas teanga na dtuismitheoirí

Léirítear ábhar imní eile i bhfíor 5.2.8 – sin go bhfuil tromlach thuismitheoirí na ndaltaí gan Ghaeilge, agus níl ach beagán Gaeilge ag tuairim 's an ceathrú cuid eile. Níl aon dabht ach go gcruthaíonn seo deacrachtaí móra agus iarrachtaí ar siúl an Ghaeilge a láidriú i réimse an teaghlaigh – agus sa scoil chomh maith, ó tharla go mbíonn go leor thuismitheoirí faiteach roimh an nGaeloideachas má mheasann siad nach mbeidís siad in ann cúnaimh a thabhairt dá bpáistí agus iad ag déanamh obair bhaile. Moltar go n-eagraítear ranganna/ceardlanna faoi leith le thuismitheoirí a chumasú sa chaoi is go mbeidh siad in ann cuidiú níos fearr a thabhairt dá bpáistí leis an obair bhaile (beart 6.3.4).


Tuairiscíodh go raibh Gaeilge líofa ag ar a laghad 6% de thuismitheoirí – méid atá níos airde ná an céatadán fíor-iseal daltaí a bhfuil Gaeilge líofa acu, a pléadh i rannóg 5.2.7. Tá seansmaith ann mar sin nach bhfuil na thuismitheoirí a bhfuil Gaeilge líofa acu ag labhairt Gaeilge sa mbaile lena bpáistí – déanfar iarracht an nós seo a athrú le feachtais ardú feasachta (féach, mar shampla, 6.4.2 agus 6.4.3).

D'fhreagair chuile dhalta an cheist seo.

5.2.9 Cleachtas teanga sa mbaile

Cé chomh minic is a labhraíonn na daoine seo sa teaghlach Gaeilge le chéile?
/ How often do the following family members speak Irish together?

Answered: 133 Skipped: 1



| | I GCÓNÁÍ NÓ BEAGNACH I GCÓNÁÍ / ALWAYS OR ALMOST ALWAYS | GO MINIC / OFTEN | ANOIS IS ARÍS / NOW AND AGAIN | GO HANNAMH / RARELY | RIAMH / NEVER | NÍ BHINEANN AN CHEIST SEO LIOM / THIS QUESTION IS NOT APPLICABLE TO ME | TOTAL |
|--|---|------------------|-------------------------------|---------------------|---------------|--|-------|
| An bheirt tuismitheoirí/chaomhnóirí / Both parents/guardians | 0.76% 1 | 0.76% 1 | 6.87% 9 | 6.11% 8 | 77.10% 101 | 8.40% 11 | 131 |
| Tusa agus Tuismitheoir/Caomhnóir 1 / You and parent/guardian 1 | 0.00% 0 | 5.30% 7 | 15.15% 20 | 11.36% 15 | 65.15% 86 | 3.03% 4 | 132 |
| Tusa agus Tuismitheoir/Caomhnóir 2 / You and parent/guardian 2 | 0.79% 1 | 1.57% 2 | 8.66% 11 | 15.75% 20 | 67.72% 86 | 5.51% 7 | 127 |
| Tusa agus do dheartháir(eacha)/dheirfiúr(acha) / You and your sibling(s) | 1.54% 2 | 4.62% 6 | 12.31% 16 | 23.08% 30 | 52.31% 68 | 6.15% 8 | 130 |

Fíor 5.2.9 Úsáid na Gaeilge i measc baill teaghlaigh

Ag teacht leis an méid a thuairiscítear i rannóga 5.2.6, 5.2.7 agus 5.2.8, is léir go bhfuil an Béarla go mór in uachtar mar ghnáthurlabhra i dteaghlaigh an limistéir. Ní deir ach duine amháin (0.76%) go labhraíonn beirt tuismitheoirí/caomhnóirí s'acu Gaeilge le chéile i gcónaí nó beagnach i gcónaí, agus duine amháin eile go labhraíonn a dtuismitheoirí/caomhnóirí Gaeilge le chéile go minic. Dúirt tuairim is 6% go labhraíonn siad Gaeilge le chéile anois is arís agus 6% eile go dtarlaíonn seo go hannamh. 77.1% a dúirt nach labhraíonn a dtuismitheoirí/caomhnóirí Gaeilge le chéile a riamh.

Ní labhraíonn ach mionlach bídeach de na daltaí Gaeilge lena dtuismitheoirí/caomhnóirí i gcónaí nó go rialta (níos lú ná 5%, ar an gcuid is mó). Dúirt 15.15% (20 duine) go labhraíonn siad Gaeilge le tuismitheoir amháin "anois is arís". Bhí tuairim 66% ann a dúirt nach labhraíonn siad Gaeilge le ceachtar dá dtuismitheoirí riamh.


Bhí úsáid na Gaeilge idir na freagróirí agus a gcuid deartháireacha agus deirfiúracha rud beag ní b'airde ná mar a bhí le tuismitheoirí/caomhnóirí, áfach: dúirt 6.16% go labhraíonn siad Gaeilge le chéile "i gcónaí nó beagnach i gcónaí" nó "go minic".

Dúirt 52.31% nach ndéanann siad seo riamh, méid atá píosa maith níos isle ná an méid a dúirt nach labhraíonn siad í lena dtuismitheoirí/caomhnóirí riamh.

5.2.10 Cleachtas teanga i dtimpeallacht na scoile

Le seachtain anuas, cé chomh minic is a labhair tú Gaeilge leis na daoine seo a leanas agus tú ar scoil? / In the last week, how often did you speak Irish to the following people while at school?

Answered: 132 Skipped: 2



| | I GCÓNAÍ NÓ BEAGNACH I GCÓNAÍ / ALWAYS OR ALMOST ALWAYS | GO MINIC / OFTEN | ANOIS IS ARÍS / NOW AND AGAIN | GO HANNAMH / RARELY | RIAMH / NEVER | NÍ BHAINNEANN AN CHEIST SEO LIOM / NOT APPLICABLE | TOTAL | WEIGHTED AVERAGE |
|-------------------------------|---|------------------|-------------------------------|---------------------|---------------|---|-------|------------------|
| Le múinteoirí / With teachers | 9.09% 12 | 46.21% 61 | 27.27% 36 | 13.64% 18 | 3.79% 5 | 0.00% 0 | 132 | 2.57 |
| Le cairde / With friends | 0.00% 0 | 12.12% 16 | 12.12% 16 | 23.48% 31 | 51.52% 68 | 0.76% 1 | 132 | 4.16 |

Fíor 5.2.10 Cleachtas teanga sa scoil

Ní iontas é go bhfuil rátaí úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs na scoile níos airde ná atá siad le baill teaghlaigh. Labhraíonn 9% Gaeilge “i gcónaí nó beagnach i gcónaí” le múinteoirí agus 46.21% “go minic”. Deir 27.27% go labhraíonn siad Gaeilge “anois is arís” le múinteoirí.

Níor fhreagair fiú dalta amháin go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí lena gcuid cairde, ach dúirt 12.12% go labhraíonn siad Gaeilge le chéile go minic, agus 12.12% eile go dtarlaíonn seo anois is arís. Cé go ndúirt 51.52% nár labhair siad Gaeilge ar chor ar bith lena gcuid cairde le linn na seachtaine sular líon siad an suirbhé seo amach, fágann sin gur labhair 48.48% ar a laghad roinnt Gaeilge le cairde – méid atá níos airde ná a bheifí ag súil leis, seans.


Is cinnte go bhfuil dea-thionchar ag Scoil Bhríde, an t-aon scoil sa LPT atá ag teagasc trí Ghaeilge, ar na figiúirí seo.

D'fhág beirt an cheist seo ar lár.

5.2.11 Cleachtas teanga taobh amuigh den scoil

Le seachtain anuas, cé chomh minic is a labhair tú Gaeilge taobh amuigh den scoil? / In the last week, how often did you speak Irish outside school?

Answered: 132 Skipped: 2



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|--|------------|
| ▼ Labhair mé Gaeilge gach lá / I spoke Irish every day | 3.79% 5 |
| ▼ Labhair mé Gaeilge anois is arís / I spoke Irish now and again | 9.85% 13 |
| ▼ Níor labhair mé ach beagán Gaeilge / I only spoke a little Irish | 28.79% 38 |
| ▼ Níor labhair mé aon Ghaeilge / I didn't speak any Irish | 57.58% 76 |
| TOTAL | 132 |

Fíor 5.2.11 Úsáid na Gaeilge taobh amuigh den scoil

Léiriú eile é ar laige na Gaeilge sa bpobal seo is ea go ndúirt beagnach 58% de na daltaí (76 duine) nár labhair siad aon Ghaeilge taobh amuigh den scoil an tseachtain sular líon siad an suirbhé seo amach. Mar sin féin, fágann seo aríst go bhfuil breis is 40% ann a labhair ar a laghad beagán Gaeilge taobh amuigh de chomhthéacs an oideachais.

Bhí cúigear (3.79%) ann a dúirt gur labhair siad Gaeilge chulle lá – méid atá an-ghar don cheathrar a dúirt go bhfuil Gaeilge líofa acu (rannóg 5.2.7) agus trí dhuine dhéag (9.85%) a thuiriscigh gur labhair siad í anois is aríst.


D'fhág beirt an cheist seo ar lár.

Sa gcéad cheist eile, fiafraíodh de na daltaí a labhair Gaeilge taobh amuigh den scoil cé lenar labhair siad í. Cé is moite de dhuine amháin a luaigh feighlí linbh, ba le baill teaghlaigh agus/nó cairde a labhair na 47 freagróir ar fad Gaeilge agus iad taobh amuigh den scoil.

5.2.12 Dearchtaí i leith na teanga

Cuir tic sa mbosca a léiríonn do dhearcadh maidir leis na ráitis seo a leanas?
/ Please tick the box that best reflects your views on the following statements?

Answered: 132 Skipped: 2



| | AONTAÍM GO MÓR / STRONGLY AGREE | AONTAÍM / AGREE | NÍL A FHIOS AGAM / I DON'T KNOW | EASAONTAÍM / DISAGREE | EASAONTAÍM GO MÓR / STRONGLY DISAGREE | TOTAL | WEIGHTED AVERAGE |
|--|---------------------------------|-----------------|---------------------------------|-----------------------|---------------------------------------|-------|------------------|
| Spreagann mo thuismitheoirí/chaomhnóirí mé le Gaeilge a labhairt / My parents/guardians encourage me to speak Irish | 10.16% 13 | 31.25% 40 | 22.66% 29 | 24.22% 31 | 11.72% 16 | 128 | 2.96 |
| Breathnaím ar chlár Ghaeilge ar an teilifís go minic / I often watch television programmes in Irish | 0.78% 1 | 12.50% 16 | 3.91% 5 | 23.44% 30 | 59.38% 76 | 126 | 4.28 |
| Má labhraíonn duine Gaeilge liom, freagraím i nGaeilge iad i gcónaí / If someone speaks Irish to me I always answer in Irish | 13.85% 18 | 46.92% 61 | 13.85% 18 | 15.38% 20 | 10.00% 13 | 130 | 2.61 |

Fíor 5.2.12 Dearchtaí i leith na teanga

Bhí 53 duine ann a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir leis an ráiteas “spreagann mo thuismitheoirí/chaomhnóirí mé le Gaeilge a labhairt” – méid arb ionann é agus 41.41%. Ní raibh a fhios ag 22.66%. Is ábhar buartha é gur easaontaigh nó breis is an tríú cuid de na freagróirí leis seo, áfach, nó gur easaontaigh siad go láidir – 35.94%.

I bhfianaise chomh lag is atá an Ghaeilge sa gceantar is ábhar iontais é ar bhealach go raibh 13.26% ann a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir leis an ráiteas “breathnaím ar chlár Ghaeilge ar an Teilifís go minic”. D'easaontaigh 59.38% go láidir leis seo, áfach.


Céatadán 60.77% a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir go bhfreagraíonn siad i nGaeilge má labhraítear Gaeilge leofa – rud a léiríonn tábhacht na tairisceana gníomhaí (féach rannóg 6.8).

D'fhág beirt an cheist seo ar fad ar lár.

5.2.13 Caithimh aimsire agus cleachtas teanga

Cén teanga/cé na teangacha a labhraíonn tú agus tú i mbun na gcaitheamh aimsire seo a leanas? / What language(s) do you speak while involved in the following pastimes?

Answered: 131 Skipped: 3



| | GAEILGE / IRISH | BÉARLA / ENGLISH | MEASCÁN DE GHAELIGE AGUS BÉARLA / A MIXTURE OF IRISH AND ENGLISH | TEANGA(CHA) EILE / OTHER LANGUAGE(S) | TOTAL | WEIGHTED AVERAGE |
|---|-----------------|------------------|--|--------------------------------------|-------|------------------|
| Peil Ghaelach / Gaelic football | 3.39% 2 | 67.80% 40 | 22.03% 13 | 6.78% 4 | 59 | 2.32 |
| Iománaíocht/Camógaíocht / Hurling/Camogie | 2.50% 1 | 80.00% 32 | 15.00% 6 | 2.50% 1 | 40 | 2.17 |
| Rugbaí / Rugby | 0.00% 0 | 84.75% 50 | 11.86% 7 | 3.39% 2 | 59 | 2.19 |
| Sacar / Soccer | 1.27% 1 | 92.41% 73 | 3.80% 3 | 2.53% 2 | 79 | 2.08 |
| Ranganna ceoil / Music lessons | 2.04% 1 | 71.43% 35 | 20.41% 10 | 6.12% 3 | 49 | 2.31 |
| Ranganna damhsa / Dance lessons | 0.00% 0 | 74.19% 23 | 19.35% 6 | 6.45% 2 | 31 | 2.32 |
| Ag campaí samhraidh / At summer camps | 2.67% 2 | 78.67% 59 | 13.33% 10 | 5.33% 4 | 75 | 2.21 |

Fíor 5.2.13 Caithimh aimsire agus cleachtas teanga

B'fhíor-iseal a bhí líon na ndaltaí a dúirt go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí agus iad i mbun a gcaithimh aimsire – ba í an pheil ghaelach an rogha ab airde leis an bhfreagra seo – agus ní raibh ach beirt i gceist ansin. Dúirt 22% go labhraíonn siad meascán de Ghaeilge agus Béarla agus iad ag imirt peil ghaelach, áfach, céatadán sách ard.

Ba iad ranganna ceoil agus ranganna damhsa an dá rogha eile a dúirt mionlach suntasach ina leith go labhraíonn siad meascán de Ghaeilge agus Béarla agus iad á ndéanamh (20.41% agus 19.35% faoi seach).

Labhair idir 2% agus 6% teanga/teangacha eile agus iad i mbun na gcaitheamh aimsire seo.


Cuirtear na daoine a d'fhreagair “ní dhéanaim seo” as an áireamh in íomhá 5.2.13 agus sna staitisticí a thugtar anseo.

Fiafraíodh ansin an bhfuil caitheamh aimsire eile ag an bhfreagróir agus má tá, cén teanga a úsáideann siad agus iad á dhéanamh. Bhí meascán leathan de chaithimh aimsire i gceist anseo – ó na healaíona comhraic go marcaíocht ar chapall agus cluichí ríomhaire. Le dornán beag d'eisceachtaí (teangacha Eorpacha/inimirceach) ba é Béarla an teanga a úsáideadh le gach ceann acu.

5.2.14 An Ghaeilge agus an nuatheicneolaíocht

Cén teanga/cé na teangacha a úsáideann tú nuair a bhíonn tú ag plé le ríomhairí agus le teicneolaíocht? / What language(s) do you use on computers and other technology?

Answered: 132 Skipped: 2



| | GAEILGE / IRISH | BÉARLA | MEASCÁN GAEILGE AGUS BÉARLA | TEANGA(CHA) EILE / OTHER LANGUAGE(S) | NÍ BHINEANN / NOT APPLICABLE | TOTAL | WEIGHTED AVERAGE |
|--|-----------------|--------------|-----------------------------|--------------------------------------|------------------------------|-------|------------------|
| Ar an nguthán/ag téacsáil / On the phone/texting | 0.00% 0 | 74.05% 97 | 3.82% 5 | 8.40% 11 | 13.74% 18 | 131 | 2.34 |
| Ar an idirlíon/ar na meáin shóisialta (m.sh. Snapchat, Instagram, srl.) / On the internet/social media (e.g. Snapchat, Instagram etc.) | 0.00% 0 | 73.81% 93 | 1.59% 2 | 5.56% 7 | 19.05% 24 | 126 | 2.23 |

Fíor 5.2.15 An Ghaeilge agus an teicneolaíocht

Mar is léir ó fhíor 5.2.15, is é an Béarla a úsáideann formhór mór na ndaltaí seo (tuairim 74%) agus iad ag plé leis an nuatheicneolaíocht – ag téacsáil, ar na meáin shóisialta, srl. Ní bheifí ag súil lena mhalairt anseo, ar ndóigh, ach tá sé suimiúil go n-úsáideann cúigear (3.62%) acu meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla agus iad ag téacsáil/ar an nguthán.


Toisc go bhfuil níos mó cumarsáide ag tarlú tríd an nuatheicneolaíocht chuile bhliain, tá sé tábhachtach daoine a spreagadh le Gaeilge a úsáid ar an nguthán/ar líne an oiread agus is féidir. Déantar moltaí i leith seo i mbeart 6.5.4.

5.2.15 Coláistí Samhraidh

Fiafraíodh de dhaltaí an raibh siad riamh ar choláiste samhraidh trí Ghaeilge. Thuairiscigh an tromlach mór nach raibh, rud nach bhfuil ina iontas ó tharla nár fhreagair ach amháin daltaí bun scoile an ceistneoir seo agus gur daltaí meánscoile is mó a fhreastalaíonn ar na coláistí sin. Nuair a rinneadh an grúpa fócais le déagóirí, áfach, bhí tuairim an ceathrú cuid acu tar éis freastal ar choláistí samhraidh, agus bhí suim ag thart ar an tríú cuid ina leithéid a dhéanamh (féach rannóg 5.4.1).

An raibh tú riamh ag coláiste samhraidh/campa samhraidh trí Ghaeilge? /
Were you ever at an Irish-language summer college/summer camp?


Answered: 130 Skipped: 4



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|----------------|------------|
| Bhí / Yes | 10.00% 13 |
| Ní raibh / No | 90.00% 117 |
| TOTAL | 130 |

Ar mhaith leat an deis a fháil freastal ar chúrsa/campa mar sin amach anseo?
/ Would you like to attend such a course or camp in the future?

Answered: 131 Skipped: 3



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|---------------------------|------------|
| Ba mhaith / I would | 22.90% 30 |
| Níor mhaith / I would not | 77.10% 101 |
| TOTAL | 131 |

Fíor 5.2.15 Coláistí samhraidh


Tá sé suntasach áfach gur mhaith le breis is dhá oiread níos mó daltaí freastal ar choláiste samhraidh amach anseo ná a d'fhreastail go dtí seo (22.9% i gcomórtas le

10%). Moltar mar sin i mbeart 6.3.7 go gcuirfead scoláireachtaí ar fáil do dhaltaí na háite chun cuidiú leis an gcostas ard a bhaineann leis na coláistí seo a chlúdach.

5.2.16 Dearchtaí i leith áiseanna/acmhainní

An mbainfeá úsáid as aon cheann de na háiseanna/acmhainní seo a leanas dá mbeadh siad ar fáil? / Would you use any of the following resources/facilities if they were available?

Answered: 130 Skipped: 4



| | CINNTE / CERTAINLY | B'FHÉIDIR / MAYBE | NÍL A FHIOS AGAM / I DON'T KNOW | NÍ BHAINFINN / NO | IS CINNTE NACH MBAINFINN / DEFINITELY NOT | TOTAL |
|---|--------------------|-------------------|---------------------------------|-------------------|---|-------|
| Leaganacha Gaeilge d'aipeanna cumarsáide (m.sh. Whatsapp, Snapchat, srl.) / Irish-language versions of communication apps (eg. Whatsapp, Snapchat etc.) | 7.69% 10 | 13.08% 17 | 13.85% 18 | 30.77% 40 | 34.62% 45 | 130 |
| Iris Ghaeilge ar líne dírithe ar dhaoine óga agus scríofa ag daoine óga / An online magazine directed at and written by young people | 10.16% 13 | 21.09% 27 | 16.41% 21 | 25.00% 32 | 27.34% 36 | 128 |
| Spás sóisialta/ionad 'bualadh isteach' trf Ghaeilge do dhaoine óga / A social space/call-in centre through Irish for young people | 3.91% 5 | 19.53% 26 | 15.63% 20 | 32.81% 42 | 28.13% 36 | 128 |
| Leabharlann áitiúil ina mbeadh ceol, cluichí, srl. ar fáil trf Ghaeilge / Local library in which music, games, etc. were available through Irish | 7.87% 10 | 25.98% 33 | 11.81% 16 | 26.77% 34 | 27.56% 36 | 127 |

Fíor 5.2.16 Acmhainní Gaeilge

Dúirt 7.69% go mbeadh suim acu i leaganacha Gaeilge d'aipeanna cumarsáide, agus dúirt 13% go mb'fhéidir go mbeadh.

Bheadh suim ag 10.16% in iris Ghaeilge ar líne do dhaoine óga, a bheadh scríofa ag daoine óga, agus dúirt 21.09% go mb'fhéidir go mbeadh. Tá sé tábhachtach poiblíocht a dhéanamh ar www.nós.ie i measc óige an cheantair mar sin.

Ní raibh ach céatadán an-iseal daltaí a dúirt go cinnte go mbeadh suim acu i spás sóisialta nó ionad bualadh isteach trí Ghaeilge do dhaoine óga, ach dúirt 19.53% go mb'fhéidir go mbeadh.

Céatadán 7.87% a dúirt go mbeadh suim acu i leabharlann áitiúil ina mbeadh acmhainní éagsúla ar fáil trí Ghaeilge – ceol, cluichí, srl. Ba leis an rogha seo a chuaigh an céatadán ab airde daoine a dúirt go mb'fhéidir go mbeadh suim acu ann – díreach faoi bhun 26%.

Do gach áis, ní raibh a fhios ag idir 11.81% agus 16.41% an mbeadh suim acu san áis sin nó nach mbeadh. Meastar go bhféadfaí cuid acu seo a mhealladh dá ndéanfaí poiblíocht éifeachtach ar na rudaí seo.

Dúirt idir an ceathrú agus an tríú cuid de na daltaí nach mbainidís úsáid as acmhainní den sórt seo (idir 25% agus 33.81%), agus bhí na céatadán gar go leor daofa siúd a dúirt gur “cinnte nach mbainidís” – idir 27-35%.

5.2.17 Dearcadh agus Mianta i leith na Gaeilge

| | AONTAÍM GO MÓR / STRONGLY AGREE | AONTAÍM / AGREE | NÍL A FHIOS AGAM / I DON'T KNOW | EASAONTAÍM / DISAGREE | EASAONTAÍM GO MÓR / STRONGLY DISAGREE | TOTAL |
|---|--|--------------------|---|--------------------------|--|-------|
| ▼ Is fearr liom Gaeilge a labhairt ná Béarla / I prefer to speak Irish than English | 5.56% 7 | 7.14% 9 | 8.73% 11 | 34.92% 44 | 43.65% 55 | 126 |
| ▼ Tá suim agam feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge / I am interested in improving my Irish | 25.20% 32 | 43.31% 55 | 17.32% 22 | 7.87% 10 | 6.30% 8 | 127 |
| ▼ Ba chuma liom mura mbeadh an Ghaeilge a labhairt sa gceantar seo / I wouldn't care if Irish was not spoken in this area | 21.26% 27 | 15.75% 20 | 22.05% 28 | 23.62% 30 | 17.32% 22 | 127 |
| ▼ Ní fheileann an Ghaeilge do shaol an duine óig / Irish doesn't suit the life of young people | 11.20% 14 | 13.60% 17 | 24.80% 31 | 24.80% 31 | 25.60% 32 | 126 |
| ▼ Tá sé níos fusa Béarla a scríobh agus a labhairt ná Gaeilge / It is easier to write and speak English than Irish | 60.63% 77 | 27.56% 35 | 7.87% 10 | 2.36% 3 | 1.57% 2 | 127 |
| ▼ Níl muintín agam as mo chuid Gaeilge / I am not confident about my Irish | 15.75% 20 | 33.86% 43 | 22.83% 29 | 22.05% 28 | 5.51% 7 | 127 |
| ▼ Tá tairbhe ag baint le foghlaim na Gaeilge / Learning Irish is worthwhile | 17.32% 22 | 35.43% 45 | 29.92% 38 | 7.87% 10 | 9.45% 12 | 127 |
| ▼ Ba mhaith liom dá mbeadh ní ba mhó deiseanna ag daoine óga a gcuid Gaeilge a úsáid / I would like there to be more chances for young people to use their Irish | 15.08% 19 | 31.75% 40 | 29.37% 37 | 8.73% 11 | 15.08% 19 | 126 |

Fíor 5.2.17 Dearcthaí teanga, cuid a dó

Cé gur beag duine a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir gur fearr leofa Gaeilge a labhairt ná Béarla (5.56% agus 7.16%), tá sé suntasach go bhfuil fonn ar an tromlach feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge – bhí 68.51% ann san iomlán a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir leis an ráiteas sin. Bhí 17.32% eile nach raibh a fhios acu, agus d'fhéadfaí roinnt acu seo a mhealladh in am tráth, meastar.

Dúirt 37% gur cuma leofa mura mbeadh an Ghaeilge á labhairt sa gceantar a thuilleadh, ach bhí 40.94% ann a d'eaontaigh nó d'eaontaigh go láidir leis sin. Meastar go gcuideoidh an scéim faoi fheachtas teanga i measc an aosa óig a luaitear i mbeart 6.3.5 le daltaí a spreagadh i leith thábhacht úsáid na Gaeilge sa LPT.

Tá 24.8% den tuairim nach bhfeileann an Ghaeilge do shaol an duine óig inniu, ach bhí 50.4% ann a d'eaontaigh nó d'eaontaigh go láidir leis sin.

Ní iontas ar bith é go raibh 88.19% den tuairim gur fusa Béarla a scríobh agus a labhairt ná Gaeilge, rud a thagann leis na figiúirí maidir le cumas teanga a luadh thuas.

Céatadán 49.61% a d'aontaigh nach raibh siad muiníneach as a gcuid Gaeilge. Ní raibh ach seachtar ann a bhí an-mhuiníneach as a gcuid Gaeilge. Aríst, tagann seo leis na figiúirí a tugadh thuas (rannóg 5.2.7) maidir le cumas na ndaltaí sa teanga.

Ábhar dóchais é go raibh 52.75% ann a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir go bhfuil tairbhe ag baint le foghlaim na Gaeilge. Meastar go bhféadfaí go leor den 29.92% nach raibh tuairim acu air seo a mhealladh i dtreo na Gaeilge le cuidiú na mbeart a phléitear sa gcéad chaibidil eile.

Is tuar dóchais eile é go bhfuil mionlach suntasach ann atá ag iarraidh go mbeadh ní ba mhó deiseanna ar fáil daofa lena gcuid Gaeilge a úsáid – 46.83%. Déanfaidh na hócáidí teanga-bhunaithe a mholtar i mbeart 6.5.1 freastal ar an éileamh seo.


Ar an iomlán, mar sin, is féidir a áitiú go bhfuil dearcadh dearfach ag daoine óga i LPTOCC i leith na Gaeilge, ach, mar is léir, tá neamhréir idir na dearcthaí dearfacha seo agus an cleachtas teanga atá ann.

Déantar moltaí bunaithe ar thorthaí na ceiste seo i rannóga 6.3 agus 6.5.

5.2.18 Dearchtaí i leith imeachtaí trí Ghaeilge

An mbeadh suim agat in aon cheann de na himeachtaí seo a leanas?
/ How interested would you be in the following activities?

Answered: 128 Skipped: 6



| | BHEADH SUIM MHÓR AGAM ANN / VERY INTERESTED | BHEADH SUIM AGAM ANN / INTERESTED | NÍL A FHIOS AGAM/NÍL TUAIRIM LÁIDIR AGAM / I DON'T KNOW/DON'T HAVE A STRONG OPINION | NÍ BHEADH SUIM AGAM ANN / NOT INTERESTED | NÍ BHEADH SUIM AR BITH AGAM ANN / NOT INTERESTED AT ALL | TOTAL |
|---|---|-----------------------------------|---|--|---|-------|
| Club óige trí Ghaeilge / Youth club through Irish | 3.91% 6 | 7.03% 9 | 25.78% 33 | 33.59% 43 | 29.69% 38 | 128 |
| Rang tar éis scoile chun Gaeilge labhartha a fhoghlaim/chleachtadh / An after school class to learn/practice spoken Irish | 8.66% 11 | 20.47% 26 | 22.05% 28 | 29.13% 37 | 19.69% 25 | 127 |
| Dioscónna Gaeilge / Irish language discos | 3.20% 4 | 12.80% 16 | 16.00% 20 | 33.60% 42 | 34.40% 43 | 128 |
| Tráth na gCeist i nGaeilge / Table quiz in Irish | 9.38% 12 | 21.88% 28 | 17.19% 22 | 20.31% 26 | 31.25% 40 | 128 |
| Ranganna teicneolaíochta trí Ghaeilge (m.sh. códú, tógáil aipeanna, srl.) / Technology classes in Irish (eg. coding, building apps, etc.) | 12.60% 16 | 18.11% 23 | 13.39% 17 | 29.92% 38 | 25.98% 33 | 127 |
| Ranganna ealaíne trí Ghaeilge / Art classes through Irish | 14.17% 18 | 20.47% 26 | 20.47% 26 | 22.83% 29 | 22.05% 28 | 127 |
| Lá teaghlaigh (BBQ nó a leithéid) do pháistí agus thuismitheoirí / Family day (BBQ or such) for children and parents | 17.97% 23 | 25.00% 32 | 21.09% 27 | 14.06% 18 | 21.88% 28 | 128 |
| Turais taobh amuigh den cheantar trí Ghaeilge / Tours outside of the area in Irish | 11.81% 15 | 23.62% 30 | 21.26% 27 | 18.11% 23 | 25.20% 32 | 127 |

Fíor 5.2.18 Dearchtaí i leith imeachtaí a d'fhéadfaí a eagrú

Mar is léir ó rannóg 5.2.17 thuas, tá mionlach suntasach de na daltaí, 46.83%, ag iarraidh go mbeadh ní ba mhó deiseanna ar fáil daofa chun a gcuid Gaeilge a úsáid. Tugadh samplaí d'ócáidí trí Ghaeilge ansin agus fiafraíodh de na daltaí an mbeadh suim acu iontu.

Dúirt 10.94% (14 dhuine) go mbeadh suim nó suim mhór acu i gclub óige trí Ghaeilge. Cé gur mionlach é seo, b'fhiú go mór freastal ar an éileamh seo mar d'fhéadfadh club den chineáil sin an-leas ar fad a dhéanamh do chumas Gaeilge na ndaoine óga seo. D'fhéadfaí freisin cuid den 25.76% a dúirt nach raibh a fhios acu nó nach raibh tuairim láidir acu a mhealladh i dtreo an chlub seo freisin, ach feachtas maith poiblíochta agus clár imeachtaí spreagúla a bheith ann. Bhí suim ag tuairim is an tríú cuid de na déagóirí a d'fhreastail ar an ngrúpa fócais i gclub óige den sórt seo. Moltar i mbeart 6.5.2 a leithéid de chlub a bhunú. Go deimhin, d'fhéadfaí go leor de na himeachtaí eile a luaitear sa gceist seo a eagrú faoi scáth an chlub óige.

Bhí suim nó suim mhór ag 29.13% (35 dalta) i gclub tar éis scoile chun an Ghaeilge labhartha a fhoghlaim nó a chleachtadh. Seo an cineál ruda a d'fhéadfaí a eagrú go furasta i mbunscoileanna an cheantair, agus b'fhiú go mór freastal a dhéanamh ar an éileamh seo. D'fhéadfaí a leithéid a nascadh le club óige a dhéanfadh rudai ní ba leithne freisin.

Bhí 16% ann a raibh suim nó suim mhór acu i ndioscó trí Ghaeilge, agus 16% nach raibh a fhios acu nó nach raibh tuairim láidir acu air. Ar ndóigh is dóchúlá ná a mhalairt go bhféadfaí cuid den 16% sin gan tuairim a mhealladh. Bhí suim ag thart ar 25% de na déagóirí sna grúpaí fócais sa rogha seo freisin.

Dúirt 31.26% go mbeadh suim nó suim mhór acu i dtráth na gceist trí Ghaeilge. B'fhurasta a leithéid a eagrú go rialta in ionaid éagsúla sa LPT.

Bhí suim nó suim mhór ag rud beag ní ba lú ná an tríú cuid de na freagróirí i ranganna teicneolaíochta a mhúinfeadh daofa cén chaoi le códail nó aipeanna a thógáil trí Ghaeilge. Bionn a leithéid ar siúl ag Foróige in oifigí Chonradh na Gaeilge sa mbaile mór agus nuair a d'fhiosraigh an CPT le Conradh na Gaeilge an mbeidís in ann tacú lena leithéid de rang sa LPT (trealamh a chur ar fáil mar shampla) shíl siad go mbeadh.

Bhí suim nó suim mhór ag thart ar aon trian de na daltaí i ranganna ealaíne trí Ghaeilge, rud a d'fhéadfaí a eagrú mar imeacht de chuid an chlub óige uair sa mhí nó uair sa gcoicis, b'fhéidir.

Ba é lá teaghlaigh trí Ghaeilge an rud ba mhó a raibh suim ag na freagróirí ann – dúirt 42.97% go raibh suim nó suim mhór acu ina leithéid. Ní raibh mórán suime ag na déagóirí sna grúpaí fócais i rud mar seo, áfach, agus mar sin meastar gur chóir a leithéid a dhíriú ar theaghlaigh le páistí in aois na bunscoile ach go háirithe.

Beagán ní ba mhó ná an tríú cuid de na freagróirí a chuirfeadh suim nó suim mhór i dturais trí Ghaeilge taobh amuigh den cheantar. Aríst, bheadh seo feiliúnach mar rud a d'fhéadfadh an club óige a eagrú babhta nó dhó sa mbliain, seans.

D'fhág seisear an cheist seo ar fad ar lár.

5.2.19 Tuairimí breise

Ag deireadh an cheistneora fiafraíodh de na daltaí an raibh aon tuairimí eile acu a b'ait leofa a roinnt leis an gcoiste. Thapaigh 36 de na 134 freagróir an deis seo chun a gcuid smaointe a roinnt. Freagraí bailí a bhí iontu seo uilig nach mór (.i. ba bheag duine a scríobh "níl a fhios agam" nó a leithéid) ach luaigh a bhformhór rudaí ar cuireadh ceisteanna faofa ní ba luaithe sa gceistneoir.

Astu seo, luaigh go leor daoine clubanna trí Ghaeilge – clubanna tar éis scoile a dhíreodh ar an teanga labhartha, agus clubanna códála agus cumainn spóirt ina measc.

Luadh freisin dioscónna trí Ghaeilge, agus gur chóir go mbeadh ní ba mhó ceoil ar fáil trí Ghaeilge. Bhí cúpla duine den tuairim gur fiú go mór aistriúcháin go Gaeilge a dhéanamh ar amhráin phopcheoil i mBéarla. Ar ndóigh tá an-rath tar éis a bheith ar an gcur chuige seo ag cuid de na coláistí samhraidh, agus d'fhéadfadh club óige Gaeilge a leithéid a dhéanamh chomh maith.

Bhí cúpla duine den tuairim gur chóir ní ba mhó Gaeilge a bheith le feiceáil sa tírdhreach teangeolaíoch, taobh amuigh agus taobh istigh de thimpeallacht na scoile. Luadh an gá le tuilleadh comharthaí agus póstaer trí Ghaeilge anseo chomh maith.

Luagh dalta amháin go mb'fhiú comórtais bunaithe ar an nGaeilge a eagrú trí na páipéir nuachtáin – rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh in éindí le LPTanna eile ar imeall na cathrach, nó coiste an Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, seans.

Shíl roinnt mhaith de na freagróirí gur chóir go mbeadh tuilleadh béime ar an nGaeilge sa scoil, nó gur chóir go mbeadh tuilleadh scoileanna tumoideachais Ghaeilge sa gceantar.

Ba ar rudaí spraiúla a bhí an bhéim le nach mór chuile rud a luaigh na daltaí, agus dúirt cúpla duine acu go lom go bhfuil sé an-tábhachtach go ndéanfaí iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn mar rud taitneamhach, i leaba mar ábhar trom acadúil.

Ní raibh ach beirt a d'fhreagair an cheist seo a bhí in aghaidh na Gaeilge ar bhealach ar bith.

5.3 An Ceistneoir Pobail


Mar a miníodh i rannóg 4.3.2.2 thuas, roghnaigh an CPT sampla randamach ó Chlár na dTogghóirí de na 2,804 teach¹ atá i LPTOCG agus dháil timirí ceistneoirí ar an sampla seo. Sa deireadh bhailigh siad 363 ceistneoir. B'ionann an méid sin agus a raibh ag teastáil le cinntiú go mbeadh torthaí na hanailíse a rinneadh ar na ceistneoirí ionadaíoch ar an LPT ar fad, de réir mar a mhol Údarás na Gaeltachta don CPT ag tús an phróisis.

Tá cóip den cheistneoir a scaipeadh ar an bpobal le feiceáil in Aguisín a trí, rannóg 11.3.1.

5.3.1 Áit chónaithe agus dhúchais an tsampla

Cá bhfuil cónaí ort? / Where do you live?

Answered: 362 Skipped: 1



| ANSWER CHOICES | RESPONSES | |
|-----------------------------------|-----------------|------------|
| ▼ An Caisleán Gearr / Castlegar | 26.52% | 96 |
| ▼ An Pháirc Mhór / Parkmore | 1.38% | 5 |
| ▼ Baile an Dúlaigh / Bailindooley | 2.21% | 8 |
| ▼ Baile an Phoill / Ballinfoyle | 11.05% | 40 |
| ▼ Cúil Each / Coolagh | 8.29% | 30 |
| ▼ Mionloch / Menlo | 10.22% | 37 |
| ▼ Tír Oileáin / Terryland | 37.57% | 136 |
| ▼ Eile (sonraigh le do thoil) | Responses 2.76% | 10 |
| TOTAL | | 362 |

Fíor 5.3.1 Áit chónaithe na bhfreagróirí

Mar a léirítear i bhfíor 5.3.1, tá cónaí ar an gcuid is mó den sampla seo i dTír Oileáin (37.57%, 136 duine). Bhí 96 freagróir ina gcónaí ar an gCaisleán Gearr, agus níos lú na 15% i ngach baile eile sa LPT.

¹ Le cinntiú gur sampla randamach a bhí i gceist, baineadh amach aon seoladh a bhí ar Chlár na dTogghóirí níos mó ná uair amháin agus roghnaíodh seoltaí go randamach.

Mar a bheifí ag súil leis, toisc gur scaipeadh tuilleadh ceistneoirí sna thoghranna is mó daonra sa LPT (féach 4.3.2.2), bhí tuilleadh freagraí ann ó na háiteanna sin.

D'fhág duine amháin an cheist seo ar lár.

D'fhreagair 341 duine an dara ceist faoi cén áit ar tógadh iad – ba as an gceantar seo ó dhúchas den cheathrú cuid den sampla – 24.92%.

Tháinig an tromlach (51.61%, 176 duine) as áit eile in Éirinn taobh amuigh den Ghaeltacht. Ba í áit eile i gcontae nó cathair na Gaillimhe an freagra ba choitianta a sonraíodh anseo, agus ansin meascán mearaí d'áiteacha eile fud fad na hÉireann.

As tír eile 14.36% de na freagróirí. Ba iad an Bhreatain, an Pholainn agus an Rómáin na tíortha ba choitianta a luadh anseo. Tagraíodh do go leor tíortha eile san Eoraip chomh maith le roinnt san Afraic.


As áit eile sa nGaeltacht 4.69% den sampla seo.

D'fhág 22 duine an cheist seo ar lár.

5.3.2 Aoisghrúpa

Aois / Age

Answered: 356 Skipped: 7



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|----------------|------------|
| 18-24 | 18.54% 66 |
| 25-39 | 32.30% 115 |
| 40-54 | 23.88% 85 |
| 55-69 | 19.66% 70 |
| 70+ | 5.62% 20 |
| TOTAL | 356 |

Fíor 5.3.2 Dáileadh aoise na bhfreagróirí

Tá toradh an chúigiú ceist, faoi aoisghrúpa na bhfreagróirí, le feiceáil i bhfíor 5.3.2. Ar ndóigh níor dhirigh an ceistneoir seo ach amháin ar dhaoine atá níos sine ná 18 mbliana d'aois. Mar a luadh i rannóg 3.2 thuas, de réir an daonáirimh tá an comhdhéanamh aoise sa LPT seo níos óige ná meán an stáit, agus bhí sé seo le feiceáil i dtorthaí an cheistneora seo. Bhí tromlach na bhfreagróirí idir 25-39 bliain

d'aois (32.3%, 115 duine). Bhí 66 freagróir (18.54%) idir 18-24 bliain d'aois – méid atá sách ard, is dóigh mar gheall ar ghiorracht an LPT d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.


Ní raibh ach 5.62% (20 freagróir) níos sine ná 70 bliain d'aois.



5.3.3 Inscne

Inscne / Gender

Answered: 344 Skipped: 19



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|-------------------|------------|
| Baineann / Female | 51.74% 178 |
| Fireann / Male | 48.26% 166 |
| TOTAL | 344 |

Fíor 5.3.3 Inscne na rannpháirtithe


Bhí briseadh síos inscne na bhfreagróirí cothrom go leor – mná iad 51.74% i gcomórtas le 48.26%, céatadán na bhfear. I bhfianaise an mhéid a bheifí ag súil leis in aon taighde cainníochtúil ní hiontas ar bith é go mbeadh rúinín beag ní ba mhó freagróirí ina mná (Smith, 2008; Curtin et al., 2000; Moore & Tarnai, 2002; Singer et al. 2000).

D'fhág naoi nduine dhéag an cheist seo ar lár.

5.3.4 Cúlra Teanga

Cén teanga lenár tógadh thú? / What language were you reared with?

Answered: 361 Skipped: 2



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|--|---------------------|
| Gaeilge amháin Irish only | 1.66% 6 |
| Gaeilge den chuid ba mhó Mostly Irish | 3.88% 14 |
| Béarla de chuid ba mhó Mostly English | 32.41% 117 |
| Béarla amháin English only | 47.09% 170 |
| Eile (sonraigh le do thoi) Other (please give details) | Responses 14.96% 54 |
| TOTAL | 361 |

Fíor 5.3.8 Cúlra teangeolaíoch an tsampla

Léiríonn an t-eolas i bhfíor 5.3.8 nár tógadh ach seisear de na rannpháirtithe sa suirbhé seo le Gaeilge – méid arb ionann é agus 1.66%. Thuairiscigh 14 dhuine (3.88%) gur tógadh le Gaeilge den chuid ba mhó iad. Uile go léir tá sé suntasach go bhfuil an 1.66% agus 3.88% le chéile gar go leor don chéatadán a dúirt gur tógadh iad “ní sa gceantar seo ach áit eile sa nGaeltacht” (4.69%) mar fhreagra ar an gceist a pléadh i rannóg 5.3.1 thuas. Ar ndóigh, áfach, ní gá go bhfuil cúisíocht á léiriú anseo, d’fhéadfadh sé gur comhtharlú atá ann. Ní mór a aithint freisin gur dócha gur tógadh roinnt mhaith de na cainteoirí dúchais Gaeilge atá ina gcónaí san áit anois i gcodanna níos láidre den Ghaeltacht agus gur bhog siad chuig LPTOCG ní ba dhéanaí ina saol. Tá an patrún seo le feiceáil i gceantair Ghaeltachta eile atá ina limistéir catagóirí C (m. sh. Ó Ceallaigh, 2019; féach freisin Ó Giollagáin et al., 2007 mar mhíniú ar chatagóirí Gaeltachta A, B agus C).


D’fhreagair formhór mór an tsampla gur le Béarla amháin nó le Béarla den chuid ba mhó a tógadh iad (79.5% san iomlán).

Tógadh 14.96% de na rannpháirtithe le teanga eile ar fad – as a measc siúd a sonraíodh, ba í an Pholainnis, an Rómainis agus an Rúisis na cinn ba choitianta.

5.3.5 Cumas sa nGaeilge

Do chumas sa nGaeilge / Your ability in Irish

Answered: 360 Skipped: 3



Fíor 5.3.5 Cumas Gaeilge na bhfreagróirí

Dúirt 8.61% de na freagróirí go bhfuil Gaeilge líofa acu – céatadán arb ionann é agus 31 duine. Cé go bhfuil sin an-íseal agus cé go mbeifí ag súil le méid áirithe áibhéile sna freagraí seo toisc gur féintuairisciú atá i gceist leis an suirbhé seo, tá sé fós níos airde ná meán an stáit agus níos airde ná an céatadán iomlán de dhaonra an LPT a


tógadh le Gaeilge nó a tógadh le Gaeilge den chuid ba mhó (5.54% san iomlán, féach 5.3.4 thuas).

Ní raibh ach 18.61% den sampla (67 duine) ann a dúirt go raibh Gaeilge mheasartha acu, agus thuairiscigh an tromlach nach raibh acu ach Gaeilge lag – 51.11%. Deir an cúigiú cuid de na freagróirí (21.67%) nach bhfuil Gaeilge ar bith acu. Is cúis bhuartha í seo uilig gan dabht, go mbeadh cumas Gaeilge an daonra chomh lag seo i gceantar Gaeltachta ar bith. Léiriú lom eile é seo ar mhéid an dúshláin atá roimh an LPT seo mar limistéar atá aitheanta mar cheantar Gaeltachta.

D'fhág triúir an cheist seo ar lár.

5.3.6 Cumas sa Ghaeilge i gcás thuismitheoirí na bhfreagróirí Cumas Gaeilge do thuismitheoirí /Your parent's ability in Irish

Answered: 358 Skipped: 5



| | GAEILGE Ó DHÚCHAS/ NATIVE IRISH | GAEILGE LÍOFA/ FLUENT IRISH | GAEILGE MHEASARTHA/ REASONABLY GOOD IRISH | A BHEAGÁN GAEILGE/ A LITTLE IRISH | GAN GHAEILGE/ NO IRISH WHATSOEVER | NÍ BHINEANN/NÍL FHIOS AGAM / NOT APPLICABLE/DON'T KNOW | TOTAL |
|---------------------------|---------------------------------|-----------------------------|---|-----------------------------------|-----------------------------------|--|-------|
| Mo mháthair/My mother | 7.04% 25 | 8.73% 31 | 13.52% 48 | 31.55% 112 | 36.06% 128 | 3.10% 11 | 355 |
| M'athair/My father | 6.69% 23 | 6.40% 22 | 11.05% 38 | 31.69% 109 | 39.53% 136 | 4.65% 16 | 344 |
| Cúramóir Eile/Other carer | 5.00% 2 | 5.00% 2 | 2.50% 1 | 10.00% 4 | 37.50% 15 | 40.00% 16 | 40 |

Fíor 5.3.6 Cumas thuismitheoirí na rannpháirtithe

Cuireadh ceist ar dhaoine ansin le fáil amach cén cumas Gaeilge a bhí nó atá ag a dtuismitheoirí nó cúramóirí eile. D'fhreagair tuairim is 7% go raibh Gaeilge ó dhúchas ag a máthair agus athair (7.04% agus 6.69% faoi seach), agus dúirt 5% go raibh Gaeilge líofa ag cúramóir eile dá gcuid.

Bhí na figiúirí i leith tuismitheoirí agus cúramóirí le Gaeilge líofa gar go leor do na figiúirí i leith cainteoirí dúchais – 8.73% agus 6.4% de na máithreacha agus na haithreacha faoi seach, agus 5% arís i leith cúramóirí eile.

Bhí sé suntasach go raibh an oiread sin freagróirí ann nach raibh Gaeilge ar bith ag a dtuismitheoirí nó a raibh a dtuismitheoirí ar bheagán Gaeilge. Dúirt 31.55% agus 31.69% nach raibh ach Gaeilge lag ag a máthair agus a n-athair. Thuairiscigh 10% an rud céanna i leith cúramóirí eile. Mhaigh 36.06% agus 39.53% nach raibh Gaeilge ar bith ag a máthair agus a n-athair agus dúirt 37.5% an rud céanna faoi chúramóirí eile.

D'fhág cúigear an cheist seo ar fad ar lár.

5.3.7 Scileanna éagsúla teanga

Céard é do chumas Gaeilge sna scileanna seo a leanas? What is your Irish-language ability in the following skills?

Answered: 360 Skipped: 3



| | AN-MHAITH VERY GOOD | MAITH GOOD | RÉASÚNTA REASONABLY GOOD | LAG POOR | NÍL SEO AGAM NONE | TOTAL | WEIGHTED AVERAGE |
|------------------------|---------------------|--------------|--------------------------|---------------|-------------------|-------|------------------|
| Tuiscint Understanding | 13.09% 47 | 17.27% 62 | 25.07% 90 | 23.96% 86 | 20.61% 74 | 369 | 1.78 |
| Labhairt Spoken | 8.71% 31 | 9.83% 35 | 23.88% 85 | 35.67% 127 | 21.91% 78 | 366 | 1.48 |
| Léamh Reading | 9.58% 34 | 13.52% 48 | 26.48% 94 | 26.48% 94 | 23.94% 85 | 365 | 1.68 |
| Scríobh Writing | 7.78% 27 | 8.65% 30 | 18.44% 64 | 38.33% 133 | 26.80% 93 | 347 | 1.32 |

Fíor 5.3.7 Cumais sna scileanna éagsúla teanga

Cuireadh ceist ní ba dhoimhne ansin le círadh a dhéanamh ar na scileanna teanga éagsúla atá ag na rannpháirtithe.

Mar is léir, tagann na freagraí seo leis an méid a bheifí ag súil leis bunaithe ar na torthaí a chuirtear i láthair i rannóg 5.3.5. Bhí 13.09% ann a dúirt go raibh tuiscint an-mhaith acu ar an nGaeilge. Bhí rud beag ní ba mhó daoine ann a bhí sásta a rá go raibh cumas labhartha agus léitheoireachta an-mhaith acu ná a bhí sásta a rá go raibh Gaeilge líofa acu (8.61%, féach rannóg 5.3.5)


Mar a bheifí ag súil leis, i bhfianaise patrúin sheanbhunaithe maidir le scríobh na Gaeilge agus leis an oideachas lán-Ghaeilge (Ní Mhianáin, 2003), bhí ní ba lú daoine ann a dúirt go raibh cumas scríbhneoireachta an-mhaith acu sa nGaeilge – 7.78%.

Ag teacht leis an 21.67% a dúirt i rannóg 5.3.5 thuas nach raibh Gaeilge ar bith acu, thuairiscigh thart ar an gcúigiú cuid de na freagróirí nach raibh aon cheann de na ceithre scil teanga sin acu.

5.3.8 Mianta na rannpháirtithe i leith a gcumais teanga (cuid a haon)

Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge? Would you like to improve your level of Irish?

Answered: 360 Skipped: 3



Fíor 5.3.8 Mianta i leith feabhas a chur ar chumas Gaeilge

Ábhar dóchais a bhí i dtorthaí na ceiste inar fiafraíodh de dhaoine an mbeadh suim acu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. D'fhreagair 64.44% go mbeadh suim acu a leithéid a dhéanamh, rud a thagann leis na mianta a léirítear i rannóg 5.3.17 thíos maidir le tuilleadh ranganna do dhaoine fásta a bheith ar fáil.


Ní raibh suim ag tuairim is an cúigiú cuid de na freagróirí a gcuid Gaeilge a fheabhsú (21.11%) agus ní raibh a fhios ag 14.44%. Ar ndóigh is gá fós spreagadh a thabhairt don tromlach a dúirt go mbeadh suim acu a gcuid Gaeilge a fheabhsú le go ndéanfaidh siad beart de réir briathair agus go bhfreastalóidh siad ar ócáidí agus ranganna. Ach chomh maith leis sin ba chóir d'ábhar poiblíochta iarracht faoi leith a dhéanamh daoine nach raibh a fhios acu faoi seo a mhealladh i dtreo na teanga. Moltar gúim chun seo a dhéanamh i mbearta 6.2.8, 6.4.2, 6.4.3 agus 6.9.1.

D'fhág triúir an cheist seo ar lár.

5.3.9 Mianta na rannpháirtithe i leith a gcumais teanga (cuid a dó)

Más suim leat feabhas a chur ar do chuid Gaeile, cén cineál ranga ar mhaith leat? Tá cead agat níos mó ná ceann amháin a roghnúlf you would like to improve you Irish, what classes would you like to take? You may select more than one option

Answered: 275 Skipped: 88



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|---|-------------------|
| ▼ Rang ginearálta (bunleibhéal) / General class (beginners) | 56.36% 155 |
| ▼ Rang ginearálta (meánleibhéal) / General class (intermediate) | 36.36% 100 |
| ▼ Rang ginearálta (ardleibhéal) / General class (advanced) | 12.73% 35 |
| ▼ Eile (sonraigh le do thoil) / Other (please specify) | Responses 3.27% 9 |
| Total Respondents: 275 | |

Fíor 5.3.9 Suim i ranganna éagsúla teanga

Nuair a rinneadh tuilleadh fiosrúcháin ar na rannpháirtithe a dúirt go mb'aít leofa feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge, thuiriscigh an tromlach (56.36%, 155 duine) go mbeadh suim acu i rang ginearálta ag bunleibhéal. I bhfianaise na leibhéal iséal cumais sa teanga (féach 5.3.5 agus 5.3.7) ní haon iontas é go mbeadh éileamh mór ar ranganna ag an mbunleibhéal.

Bhí suim ag breis agus an tríú cuid de na freagróirí (36.36%, 100 duine) i rang ginearálta ag meánleibhéal, agus dúirt 12.73% go mb'aít leofa freastal ar rang ardleibhéil. Toisc nach bhfuil an oiread daoine le Gaeilge mhaith sa LPT, agus toisc nach mbeadh suim ag go leor de na daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu freastal ar rang Gaeilge, is dóigh, ní haon chúis iontais é go bhfuil i bhfad níos lú éilimh ar chúrsaí ag ardleibhéal. De réir mar a dhéanann daoine ranganna ag bunleibhéal táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine a chuirfeas spéis i ranganna meánleibhéil agus ardleibhéil, áfach.

Bhí rogha ag rannpháirtithe cineál eile ranga a mholadh anseo freisin. Thapaigh naonúr (3.27%) an deis seo. As measc na bhfreagraí bailí, ba é ranganna comhrá/Gaeilge labhartha an rud ba choitianta a luadh – thagair ceathrar dó sin. Mhol duine eile rang do dhaoine a bhfuil meirg ar a gcuid Gaeilge.

D'fhág 88 duine an cheist seo ar lár, ach tá ciall leis sin nuair smaoinítear ar an 76 duine a dúirt nach mbeadh suim acu a gcuid Gaeilge a fheabhsú, agus 52 nach raibh a fhios acu (féach 5.3.8).

Tagann na moltaí uilig a dhéantar i rannóg 6.6 i dtaobh soláthar seirbhísí oideachais Ghaeilge do dhaoine fásta leis an éileamh a léirítear i dtorthaí na ceiste seo agus an chinn roimhe.

5.3.10 Suim in imeachtaí trí Ghaeilge

Nuair a tugadh deis do rannpháirtithe a rá an mbeadh suim acu in ócáidí éagsúla, fritheadh na freagraí seo a leanas. Bhí cead ag daoine ní ba mhó ná ceann amháin de na roghanna seo a dhéanamh.

Dúirt 174 duine go mbeadh suim acu i gciorcail comhrá. Luaigh go leor daoine é seo leis an CPT agus an t-ábhar seo á phlé aige le muintir na háite le linn ullmhú an phlean seo chomh maith.

Mhaígh 59 duine go mbeadh suim acu freastal ar ghrúpa léitheoireachta, agus bhí suim ag rud beag ní ba lú – 46 duine – i ngrúpa scríbhneoireachta.

Ós rud é go bhfuil suim ag an oiread seo daoine sna himeachtaí éagsúla seo, meastar gurbh fhiú cúpla ceann éagsúil a eagrú – .i. go mbeadh ciorcail chomhrá éagsúla ar siúl in ionaid agus ag amantaí éagsúla ar fud an LPT.


Dar le 91 duine go mbeadh suim acu freastal ar Chlub Foghlaimeoirí Gaeilge a d'eagródh ócáidí éagsúla, leithéidí na ngrúpaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta a luaitear thuas, ach rudaí eile cosúil le turais trí Ghaeilge agus léachtaí le haoichainteoirí chomh maith. Ag teacht leis an éileamh seo, moltar i mbeart 6.6.2 go mbunófaí Club Foghlaimeoirí Gaeilge.

D'fhág 119 duine an cheist seo ar lár, méid a fhreagraíonn, is dócha, do mheascán de na daoine a dúirt nach suim leofa a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus iad siúd nach raibh a fhios acu an raibh suim acu ann nó nach raibh.

5.3.11 Minicíocht úsáid na Gaeilge

Cé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge? How often do you speak Irish?

Answered: 344 Skipped: 19



Fíor 5.3.11 Minicíocht úsáid na Gaeilge

Nuair a cuireadh ceist ar dhaoine cé chomh minic is a labhraíonn siad Gaeilge, thuariscigh 6.96% go labhraíonn siad í go laethúil laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais, agus 4.66% go labhraíonn siad í go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais. Curtha le chéile, tá an 11.62% seo piosa maith níos airde ná na figiúirí faoi úsáid na Gaeilge atá le feiceáil i nDaonáireamh 2016 (2.86%, féach rannóg 3.3).

Cé nach ionann go díreach an cheist a cuireadh sa Daonáireamh agus an cheist a cuireadh sa suirbhé seo – agus mar sin ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir na figiúirí seo – léiríonn sé seo go bhfuil neamhréir éigin idir an dá shuirbhé seo. Ní fios cén fáth a bhfuil an neamhréir seo ann, ach meastar gur dócha gur spreag ábhar an cheistneora seo méid ní b'airde den phobal le rá gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad, agus iad ag ceapadh go gcuideodh sé le hobair an choiste dá mbeadh sé le feiceáil go bhfuil céatadán níos airde ná a bheifí ag súil leis de chainteoirí gníomhacha Gaeilge in LPTOCG. Toisc nach bhfuil miniú soiléir ar an neamhréir seo, áfach, ní mór a bheith cúramach leis na huimhreachaí a dtugtar i bhfíor 5.3.11.


Cé gur dócha go raibh roinnt daoine ann a rinne áibhéil ar cé chomh minic is a úsáideann siad a gcuid Gaeilge, mar sin féin dúirt an tromlach nach n-úsáideann siad an Ghaeilge ach go hannamh, nó nach n-úsáideann siad í riamh: 28.78% agus 36.63% faoi seach. Níl aon dabht ach gur mór an dúshlán atá ansin do limistéar atá aitheanta go hoifigiúil mar cheantar Gaeltachta.

D'fhóg 19 nduine an cheist seo ar lár.

5.3.12 Áiteacha ina labhraítear Gaeilge

Má dúirt tú to labhraíonn tú Gaeilge, cén áit/cé na háiteanna ina labhraíonn tú í? Tá cead agat níos mó ná rogha amháin a roghnú. If you answered that you speak Irish, please state where you do so. You may choose more than one option

Answered: 200 Skipped: 163



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|--|---------------------|
| ▼ Sa mbaile At home | 55.50% 111 |
| ▼ Sa láthair oibre In the workplace | 29.50% 69 |
| ▼ I siopaí In shops | 9.50% 19 |
| ▼ Le seirbhísí stáit With state services | 4.50% 9 |
| ▼ Eile (sonraigh le do thoil) / Other (please specify) | Responses 23.00% 46 |
| Total Respondents: 200 | |

Fíor 5.3.12 Úsáid na Gaeilge in áiteacha éagsúla

Is ábhar iontais é gur shonraigh an oiread sin freagróirí gur “sa mbaile” a úsáideann siad a gcuid Gaeilge – 55%, céatadán a fhreagraíonn do 111 duine. Cé gur airde i bhfad é seo ná an 40 duine a mhaígh go labhraíonn siad an Ghaeilge go laethúil – bíodh sin taobh amuigh nó taobh istigh den chóras oideachais – agus níos airde ná an figiúr a fhaightear fiú nuair a chuirtear na 24 duine a labhraíonn í go seachtainiúil leis seo, is ábhar dóchais agus misnigh é go mbeadh an oiread sin daoine sa LPT ag úsáid na Gaeilge sa mbaile fiú anois is arís.

Bhí mionlach suntasach eile ann a d’fhreagair go labhraíonn siad Gaeilge agus iad sa láthair oibre – rud eile nach mbeifí ag súil leis i bhfianaise chomh imeallaithe is atá an Ghaeilge i mbeagnach chuile chuid den gheilleagar cé is moite den chóras oideachais. Seans gur léiriú é seo ar dhea-thionchar na hoibre a dhéanann Gaillimh le Gaeilge, ach theastódh taighde eitneagrafaíochta leis seo a fhiosrú go mion.

Cé go bhfuil *Acht na dTeangacha Oifigiúla* tar éis a bheith i bhfeidhm le breis is 15 bliana, is léir nach bhfuil ann ach fíorbheagán daoine a úsáideann Gaeilge agus iad ag plé le seirbhísí stáit (4.5%, arb ionann é agus naonúr freagróirí). Cé nach fios dúinn cén céatadán a d’úsáid Gaeilge leis an stát sular tháinig an t-acht sin isteach in 2003, tá sé fós an-iseal i measc dhaonra an LPT seo (agus cinn eile freisin – féach, mar shampla, Ó Ceallaigh, 2019: 41), bíodh is go bhfuil an dalladh seirbhísí stáit lonnaithe i mbaile mór na Gaillimhe agus iad freagrach as scéimeanna teanga a bheith acu. Moltar gúm le dul i ngleic leis seo i mbeart 6.8.1.

Bhí rogha ag daoine áit nó áiteacha eile a shonrú freisin mar chuid den cheist seo. Rinne 46 duine amhlaidh (23%). As measc na bhfreagraí bailí a fritheadh, ba é le cairde nó go sóisialta, le baill teaghlaigh, agus ag ranganna nó ciorcail chomhrá na freagraí ba choitianta a bhí ann.


D'fhóg 163 duine an cheist seo ar lár – méid a fhreagraíonn, is dócha, do na 126 duine a dúirt nach n-úsáideann siad an Ghaeilge riamh, móide roinnt a dúirt nach labhraíonn siad í ach go hannamh.



5.3.13 Dearcthaí i leith na Gaeilge sa LPT

Cuir tic sa mbosca a léiríonn do dhearcadh maidir leis na ráitis seo a leanas / Please tick the box that reflects your views on the following statements.

Answered: 352 Skipped: 11



| | AONTAÍM GO MÓR/STRONGLY AGREE | AONTAÍM/AGREE | NÍL FHIOS AGAM/DON'T KNOW | EASAONTAÍM/DISAGREE | EASAONTAÍM GO MÓR/STRONGLY DISAGREE | TOTAL |
|--|-------------------------------|---------------|---------------------------|---------------------|-------------------------------------|-------|
| Tá sé tábhachtach dom stádas Gaeltachta an cheantair seo a choinneáil/Retaining the Gaelacht status of this community is important to me | 32.00% 112 | 44.86% 157 | 20.00% 70 | 2.00% 7 | 1.14% 4 | 350 |
| Ba mhaith liom go mbeadh ní ba mhó Gaeilge á labhairt sa gceantar seol/would like more Irish to be spoken in this area | 26.51% 92 | 46.40% 161 | 21.90% 76 | 3.75% 13 | 1.44% 5 | 347 |
| Ba mhaith liom go mbeadh ní ba mhó Gaeilge le cloisteáil agus le feiceáil sna gnólachaí áitiúla'd like more Irish to be seen and heard in local businesses | 27.01% 94 | 49.71% 173 | 18.10% 63 | 4.31% 15 | 0.86% 3 | 348 |
| Ba mhaith liom go mbeadh ní ba mhó Gaeilge á húsáid i saol sóisialta an cheantair This region has special advantages due to the fact that it is a Gaeltacht. | 27.22% 95 | 49.00% 171 | 18.34% 64 | 4.58% 16 | 0.86% 3 | 349 |
| Ba mhaith liom go mbeadh ní ba mhó deiseanna agamsa Gaeilge a úsáid'd like to have more opportunities to have more opportunities to use Irish | 25.95% 89 | 41.40% 142 | 24.78% 85 | 6.41% 22 | 1.46% 5 | 343 |

Fíor 5.3.13 Dearcthaí i leith na Gaeilge

Léirítear i bhfíor 5.3.13 na freagraí a fritheadh ar shraith ráiteas faoin nGaeilge. Fiafraíodh de rannpháirtithe cé chomh mór is a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na ráitis sin agus, mar is léir, tá an chosúlacht ar rudaí go bhfuil pobal an cheantair an-bháúil don teanga agus dearfach faoi stádas Gaeltachta an LPT.

D'aontaigh ar a laghad an ceathrú cuid de na rannpháirtithe “go mór” le chuille cheann de na ráitis seo. D'ardaigh seo chomh fada le trian den sampla, nach mór, i gcás na ceiste faoi stádas Gaeltachta an cheantair a choinneáil – le 32% ag aontú go láidir go raibh seo tábhachtach.

Bhí céatadán arda ann freisin de dhaoine a bhí sásta a rá gur aontaigh siad leis na ráitis seo – idir 41.4% don ráiteas “ba mhaith liom go mbeadh ní ba mhó deiseannaí agamsa Gaeilge a úsáid” agus chomh hard le 49.71% don ráiteas “ba mhaith liom go mbeadh ní ba mhó Gaeilge le cloisteáil agus le feiceáil sna gnólachtaí áitiúla”.

Cé gur mionlaigh iad seo fós, nuair a chuirtear le chéile na figiúirí do na daoine a d'aontaigh “go mór” agus na daoine nach ndúirt ach gur aontaigh siad, feictear go bhfuil an-dea-thoil i leith na teanga sa limistéar seo. Tagann seo le go leor taighde eile a rinneadh ar dhearcthaí i leith na Gaeilge (mar shampla Mac Gréil agus Rhatigan, 2009; Conradh na Gaeilge, 2015) agus tugann sé bunús dearfach don phlean seo ar féidir tógáil air sna blianta atá romhainn.

Is fiú suntas a dhéanamh don ráiteas leis an méid is lú daoine a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir leis – “ba mhaith liom go mbeadh ní ba mhó deiseannaí agamsa Gaeilge a úsáid”. Cé gur thacaigh tromlach mór (67.35%) leis, bhí seo ní ba lú ná gach ráiteas eile. Téann seo go croí an dúshláin a bhaineann leis an bpleanáil teanga – bíonn go leor daoine ag iarraidh go mbeadh an sprioctheanga beo beathach, ach ní bhíonn an oiread céanna ag iarraidh rud a dhéanamh leis seo a chinntiú iad féin. Mar sin féin, is mór an rud é go mbeadh 67.35% den sampla ag iarraidh tuilleadh deiseannaí leis an nGaeilge a úsáid, agus déanfar go leor moltaí sa gcéad chaibidil eile faoi chruthú deiseannaí mar seo do dhaoine.

Bhí líon na ndaoine a d'easaontaigh nó a d'easaontaigh go láidir leis na ráitis seo íseal go maith – ní raibh ní ba mhó ná 6.41% i gceist le ceachtar de na roghanna seo d'aon cheann de na ráitis – agus ba mhinice an toradh ní ba ghiorra do 2%.


Ní raibh a fhios acu nó ní léiríodh tuairim i gcás thart ar an gcúigiú cuid den sampla faoi na ráitis seo – idir 18.34% agus 24.78% i gcás na roghanna ar fad.

D'fhág 11 duine an cheist seo ar lár.

5.3.15 Úsáid na Gaeilge ag ócáidí sóisialta

Ar mhaith leat go mbeadh an Ghaeilge in úsáid ag ócáidí / i ngníomhaíochtaí sóisialta ina bhfuil spéis agat? Would you like to see Irish used on occasions or social activities in which you are interested?

Answered: 337 Skipped: 26



| ANSWER CHOICES | RESPONSES |
|-------------------------|------------|
| Ba mhaith I would | 78.34% 264 |
| Níor mhaith I would not | 21.66% 73 |
| TOTAL | 337 |

Fíor 5.3.15 Úsáid na Gaeilge ag ócáidí sóisialta

Léiriú dearfach eile a bhí i dtoradh na chéad ceiste eile inar fiafraíodh de dhaoine an mb'aít leofa go mbeadh ní ba mhó Gaeilge in úsáid ag ócáidí nó gníomhaíochtaí sóisialta ina bhfuil spéis acu. D'fhreagair 78.34% go mb'aít, méid arb ionann é agus 264 duine. Níor fhreagair ach thart ar an gcúigiú cuid den sampla nach mbeadh suim acu ina leithéid – 21.66% (73 duine).


D'fhág 26 duine an cheist seo ar lár.

Iarradh ansin ar rannpháirtithe a dúirt go mbeadh suim acu ina leithéid sampla a thabhairt den chineál ócáide a bhí ar intinn acu. D'fhreagair 153 duine an cheist seo agus d'fhág 210 ar lár í. Sna freagraí bailí a fritheadh, tháinig cúpla rud aníos aríst is aríst. Luadh go minic, mar shampla, cúrsaí spóirt – peil, sacair, iománaíocht, leadóg, srl. Luadh freisin damhsaí agus seirbhísí eaglasta ar nós an Aifrinn, sochraidí, bainiseacha, srl. Thagair go leor daoine don ghá atá le hócáidí neamhfhoirmeálta a eagrú a bhéarfas deis do dhaoine an Ghaeilge a úsáid gan a bheith buartha faoina gcumas (nó easpa cumais) sa teanga. Mhol roinnt mhaith daoine club sóisialta d'fhoghlaimoírí – rud a phléitear i mbeart 6.5.2. Moladh chomh maith féilte a eagrú sa gceantar agus béim a chur ar an nGaeilge iontu – moltar Féile Ghaeilge an Bhruaigh Thoir a bhunú i mbeart 6.10.3.

5.3.16 Dearcthaí i leith an Ghaeloideachais sa LPT

Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn do dhearcadh maidir leis na ráitis seo a leanas /Please tick the box which that best reflects your view on the following statements.

Answered: 346 Skipped: 17



Fíor 5.3.16 Dearcthaí i leith an Ghaeloideachais

Cé nach bhfuil an Gaeleoidéachas an-fhorbartha sa gceantar seo ar chor ar bith (féachrannóg 3.5 thuas), tá sé suntasach gur mhaigh an tromlach go mbainfidís úsáid as oideachas trí Ghaeilge dá mbeadh páistí acu agus dá mbeadh an rogha ar fáil daofa.

D'aontaigh 29.82% go láidir leis an ráiteas “dá mbeadh páiste óg agam, bhainfinn úsáid as seirbhís cúraim leanaí lán-Ghaeilge dá mbeadh sí ar fáil go háitiúil”, agus bhí 40.06% eile sásta a rá gur aontaigh siad leis.

Bhí nach mór an tríú cuid den sampla (32.46%) ann a d'aontaigh go láidir leis an ráiteas “chuirfinn mo pháiste chuig réamhscoil lán-Ghaeilge dá mbeadh sí ar fáil go háitiúil”. D'aontaigh 43.57% eile leis freisin.

Dúirt 33.92% gur aontaigh siad go láidir leis an ráiteas “chuirfinn mo pháiste chuig bunscoil lán-Ghaeilge dá mbeadh sí ar fáil go háitiúil”, agus bhí 42.11% eile ann a d'aontaigh leis.

Cé go raibh siad rud beag ní b'iste, bhí na céatadáin a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir leis an ráiteas “chuirfinn mo pháiste chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge dá mbeadh sí ar fáil go háitiúil” fós ard go leor – 29.15% agus 33.82% faoi seach.

D'easaontaigh idir 7.31% agus 13.99% leis na ráitis éagsúla seo, agus d'easaontaigh idir 2.92% agus 4.08% go láidir leofa. Ba é an ráiteas “chuirfinn mo pháiste chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge dá mbeadh sí ar fáil go háitiúil” an ceann a d'easaontaigh na céatadáin ab airde leis.

Fágann an dea-thoil seo go bhfuil seans ann go mbeidh sé indéanta méadú agus forbairt a dhéanamh ar an nGaeleoidéachas sa LPT amach anseo.

D'fhág 17 nduine an cheist seo ar lár.

5.3.17 Smaointe eile

Ag deireadh an cheistneora cuireadh ceist oscailte ar dhaoine – *An bhfuil moltaí agat féin maidir le cén chaoi le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa gceantar seo?* Fágadh bearna daofa ansin chun a gcuid smaointe a chur in iúl don choiste.

Thapaigh 124 duine an deis chun a dtuairimí a nochtadh anseo agus chomh maith le go leor tráchtanna ag tabhairt tacaíochta don phróiseas go ginearálta, bhí roinnt smaointe eile ar fiú a lua agus ar tagraíodh daofa nuair a bhí bearta an phlean seo (atá i gcaibidil a sé) á scríobh.

Ní nach ionadh é gur bhain go leor de na tráchtanna seo le cúrsaí oideachais. Bhí roinnt mhaith daoine ag iarraidh go ndéanfaí jab ní b'fhearr de mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna, go ndireofaí ar labhairt na Gaeilge ní ba mhó sa gcuraclam, agus go mbeadh i bhfad ní ba mhó soláthair den tumoideachas Gaeilge sa limistéar seo (féach freisin rannóg 5.3.16). Moladh chomh maith imeachtaí don óige taobh amuigh den seomra ranga – léiríonn an “taighde gníomhach” a rinneadh mar chuid d’ullmhúchán an phlean seo cuid de na féidearthachtaí atá ann ina leith seo. Tá tuairisc ar an taighde sin le feiceáil i rannóg 5.5 ag deireadh na caibidle seo. Déantar moltaí faoi chlubanna óige trí Ghaeilge agus acmhainní/deiseanna foghlama eile don aos óg i rannóg 6.5.

Bhí go leor tráchtanna ann maidir le soláthar oideachais Ghaeilge do dhaoine fásta, rud a tháinig aníos i go leor de na comhráití a bhí ag an CPT le daoine áitiúla chomh maith. Dúradh gur chóir go mbeadh ranganna ar chostas íseal nó saor in aisce ar fáil ag amantaí agus ar laethanta éagsúla in ionaid phobail an LPT. Déantar moltaí bunaithe ar na tuairimí seo uilig faoi chúrsaí oideachais i rannóga 6.3 agus 6.6 thíos.

Bhí go leor daoine den tuairim gur chóir go mbeadh an CLG ní ba ghníomhaí dtaobh chur chun cinn na Gaeilge sa limistéar seo – go mbeadh an Ghaeilge le feiceáil ar chomharthaí agus geansaithe s’acu agus ar a gcuid leathanach ar na meáin shóisialta. Pléitear seo agus cumainn spóirt/caitheamh aimsire eile i mbearta 6.10.1 agus 6.10.2.

Shonraigh sciar suntasach de na freagraí seo rudaí a d’fhéadfaí a eagrú faoi scáth an chlub foghlaimoírí Gaeilge a mholtar i mbeart 6.6.2, mar shampla grúpaí sóisialta chun cártaí nó biongó a imirt, drámaíocht, ranganna cócaireachta nó DIY trí Ghaeilge, nó karaóke le hamhráin as Gaeilge.

Thagair go leor de na moltaí do rudaí a luadh le linn an cheistneora seo, nó do rudaí ar cuireadh ceisteanna faofa sa taighde a rinneadh le daoine óga (imeachtaí éagsúla a dhireodh orthus an go speisialta – campaí samhraidh, spóirt, clubanna óige, srl.).

Tháinig an gá le “Gaelú” a dhéanamh ar an tírdhreach teangeolaíoch suas go minic freisin – bhí go leor daoine den tuairim gur chóir go mbeadh ní ba mhó comharthaíochta trí Ghaeilge sa LPT, i siopaí agus gnólachtaí eile, agus go mbeadh tuilleadh comharthaí bóithre trí Ghaeilge ann. Pléitear seo i mbearta 6.7.1 agus 6.11.1.

Bhí go leor fiúntais sna moltaí éagsúla a rinne daoine mar fhreagra ar an gceist seo agus ba mhaith leis an CPT agus an coiste pleanála teanga buíochas a ghabháil le chuille dhuine a thóg am lena gcuid smaointe a bhreacadh síos anseo, agus le chuille

dhuine a líon amach an ceistneoir seo. Eascraíonn na bearta atá le feiceáil i gcaibidil a sé go díreach ó na freagraí seo agus ó thorthaí a bhain leis an taighde eile a rinneadh nuair a bhí an plean seo á scríobh. Creideann an CPT agus an coiste gur léiriú cruinn iad ar mhianta an phobail i leith thodhchaí na Gaeilge sa LPT seo.

5.4 Na hAgallaimh agus Grúpaí Fócais

Ag teacht leis an gcur chuige a mholtar sna heolaíochtaí sóisialta sa lá atá inniu ann (e.g. Creswell, 2013; Hult agus Johnson, 2015). baineadh úsáid as modhanna taighde cainníochtúla agus cáilíochtúla mar aon don togra taighde seo. Chomh maith leis na ceistneoirí cainníochtúla a pléadh thuas, eagraíodh agallaimh agus grúpaí fócais chun deis a thabhairt don CPT agus do bhaill an phobail plé níos doimhne a dhéanamh ar chúrsaí. Cé go bhfuil ceistneoirí an-mhaith ar fad mar bhealach le tuiscint leathan a fháil ar cheisteanna teanga i gceantar mar LPTOCC, mar gheall ar nádúr an cheistneora mar uirlis taighde bíonn an tuiscint seo sách éadomhain. Is é a mhalairt a bhíonn fíor le hagallaimh agus grúpaí fócais – faigheann an taighdeoir tuiscint dhomhain ar thuairimí grúpa beag daoine. Mar is léir, nuair a úsáidtear an dá chineál taighde seo in éindí faightear an pictiúr is iomláine agus is féidir den ábhar taighde.

Mar bharr ar an deis a thug na hagallaimh agus grúpaí fócais seo don CPT cur leis an taighde, chabhraigh an phoiblíocht a rinneadh ar na grúpaí fócais go háirithe le hobair an choiste a choinneáil i mbéal an phobail.

5.4.1 Déagóirí

Mar a luadh sa rannóg ar cheistneoir na mbunscoileanna, eagraíodh grúpaí fócais le déagóirí toisc nach bhfuil bealach ar bith eile ann le teacht orthu go héasca ó tharla nach bhfuil meánscoil sa LPT. D'fhreastail 35 duine san iomlán ar na grúpaí seo. Úsáideadh an ceistneoir a líon na daltaí bunscoile mar threoir do na grúpaí fócais sin – chuir an CPT na ceisteanna céanna ar na déagóirí is a bhí sa gceistneoir bunscoile. Go ginearálta bhí na patrúin freagraí a bheag nó a mhór mar an gcéanna leis na cinn a fritheadh i suirbhé na mbunscoileanna, mar a phléitear tríd rannóg 5.2. Bhí roinnt eisceachtaí ann, áfach: bhí ní ba mhó tacaíochta i measc na ndéagóirí do scoláireachtaí chun freastal ar choláistí samhraidh agus do chlub óige trí Ghaeilge. Cé nach raibh ann ach mionlach a léirigh suim sna rudaí seo, meastar mar sin féin gur fiú go mór na moltaí sin a chur i bhfeidhm toisc go bhféadfaidís a bheith ina

GRÚPA FÓCAIS DO DHÉAGÓIRÍ
faoin bpleanáil teanga language planning
FOCUS GROUP TEENAGERS

An bhfuil tú idir 12-19 bliana d'aois? Tá an coiste pleanála teanga ag iarraidh do thuairime faoin nGaeilge.
Gheobhaidh tú €15 mar chúiteamh ar do chuid ama!

Are you aged 12-19? The local language planning group wants to hear your thoughts on the Irish language. **Participants will receive €15 each for their time!**

Dé Máirt 22ú Deireadh Fómhair 17.30-18.30
Tuesday 22nd Oct. 17.30-18.30
Meeting room 1, Ballinfoile Castlegar Neighbourhood Centre

Tuilleadh eolais/Further information:
www.bruachthoir.ie
bruachthoir@gmail.com
087 678 5534 (Padhraic)

Iomhá 5.4.1 An póstaer poiblíochta do cheann de na grúpaí fócais

dtacaíochtaí móra d'úsáid na Gaeilge sa LPT – go háirithe i measc na hóige, atá ar an sciar is tábhachtaí den phobal ó thaobh thodhchaí na teanga de, ar ndóigh.

Cé go raibh roinnt mhaith rannpháirtithe ag na grúpaí fócais seo nach raibh suim ar bith acu sa teanga, ba dhíol suntais don CPT go raibh mionlach daoine ann a raibh suim mhór acu inti. Ag an dá ghrúpa fócais seo d'fhan cúpla duine taobh thiar tar éis an deiridh le ceisteanna a chur ar an CPT faoi cén chaoi leis an teanga a foghlaim, nó faoi dheiseanna cleachtaidh, deiseanna fostaíochta, tábhacht ghinearálta na teanga agus eile. Cé gur léir go mbeadh sé an-deacair ar fad na daoine nach raibh aon suim acu sa teanga a mhealladh le páirt a ghlacadh sna rudaí a mholtar i gcaibidil a sé, meastar go bhfuil féidearthachtaí móra ann ó thaobh an mionlach de dhéagóirí a bhfuil suim acu sa teanga a mhealladh, go háirithe nuair a bheas feachtas feasachta comhordaithe ar siúl (féach beart 6.2.8).

5.4.2 Tuismitheoirí

Labhair an CPT le roinnt tuismitheoirí atá ina gcónaí in LPTOIG. Meascán a bhí iontu seo – tuismitheoirí le páistí ag aois na réamhscoile, iad siúd le páistí sa mbunscoil i Mionloch ina múintear gach rud trí Ghaeilge agus tuismitheoirí le páistí sna scoileanna Béarla sa LPT. Ní raibh aon duine acu ag déanamh iarracht a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge, áfach.

Bhí suim ag an gcuid ba mhó de na tuismitheoirí seo in ábhar oideachasúil Gaeilge do pháistí – mar shampla leabhra scéalaíochta, póstaer, lipéid/greamáin le hainmneacha do gnáthrudaí sa teach (“cuisneoir”, “cófra”, “ríomhaire” srl.). Moltar i mbeart 6.4.1 a leithéid a chur ar fáil.

Bhí suim ag roinnt mhaith tuismitheoirí i ranganna do dhaoine fásta, ach dúirt go leor acu gur gá iad a reáchtáil ag amantaí éagsúla – ní mar ranganna oíche amháin mar ní fheileann siad sin do thuismitheoirí go minic.

Luagh cuid de na tuismitheoirí a bhfuil páistí s'acu ag freastal ar Scoil Bhríde go mbeadh sé ina chúnamh daofa dá mbeadh ceardlanna faoi leith ar fáil chun iad a chumasú le cuidiú lena bpáistí agus iad ag déanamh obair bhaile trí Ghaeilge.

Bhí na tuismitheoirí ar fad lena labhair an CPT den tuairim gur chóir ócáidí don óige a eagrú agus grúpa óige trí Ghaeilge a bhunú sa LPT (bearta 6.5.1 agus 6.5.2).

Cé go raibh na tuismitheoirí ar fad sách báúil don teanga, ba léir don CPT go raibh go leor acu ann nach raibh go hiomlán cinnte faoin bhfáth a bhfuil an teanga tábhachtach nó cé na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas. Déanfar iarracht tuismitheoirí le páistí óga nó “tuismitheoirí féideartha” (daoine a bhféadfadh clann a bheith acu amach anseo) go háirithe a mhealladh i dtreo na Gaeilge le bearta 6.4.2 agus 6.4.3, mar shampla.

5.4.3 Oibríthe naíonra

Tá sé naíonra sa limistéar agus labhair an CPT le hoibríthe ó gach aon cheann acu. Mar a luadh i rannóg 3.5, áfach, tá cúig cinn de na naíonraí seo ag feidhmiú trí Bhéarla. Is é Bóin Dé i Mionloch an t-aon cheann amháin atá ag teagasc trí Ghaeilge,

agus é lonnaithe taobh istigh de scoil atá ag cur an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 i bhfeidhm.

Bhí na hoibrithe lenar labhair an CPT uilig an-bháúil don teanga, ach bhí iad siúd atá ag obair in ionaid a fheidhmíonn trí Bhéarla ar fad imníoch nach mbeidís in ann an oiread sin a dhéanamh leis an nGaeilge a chur cinn toisc nach bhfuil siad compordach léi iad féin. Ar ndóigh díreofar iad i dtreo na ranganna éagsúla do dhaoine fásta amach anseo (féach beart 6.6.1).

Bhí suim mhór ag na hoibrithe naíonra ar fad – go háirithe na naíonraí Béarla – in acmhainní trí Ghaeilge do pháistí óga, agus bhí go leor de na hoibrithe a labhair leis an CPT den tuairim nach raibh mórán ar fáil a bhí feiliúnach daofa. Mar gheall ar chomh coitianta is a bhí an tuairim sin, moltar i mbeart 6.4.5 go gcuirfear cuid de bhuiséad na pleanála teanga ar fáil chun acmhainní a sholáthar do na naíonraí. D'fhéadfaí na naíonraí (agus na bunscoileanna) a úsáid mar ionaid chun ábhar Gaeilge a dháileadh ar thuismitheoirí, de réir mar a phléitear i mbeart 6.4.1.

Toisc nach bhfuil na hoibrithe i naíonraí Béarla compordach leis an nGaeilge labhartha bhí faitíos orthu nach mbeidís in ann leas a bhaint as cuid de na hacmhainní (ar nós leabhra, póstaer srl.) atá ar fáil. Mar gheall air sin mhol duine amháin go ndéanfaí taifeadtaí de chainteoir Gaeilge ag léamh amach scéalta as leabhra do ghasúir. Moltar cainteoir dúchais as an LPT a fháil leis seo a dhéanamh (féach beart 6.4.5). Seans go bhféadfaí na taifeadtaí seo a chur ar fáil ar www.bruachthoir.ie.

Luagh cúpla duine acu go mbeadh suim acu comharthaí i nGaeilge a chur in airde freisin agus go mbeadh sé ina chúnadh mór daofa dá mbeadh seirbhís aistriúcháin ar fáil chun póstaer agus lipéid nó teachtaireachtaí do thuismitheoirí a aistriú go cruinn.

5.4.4 Múinteoirí

Labhair an CPT le múinteoirí áitiúla agus chuir sé agallaimh ar na príomhoidí ar fad i scoileanna an LPT.

Bhí siad uilig fabhrach i dtaobh iarrachtaí an choiste agus sásta go raibh an phleanáil teanga ar siúl in LPTOIG. Bhí formhór na múinteoirí den tuairim go mbeadh sé go hiontach dá bhféadfaí ranganna oíche do thuismitheoirí/daoine fásta a reáchtáil sna scoileanna féin. Dar leofa go mbeadh éileamh mór ar ranganna den chineál sin.

Luadh arís is arís eile cé chomh tábhachtach is atá sé an Ghaeilge a mhúineadh ar bhealach spráúil, neamhfhoirmeálta. Shíl siad ar fad go raibh tábhacht faoi leith le hócáidí teanga-bhunaithe taobh amuigh de ghnáthobair an tseomra ranga – rudaí ar nós ceardlanna, turas, aoichainteoirí, srl. Bhí siad uilig ag súil go bhféadfaí tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil daofa mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean seo chun rudaí den sórt sin a eagrú taobh amuigh den scoil.

5.4.5 Lucht cumainn/spóirt

Chuir an CPT agallamh ar chúpla duine a bhíonn ag plé le cúrsaí spóirt sa LPT. Daoine a bhí iontu seo a raibh suim faoi leith acu sa teanga, mar sin ní móide go mbeadh a gcuid tuairimí ionadaíoch ar thuairimí daoine eile a bhíonn ag plé le cúrsaí mar seo.

Shíl siad uilig nach ndéanann an CLG a dhóthain go háitiúil chun an Ghaeilge a chur chun tosaigh. Cé go mbíonn oifigigh Ghaeilge ag gach cumann, dúradh nach iad is gníomhaí ar na saolta seo. Beidh ar an OPT dul i bhfeidhm ar na cumainn seo. Seans go bhféadfadh an cumann CLG lánGhaeilge, *Gaeil na Gaillimhe*, cuidiú leis seo agus moltaí a thabhairt do chumainn ar mian leo tuilleadh a dhéanamh ar son na Gaeilge.

Luadh leis an OPT freisin gur deacracht é don phlean teanga seo go dtéann go leor daoine chuig cumainn spóirt/caitheamh aimsire taobh amuigh den LPT. Táthar ag súil go mbeidh an plean teanga do Ghaillimh mar bhaile seirbhíse Gaeltachta ina chúnadh leis seo agus go ndéanfar iarracht “Gaelú” a dhéanamh ar ghrúpaí spóirt agus caitheamh aimsire atá lonnaithe taobh amuigh den LPT sa mbaile mór.

Tá na moltaí i mbearta 6.10.1 agus 6.10.2 dírithe ar na réimsí sin.

5.4.6 Lucht gnó

Labhair an OPT le thart ar 15 dhuine a bhíonn ag plé le cúrsaí gnó agus trádála sa limistéar freisin. Bhí ionadh ar roinnt mhaith acu go raibh plean den chineál seo á ullmhú don cheantar, ach bhí siad uilig báuil dá spriocanna.

Murabionann agus go leor LPTanna eile sa tír, de bharr shárobair Ghaillimh le Gaeilge sa gcathair le blianta fada anuas tá tuiscint mhaith ag lucht gnó in LPTOIG ar thábhacht agus luach na Gaeilge. Go deimhin tá roinnt mhaith comhlachtaí sa gceantar a bhfuil duaiseanna bainte amach acu mar gheall ar a gcuid iarrachtaí ag cur na Gaeilge chun cinn ar chomharthaíocht agus a leithéid. Moltar go leanfar leis an dea-obair seo ar ndóigh, agus iarrfar tacaíocht ó Ghaillimh le Gaeilge chun tuilleadh a dhéanamh sa LPT seo (féach beart 6.7.1).

Bhí roinnt daoine den tuairim go mbeadh sé ina chúnadh dá mbeadh ranganna faoi leith ann d'fhreastalaithe i siopaí, bialanna srl. a mhúinfeadh daofa cén chaoi le freastal a dhéanamh ar dhuine trí Ghaeilge. D'fhéadfaí a leithéid de chúrsa a reáchtáil faoi bheart 6.6.1 nó scoláireacht amháin do chúrsaí samhraidh (beart 6.6.3) a chur ar leataobh gach bliain do dhuine a oibríonn san earnáil seo, b'fhéidir.

Luagh duine amháin leis an CPT go mbeadh sé go maith dá bhféadfaíscéim a eagrú a bhéarfadh lascaine do dhaoine a dhéanann a ngnó trí Ghaeilge le comhlachtaí atá lonnaithe sa LPT. D'fhéadfaí seo a eagrú in éindí le Gaillimh le Gaeilge agus an plean teanga do Ghaillimh mar bhaile seirbhíse Gaeltachta, seans.

5.4.7 Pointí eile a d'eascair as na hagallaimh

Is fiú a lua freisin gur tháinig pointe eile aníos arís is arís sna hagallaimh a rinne an CPT – gur fíorbheagán Gaeilge atá á labhairt anois i bhformhór mór an LPT seo, mar is léir ó na staitisticí a phléitear i rannóga 3.3, 5.2 agus 5.3 thuas. Bhí cuid de na hagallaithe amhrasach faoin bhfiúntas a bheadh le plean teanga Gaeltachta a ullmhú don

cheantar dá bharr sin, go háirithe má táthar ag glacadh leis go bhfuil stádas/láidreacht na Gaeilge in LPTOIG an-éagsúil ón stádas/láidreacht atá aici i gCathair na Gaillimhe fré chéile – rud nach bhfuil fíor i ndáiríre (féach rannóg 3.3).

Ar ndóigh, mar atá soiléir ón léarscáil i rannóg 3.1 thuas, tá go leor den LPT seo comhdhéanta d'eastáit tithíochta atá taobh istigh den cheantar uirbeach a bhaineann le cathair na Gaillimhe, de réir mar a thuigtear é go coitianta. Bhí na háiteanna seo faoin tuath nuair a leagadh amach teorainneacha na Gaeltachta in 1956, agus bhí Gaeilge ag céatadán suntasach den bheagán daoine a raibh cónaí orthu sna codanna sin den LPT ag an am. Ní hamháin go bhfuil iompú leanúnach teanga tar éis a bheith ar siúl sa LPT ón am a socraíodh gur ceantar Gaeltachta é seo (mar atá iompú teanga tar éis tarlú i chuide cheantar Gaeltachta san achar céanna), ach tá athrú sóisialta agus déimeagrafach an, an-mhór tar éis tarlú in LPTOIG freisin – athrú níos mó ná atá feicthe ag aon chuid eile den Ghaeltacht oifigiúil.

Níl aon dabht ach go bhfágann seo uilig go bhfuil deacrachtaí agus dúshláin mhóra roimh an bpleanáil teanga ar an mBruach Thoir. Ach tá dúshláin den sórt céanna roimh go leor leor pobal ina labhraítear mionteangacha ar fud an domhain, an dalladh acu níos laige ná an Ghaeilge in LPTOIG, fiú. Dá bharr seo, déantar roinnt moltaí i gcaibidil a sé atá faoi thionchar *“salvage linguistics”* – cur chuige a mholtar maidir le teangacha atá i mbéal a mbáis go luath – féach, mar shampla bearta 6.6.4 agus 6.6.5. Chomh maith le caomhnú na n-iarsmaí den Ghaelachas atá fágtha ar an mBruach Thoir, moltar freisin iarracht a dhéanamh daoine a chur ar an eolas faoin oidhreacht Ghaelach a bhíodh láidir sa gceantar seo go dtí cúpla scór bliain ó shin. Táthar ag súil go gcuideoidh rudaí ar nós an fheachtais feasachta (6.2.8 agus 6.3.5) agus Féile Ghaeilge an Bhruaigh Thoir (beart 6.10.1) leis seo agus go spreagfaidh an tuiscint seo daoine sa gceantar le suim níos mó a chur sa teanga sa lá atá inniu ann. Déanfar freastal ar an éileamh seo leis na bearta eile ar nós ranganna agus scoláireachtaí agus an club foghlaimoirí Gaeilge (bearta 6.6.1, 6.6.2 agus 6.6.3).

5.5 An Taighde Gníomhaíochta

Mar a luadh i rannóg 4.3.2.4, rinneadh taighde gníomhaíochta i Scoil Bhríde i Mionloch mar chuid den togra seo. Moltar an taighde gníomhaíochta go minic mar bhealach le tabhairt faoi thaighde i gcomhthéacs scoile. Bhain Scoil Bhríde triail as ceardlanna drámaíochta, le maoiniú ó CPTBT, mar bhealach leis an nGaeilge a chur chun cinn ar bhealach spraiúil. Ag deireadh na gceardlann seo chuir daltaí na scoile dráma Nollag i láthair an phobail. Is í seo a leanas an tuairisc a scríobh an príomhoide i Scoil Bhríde, Máire de Brún, ar rath na hiarrachta sin:

“Dráma na Nollag – Searlaí agus an Mhonarchan Seacláide: Comhghairdeas mór leis na páistí as an dráma “Searlaí agus an Mhonarchan Seacláide” a chur le chéile! Bhíodar goléir go hiontach. Is iontach an rud é an talann ceolmhar agus drámaíochta atá ag dul ó neart go neart a fheiceáil sa scoil.

Ba é seo an chéad uair gur chuir Scoil Bhríde ceoldráma Gaeilge le chéile do mhuintir na háite agus ba léir dúinn uilig ar fhoireann na scoile gur fiú gníomhaíochtaí mar seo a dhéanamh chun Gaeilge na bpáistí, agus Gaeilge Mhionlaigh ar ndóigh, a chur chun cinn. Bhain muid triail as sraith ceardlanna a eagrú leis na páistí i gcaitheamh

an chéad seimeastair de scoilbhliain 2019/20 agus sa deireadh chuir muid an dráma ar stáitse. Tá Scoil Bhríde ag glacadh páirt sa scéim aitheantais mar scoil Ghaeltachta; dá bhrí sin caithfear béim a chur ní hamháin ar Ghaeilge mar ábhar ach mar theanga beo labhartha. Ba léir ón gceoldráma go bhfaca na páistí an fiúntas a bhaineann lena dteanga dhúchais féin agus gur thuig siad gur féidir spraoi iontach a bheith ag baint léi. Bhí an drámaíocht an-éifeachtach shíl muid mar mheán leis seo a léiriú mar is caint bheo a bhíonn i gceist leis ó thús deireadh.

Bhí páirt lárnach ag chuille rang ar stáitse agus léirigh siad ar fad an pháirt sin go héifeachtach agus go muiníneach. Bhí an lucht éisteachta an-tógtha leis na hOompaí Loompaí ach go háirithe! Bhí cur i láthair iontach ag an Winnie Wonka agus na príomhaisteoirí eile, agus a gcuid línte léirithe agus ráite go soiléir acu i nGaeilge mhaith, chruinn. Ní fhéadfadh an dráma a reáchtáil ar ndóigh gan an criú chúlstáitse, a rinne cinnte i gcónaí go raibh chuile rud in eagar ar an stáitse. Bhí cuid lárnach agus tábhachtach ag chuille dhalta beo sa seó, agus an obair uilig déanta trí Ghaeilge. Thug seo taithí thábhachtach do na páistí a bheith ag úsáid na teanga agus iad taobh amuigh den rang agus d'fheabhsaigh a misneach agus líofacht dá bharr.

Is dúshlán mór é ceoldráma a chur le chéile le grúpa mór scoláirí, agus ní fhéadfadh an seó seo a reáchtáil gan obair dhiograiseach, dhícheallach na ndaltaí agus fhóireann na scoile. Bhí chuile ghrúpa ar an stáitse ullmhaithe agus réidh le dul ar an ardán. Bhreathnaigh na scoláirí an-phroifisiúnta ina gcuid cultacha agus bhí a gcuid amhránaíochta agus damhsa ar leibhéal eile freisin! Ní chloisfeá a leithéid ach ar "Broadway" b'fhéidir!

Thug na tuismitheoirí an-chúnamh agus tacaíocht freisin agus is mar gheall orthu gur éirigh leis an oíche. Míle buíochas leis an tógáilaithe seit agus Mary Lee freisin as an gcúlra stáitse a chur le chéile. Buíochas freisin le Willie Campbell as ucht an chomhairle, soilsí agus earraí stáitse. Ní fhéadaimis dearmad a dhéanamh freisin ar na tuismitheoirí a thug cabhair ar an oíche; ag déanamh tae, ag bailiú airgid ag an doras agus na tuismitheoirí eile a chabhraigh linn le haghaidh an ghlantacháin. Gabhaimid buíochas leis an Athair Raghallaigh a bhí ann chun an ócáid speisialta seo a bheannú. Tá muid an-bhuíoch go deo do Choiste Pleanála Teanga an Bhruaigh Thoir óir gan iadsan is cinnte nach mbeadh an scoil tar éis a bheith in ann an seó seo a ullmhú agus a chur ar stáitse agus an taithí luachmhar seo a chur ar fáil do na páistí. Ní neart go cur le chéile."

Is léir mar sin go bhfuil tairbhe mhór ag baint le himeachtaí seach-churaclaim den chineál seo. Chuidigh an taighde seo ní hamháin le rud úr a thriail i scoil atá ag cur an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta i bhfeidhm, ach le hainm an choiste a scaipeadh i measc an phobail go héifeachtach.

Moltar de bharr rath an tionscadail seo go dtabharfar tacaíocht do Scoil Bhríde agus an dá bhunscoil eile sa LPT ar bhonn bliantúil le go mbeidh siad in ann tograí den chineál seo a reáchtáil taobh amuigh d'am scoile go leanúnach agus leas a dhéanamh ar son na teanga dá bharr – féach bearta 6.3.2 agus 6.3.3 le haghaidh tuilleadh sonraí faoi seo.

6. Bearta an Phlean

6.1 Réamhrá

Sa gcaibidil seo leagtar amach bearta an phlean teanga seo. Is iad na bearta seo croí an phlean, óir is iad seo na rudaí a dhéanfar chun an Ghaeilge a neartú in LPTOOG le linn na seacht mbliana atá ann do chur i bhfeidhm an phlean. Eascraíonn na bearta seo uilig as na torthaí taighde a cuireadh in iúl i gcaibidil a cúig, chomh maith leis an dea-chleachtas a léirítear sa litríocht idirnáisiúnta ar an athneartú teanga.

Mar a fheicfear, baineann na bearta seo le go leor gnéithe éagsúla den saol in LPTOOG – rud atá ag teacht le tuiscintí coitianta i litríocht na socheolaíochta teanga ar an ngá le próiseas uileghabhálach chun mionteanga a chur chun cinn (féach, mar shampla, Bourdieu, 1991: 57).

Déanfar monatóireacht ar éifeacht agus fheidhmiú na mbeart ar fad le linn a gcur i bhfeidhm. Mínítear an bealach a dhéanfar seo le gach beart faoi leith agus san eolas breise faoin gcóras monatóireachta a dtugtar i gcaibidil a hocht. Chomh maith leis sin, ceapfar struchtúir fheidhmiúcháin agus oifigeach pleanála teanga chun na bearta seo a chur i bhfeidhm (féach rannóg 6.2). Leagtar amach amscála do chur i bhfeidhm na mbeart uilig ag deireadh na caibidil seo i rannóg 6.13.

Tá an Cheanneagraíocht/Coiste Pleanála Teanga an Bhruaigh Thoir, an CPT agus na páirtithe leasmhara éagsúla sásta leis na bearta seo, agus le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí (féach rannóg 4.2.7) léirigh an pobal fré chéile a gcuid tacaíochta daofa freisin.

Baineann an phlean seo leis an bpobal ar fad, ar ndóigh, agus tá CPTBT ag tnúth le bheith ag obair leis an bpobal agus leis an oifigeach pleanála teanga a cheapfar chun na bearta seo a chur i bhfeidhm chun sochar na Gaeilge ar an mbruach thoir.

Ag teacht leis na treoirlínte pleanála teanga a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta in 2018 (RCOG, 2018b: 53) rangáitear na bearta thíos de réir na réimsí seo a leanas:

- A. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- B. Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
- C. **Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile;**
- D. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais;
- E. An Earnáil Ghnó;
- F. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn;
- G. Na Meáin Chumarsáide;
- H. Seirbhísí Poiblí;
- I. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil;
- J. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire;
- K. Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith.

Sonraítear le chuile bheart freisin cé acu de na critéir pleanála teanga lena mbaineann sé. Tá na critéir pleanála teanga atá leagtha amach faoi alt 12 d'Acht na Gaeltachta, 2012 le feiceáil in Aguisín a cúig ag deireadh na cáipéise seo (rannóg 11.5).

6.2 Feidhmiú an Phlean Teanga

6.2.1 Eagrais Pobail a bhunú agus a reáchtáil

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Eagrais pobail a bhunú agus a reáchtáil sa LPT |
| Réimsí an Bhirt | H, I |
| Critéir PT | 1 |
| Aidhm an Bhirt | Struchtúr dlíthiúil a chruthú leis an bpróiseas pleanála a stiúradh sa LPT |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Mar a pléadh i gCaibidil 2, níl aon eagrais pobail sa LPT seo le bheith i bhfeighil ar an bpróiseas mar atá i limistéir eile • Moltar mar sin ceann a bhunú sa LPT • Déanfar stocaireacht ar Údarás na Gaeltachta faoi seo • Táthar ag súil go ndéanfaidh an tÚdarás stocaireacht ansin ar RCOG chun airgead caipitil a chinntiú leis seo a dhéanamh |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • CPTBT (príomhúinéir) • Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) • Pobal an LPT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €75,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €15,000 sa gcéad bhliain. Cuirtear €5,000 san áireamh anseo le haghaidh trealamh oifige. Mar bharr ar an €5,000 sin beidh €5,000 eile ar fáil freisin ó scéim trealaimh oifige Údarás na Gaeltachta, ach meastar go mbeidh gá le níos mó ná sin a chaitheamh ar threalamh tráth a bhunófar an t-eagrais. €10,000 sa mbliain ó bhliain 2-7 |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Ní mheastar go mbainfidh aon dúshlán leis an stocaireacht seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Ní bhaineann |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfar plé air seo ag na cruinnithe coiste a luaitear i mbeart 6.2.1 |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh rath ar an mbeart seo má bhunaítear eagrais |

6.2.2 Struchtúr Feidhmithe

| | |
|---|--|
| Beart | CPTBT a athcheapadh agus baill nua a earcú |
| Réimsí an Bhirt | F |
| Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an Beart ("Critéir PT" Feasta) | 1, 19 |
| Aidhm an Bhirt | Coiste buan atá ionadaíoch ar phobal an LPT a cheapadh chun chur i bhfeidhm an phlean seo a stiúradh |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Is é CPTBT a bheas i bhfeighil ar chur i bhfeidhm an phlean seo, cé gurb é an tOifigeach Pleanála Teanga ("OPT" feasta, féach beart 6.2.2) a bheas freagrach as cur i bhfeidhm na mbeart ó lá go lá • Déanfar iarracht baill úra a earcú ag ócáidí cosúil le seoladh an phlean (beart 6.2.4) agus rudaí eile a eagrófar mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean • Cuirfear amach preasráiteas freisin ag fógairt go bhfuil fáilte roimh dhaoine eile atá ag iarraidh páirt a ghlacadh ann • Tabharfaidh an coiste seo stiúir, moltaí agus tacaíocht don OPT ar bhonn rialta • Beidh ról eiseamláireach ag baill an choiste ó thaobh chur i bhfeidhm bhearta an phlean teanga de |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • CPTBT (príomhúinéirí) • An OPT (rannpháirtí) • Muintir an LPT (rannpháirtithe) • Cumainn agus eagraíochtaí an LPT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | Ní bhaineann |
| Costas in aghaidh na bliana | Ní bhaineann |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán an chur i bhfeidhm ("Dúshlán" feasta) | Rannpháirtíocht/suim an phobail a spreagadh agus a choinneáil le linn thréimhse chur i bhfeidhm an phlean teanga |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfar iarracht faoi leith a thaispeáint don phobal an tábhacht a bhaineann leis an obair seo. Cuideoidh an feachtas feasachta (beart 6.2.8) leis seo a dhéanamh |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Beidh cruinnithe rialta ag an gcoiste seo, uair sa ráithe ar a laghad – má thiteann an tinreamh déanfar tuilleadh poiblíochta ar an gcoiste chun baill úra a mhealladh |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa bplean teanga |

6.2.3 Ceapachán an Oifigigh Pleanála Teanga

| | |
|---------------------------------------|--|
| Beart | OPT a fhostú chun an plean teanga a chur i bhfeidhm |
| Réimsí an Bhirt | Iad uilig |
| Critéir PT | 3, 8, 10, 11, 12, 19 |
| Aidhm an Bhirt | OPT cumasach a bhfuil na scileanna riachtanacha a cheapadh do LPTOCCG |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Cé go mbeidh ról stiúrtha ag CPTBT, is é an OPT is mó a bheas freagrach as cur i bhfeidhm an phlean seo ó lá go lá Beidh duine leis na scileanna cuí ag teastáil don obair thábhachtach seo Beidh cead ag an OPT bearta a athmhúnlú agus/nó bearta nua a cheapadh de réir mar a leanann an chur i bhfeidhm ar aghaidh, ag brath ar thoradh na monatóireachta a dhéanfar ar an bplean agus iad a bheith aontaithe leis an gceanneagraíocht, leis an gcoiste agus le hÚdarás na Gaeltachta Tabharfaidh CPTBT a dtacaíocht iomlán don OPT agus beidh cruinnithe rialta acu le chéile, ar a laghad uair sa ráithe |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> CPTBT (príomhúinéirí) An OPT (rannpháirtí) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1: An post a fhógairt, iarrthóirí a chur faoi agallamh, OPT a cheapadh agus oifig fheiliúnach a aimsiú dó/dí (féach beart 6.2.3) Bliain 1-7: Cur i bhfeidhm an bhirt |
| Costas Measta Iomlán | €2,000 (earcaíocht) + €21,000 (taisteal) + €371,850 (tuarastal) = €394,850 |
| Costas in aghaidh na bliana | €2,000 – próiseas earcaíochta i mbliain a haon €3,000 – costais taistil chuile bhliain Tuarastal ag tosú ag €35,000 (lúide cáin an fhostóra – 10.85% – cuirtear sin san áireamh i dtábla 7.1, áfach) do bhliain a haon agus ag ardú €2,500 in aghaidh na bliana go dtí deireadh na seacht mbliana, nuair a bheas sé ag €50,000 |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshláin | Duine a aimsiú ag a bhfuil na cáilíochtaí a theastaíonn don obair seo |
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Beidh gá le feachtas leathan poiblíochta a dhéanamh chun an folúntas seo a fhógairt go fairsing. Bainfear úsáid as na meáin thraidisiúnta agus shóisialta (raidíó, nuachtáin, Facebook, Tuairisc.ie, srl.) chun seo a dhéanamh. Iarrfar ar ollscoileanna eolas faoi a scaipeadh freisin. Mura bhfuil aon duine ar fáil ag a bhfuil cáilíochtaí cuí breathnófar go fabhrach ar dhuine ag a bhfuil cáilíocht i bhforbairt pobail leis an gcoinníoll go mbainfí amach cáilíocht sa bpleanáil teanga taobh istigh d'achar ama áirithe |

| | |
|-------------------------------------|--|
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Pléifear dul chun cinn na hoibre leis na páirtithe leasmhara ag na cruinnithe coiste a luaitear i mbeart 6.2.1 |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath na mbeart eile uilig |



6.2.4 Oifig an Oifigigh Pleanála Teanga

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Oifig a fáil ar cíós don OPT |
| Réimsí an Bhirt | K |
| Critéir PT | lad ar fad |
| Aidhm an Bhirt | Láthair oibre fheiliúnach a chur ar fáil don OPT, mar aon le trealamh cuí – ríomhaire, ceangal idirlín, fón, srl. |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Ní mór láthair oibre fheiliúnach a bheith ar fáil don OPT Táthar ag súil go mbeidh deis ann oifig a roinnt le OPT an Eachréidh nó le hoifigeach teanga don bhaile seirbhíse Gaeltacht Mar sin féin b'fhearr don oifig seo a bheith sa LPT seo más féidir B'fhéidir go mbeadh spás feiliúnach ar fáil i gceann de na hionaid phobail |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> CPTBT (príomhúinéir) OPT (rannpháirtí) LPT an Eachréidh (rannpháirtithe) Baile Seirbhíse Gaeltachta na Gaillimhe (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €54,600 |
| Costas in aghaidh na bliana | €7,800 sa mbliain (cíós @ €800 sa mí + €6,000 sa mbliain do chostais reatha, ach na costais sin roinnte 50% le hoifigeach teanga ó LPT eile) Suas go €5,000 sa mbliain ar threalamh (ríomhaire, inneall priontála, fón, srl.). Tá scéim trealamh oifige ag an Údarás a chuireann suas le costas €5,000 ar fáil ag ráta 100% |
| Foinse maoinithe | RCOG; Scéim trealamh oifige Údarás na Gaeltachta |
| Dúshlán | Áit fheiliúnach sa LPT a aimsiú |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Fiafrófar d'eagraíochtaí/ionaid phobail an bhfuil spás oifige ar fáil acu a d'fheilfeadh don obair seo |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Ní mheastar go mbeidh gá le monatóireacht a dhéanamh air seo, ach féadfar é a phlé ag cruinnithe coiste más gá |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh rath ar an mbeart seo má aimsítear spás oifige feiliúnach |

6.2.5 Seoladh an Phlean Teanga

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Seoladh oifigiúil an phlean teanga seo |
| Réimsí an Bhirt | G, K |
| Critéir PT | 2, 3, 11, 12, 16, 19 |
| Aidhm an Bhirt | Pobal an LPT a chur ar an eolas nuair a bheas tús á chur le cur i bhfeidhm an phlean seo |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Eagrófar ócáid mhór chun an phlean teanga seo a sheoladh go hoifigiúil agus tabharfar cuireadh don phobal uilig Moltar seo a reáchtáil in Óstán Páirc Mhionlaigh (.i. an Menlo Park), i lár an LPT Beidh achoimrí ar an bplean ar fáil (na bearta ach go háirithe) i bhfoirm chlóite ag an ócáid seo Leanfar an cur chuige ó thaobh seolta a úsáideadh i nGaeltacht na Mí nó ar an gCeathrú Rua, a moladh go hard |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> CPT (príomhúinéir) OPT (rannpháirtí) Pobal an LPT (rannpháirtithe) Na meáin áitiúla agus náisiúnta – Gaeilge agus Béarla (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1 – chomh luath agus is féidir tar éis fhostú an OPT |
| Costas Measta Iomlán | <p>€3,750 i mbliain a haon. Clúdfófar leis seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> Cíos ionaid: €250 Cóipeanna d'achoirí ar an bplean curtha i gcló: €1,000 Bia don seoladh: €12 @ 125 duine: €1,500 Ceol agus aoichainteoir don seoladh: €1,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €3,750 (sa gcéad bhliain amháin) |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Daoine a spreagadh le freastal ar an ócáid seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfar cinnte go mbeidh an fhógraíocht a dhéanfar ar an seoladh seo tarraingteach agus go scaipfear na fógraí go fairsing. Cuideoidh sé má bhíonn ceoltóirí/aoichainteoirí aitheanta ann chomh maith |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfar plé ar rath na hócáide ag cruinniú de chuid an choiste (beart 6.2.1) |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar an ócáid. Beidh rath na hócáide seo le feiceáil i ngach gné de chur i bhfeidhm na mbearta seo |

6.2.6 Taithí agus Léargas an Chomhairleora Pleanála Teanga

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Eolas, taithí agus léargas an CPT a sholáthar bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim sé le linn ullmhú an phlean seo |
| Réimsí an Bhirt | K |
| Critéir PT | Iad ar fad |
| Aidhm an Bhirt | Cur le cumas an OPT agus CPTBT an phlean seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> De réir mar a theastóidh, iarrfaidh an OPT nó an coiste comhairle ar an CPT a scríobh an phlean seo soiléiriú nó moltaí a thabhairt faoin gcur i bhfeidhm, nó faoi aon ghné eile den obair |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) CPT (rannpháirtí) CPTBT (rannpháirtí) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €2,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €500 (€50 x 10 uair sa bhliain i mbliain 1) €250 (€50 x 5 uair i mblianta 2-7) |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Ní mheastar go mbainfidh aon dúshlán leis an mbeart seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Ní bhaineann |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT talfead ar aon chomhairle a thabharfar |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath na mbeart eile uilig |

6.2.7 Bunachar Teagmhálaithe

| | |
|---------------------------------------|---|
| Beart | Bunachar teagmhálaithe a chur le chéile de dhaoine ar spéis leofa obair CPTBT |
| Réimsí an Bhirt | K |
| Critéir PT | 1, 19 |
| Aidhm an Bhirt | Cumarsáid a éascú idir an OPT/CPTBT agus pobal an LPT ar fad, go háirithe iad siúd a bhfuil suim faoi leith acu sa teanga |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Beidh an OPT i bhfeighil ar bhailiú sonraí teagmhála daoine ar suim leofa an obair seo agus atá ag iarraidh a bheith ar an eolas faoi ócáidí/tograí teanga atá á reáchtáil sa LPT • Cuirfear amach nuacht agus an t-eolas is déanaí chuig na daoine seo, agus cóip dhigiteach den nuachtlitir (beart 6.2.8) • Déanfar cinnte go gcloifear leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) agus nach mbainfear aon mhí-úsáid as sonraí a thugann daoine don OPT |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtí) • Pobal an LPT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | Clúdóidh na costais oifige/riaracháin an costas a bhaineann leis an mbeart seo |
| Costas in aghaidh na bliana | Clúdóidh na costais oifige/riaracháin an costas a bhaineann leis an mbeart seo |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshláin | Ní mheastar go mbainfidh aon dúshláin leis an mbeart seo |
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Ní bhaineann |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Pléifear feidhmiú an bhirt seo ag cruinnithe coiste más gá |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath na mbearta eile uilig |

6.2.8 Láithreacht ar Líne

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Suíomh idirlín an choiste www.bruachthoir.ie a fhorbairt |
| Réimsí an Bhirt | G, K |
| Critéir PT | 1, 15 |
| Aidhm an Bhirt | Lárphointe eolais faoi chúrsaí teanga in oirthear Chathair na Gaillimhe a fhorbairt |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Forbrófar an suíomh idirlín atá in úsáid ag an gcoiste cheana • Úsáidfear seo mar lárphointe eolais chun nuacht a scaipeadh faoin bpróiseas agus mar chartlann chun taifeadtaí/ábhar priontáilte den chineál a phléitear i mbeart 6.6.4 a chur ar fáil go poiblí • Scaipfear eolas faoi chruinnithe coiste, ócáidí, ranganna, srl. ar an suíomh seo • Beidh sé ina bhealach maith freisin le teagmháil a dhéanamh leis an gceanneagraíocht/an coiste nó leis an OPT • Cuirfidh an OPT ábhar nua ar an suíomh seo go rialta • Bainfear úsáid as na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, Instagram, srl.) go rialta chomh maith |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • An OPT (príomhúinéir) • CPTNR (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €2,079 |
| Costas in aghaidh na bliana | €97 in aghaidh na bliana chun an suíomh a óstáil le Wordpress + €200 sa bhliain chun postálacha a "bhoostáil" ó am go chéile |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Daoine a spreagadh le breathnú ar an suíomh idirlín |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Scriobhfar seoladh an tsuimh go soiléir ar an ábhar poiblíochta uilig atá ag an gcoiste agus roinnfear nascanna chuige go minic ar na meáin shóisialta. Iarrfar ar bhaill uilig an choiste na postálacha seo a roinnt ar a gcuntais phearsanta ar an meáin shóisialta le go bhfeicfidh slua níos mó iad |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfar plé ar fheidhmiú an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1 |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Coinneofar súil ar cé mhéad duine a léann an suíomh gach mí agus tabharfar tuairisc air sin ag na cruinnithe coiste a luaitear i mbeart 6.2.1. Coinneofar súil freisin ar an líon leantóirí agus ar leibhéal na rannpháirtíochta agus an chaidrimh a bhíonn acu leis an leathanach. |

6.2.9 Feachtas Feasachta

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Feachtas feasachta a reáchtáil ar bhonn leanúnach chun poiblíocht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean, ar obair na heagraíochta agus ar obair an OPT |
| Réimsí an Bhirt | G (agus na réimsí eile ar fad, ag brath ar an gcomhthéacs) |
| Critéir PT | 3, 12, 13, 14, 15, 16, 18, 19 |
| Aidhm an Bhirt | Pobal an LPT a choinneáil ar an eolas faoin bpróiseas seo |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Mar chuid den fheachtas feasachta seo, cuirfear amach preasráitis faoi obair na ceanneagraíochta ar bhonn rialta chuig na meáin chumarsáide agus scaipfear ar líne iad chomh maith • Cuideoidh an suíomh idirlín agus na meáin shóisialta (beart 6.2.6) agus an nuachtlitir (beart 6.2.8) agus an bunachar teagmhálaithe (6.2.5) leis seo, ar ndóigh • Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfar an obair seo go héifeachtach chun rannpháirtíocht an phobail sa bpróiseas seo a spreagadh i gcaitheamh na mblianta • Beidh gá le hoifigeach caidrimh phoiblí a cheapadh ar an gcoiste chun cuidiú leis an OPT san obair thábhachtach seo • Déanfar iarracht faoi leith an phleanáil teanga a nascadh le hilchultúrachas an cheantair seo agus le cur in iúl d'inimircigh gur linne ar fad an Ghaeilge – is cuma cé as muid ón tús – agus go dtabharfar chuile thacaíocht daofa má tá suim acu Gaeilge a fhoghlaim |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • An OPT (príomhúinéir) • Oifigeach caidreamh poiblí an choiste (rannpháirtí) • CPTBT (rannpháirtithe) • Na meáin áitiúla agus náisiúnta – Gaeilge agus Béarla (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €7,000 = Costas dearthóra agus priontála do phóstaeir/comharthaí/bileoga, srl. |
| Costas in aghaidh na bliana | €1,000 |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Aird na meán a choinneáil le linn thréimhse chur i bhfeidhm an phlean seo uilig |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfaidh an OPT agus oifigeach caidrimh phoiblí an choiste iarracht faoi leith gnéithe éagsúla d'obair an choiste a chlúdach i bpreasráitis le go mbeidh éagsúlacht ábhar ag na meáin le plé a dhéanamh air |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfar plé air seo ag na cruinnithe coiste a luaitear i mbeart 6.2.1 |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a ghlacann páirt i mbearta an phlean seo i gcaitheamh a shaolré |

6.2.10 Nuachtlitir a chur ar bun

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Nuachtlitir a chur ar bun chun eolas faoi obair an choiste a scaipeadh sa gceantar |
| Réimsí an Bhirt | G |
| Critéir PT | 3, 11, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Pobal an LPT a choinneáil ar an eolas faoin bpróiseas seo |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Moltar nuachtlitir a bhunú a scaipfear saor in aisce ar fud an LPT dhá nó trí huair sa mbliain – fágfar í in ionaid phobail, scoileanna, siopaí, séipéil, srl. • Beidh eolas faoi imeachtaí de chuid an choiste, ranganna, cúrsaí samhraidh agus ollscoile, agus eolas ábhartha eile inti • Tabharfar amach í ag ócáidí de chuid an choiste freisin • Moltar “An Bruach Thoir” a bheith mar ainm ar an nuachtlitir • Fágfar cóipeanna freisin in ionaid Ghaeilge an bhaile mhóir taobh amuigh den LPT (Áras na nGael, an Taibhdhearc, Roinn na Gaeilge san ollscoil, srl.) • Beidh leagan leictreonach ar fáil ar an suíomh idirlín (beart 6.2.7) agus do dhaoine atá cláraithe ar an mbunachar teagmhálaithe (beart 6.2.6) |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • An OPT (príomhúinéir) • Oifigeach caidreamh poiblí an choiste (rannpháirtí) • CPTBT (rannpháirtithe) • Pobal an LPT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €3,500 = Costas dearthóra agus priontála |
| Costas in aghaidh na bliana | €500 |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Ní bhaineann |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfar plé air seo ag na cruinnithe coiste a luaitear i mbeart 6.2.1 |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Coinneofar taifead ar líon na gcóipeanna a dháiltear chuile uair. D'fhéadfaí a scríobh ar chuile eagrán go bhfuil fáilte roimh aischothú/moltaí |

6.3 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Mar a miníodh i rannóg 3.5 thuas, tá ról faoi leith le himirt ag an gcóras oideachais i gcur chun cinn na Gaeilge i gceantar ina bhfuil an Ghaeilge anois an-lag mar theanga phobail, mar atá sí i LPTOCC. Tá trí bhunscoil sa LPT, ach níl ach ceann amháin acu sin – Scoil Bhríde i Mionloch – ag teagasc trí Ghaeilge. Níl aon mheánscoil sa LPT, agus téann déagóirí an cheantair isteach chuig meánscoileanna sa mbaile mór.

Mar a léiríodh i rannóg 5.3.17, bhí tacaíocht an-láidir le feiceáil i dtorthaí an tsuirbhé pobail i bhfabhar úsáid an chórais oideachais mar bhealach leis an teanga a chur chun cinn, agus déantar moltaí chuige seo sa rannóg seo. Is cuid lárnach den phlean iad na bearta seo – tacóidh a rath le réimsí eile den phlean, ach ag an am céanna táthar ag súil go gcuideoidh na bearta a leagtar amach i rannóga eile (go háirithe 6.4 agus 6.5) leis na bearta oideachais a phléitear anseo.

6.3.1 Scéim na gCúntóirí Teanga

| | |
|----------------------|---|
| Beart | Scéim na gCúntóirí Teanga a chinntiú le linn shaolré an phlean don bhunscoil atá ag cur i bhfeidhm an pholasaí oideachais Ghaeltachta |
| Réimsí an Bhirt | A |
| Critéir PT | 5, 6, 8 |
| Aidhm an Bhirt | Déanfar cinnte go leanfaidh Scéim na gCúntóirí Teanga ar aghaidh le linn iomlán na bliana acadúla |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Faoi láthair ní bhíonn cúntóirí teanga ag obair le linn iomlán na scoilbhliana i scoileanna atá ag cur an pholasaí oideachais Ghaeltachta i bhfeidhm I gcomhpháirt le Scoil Bhríde i Mionloch agus OPTanna ó cheantair eile, déanfaidh an OPT stocaireacht chun an soláthar seo a fheabhsú, óir is cuid thábhachtach de chur i bhfeidhm an pholasaí oideachais Ghaeltachta í obair an chúntóra teanga |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) Baill foirne Scoil Bhríde (rannpháirtithe) Bord bainistíochta na scoile (rannpháirtithe) RCOG (rannpháirtithe) Muintearas (rannpháirtithe) COGG (rannpháirtithe) Gaeloideachas (rannpháirtithe) Coistí Pleanála Teanga i LPTanna eile (rannpháirtithe) Ceardchumainn éagsúla na múinteoirí (rannpháirtithe) Eagraíochtaí stocaireachta Gaeilge (Conradh na Gaeilge, Tuismitheoirí na Gaeltachta, srl.) (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | Clúdóidh tuarastal an OPT an costas a bhaineann leis an mbeart seo |

| | |
|--------------------------------------|--|
| Costas in aghaidh na bliana | Clúdóidh tuarastal an OPT an costas a bhaineann leis an mbeart seo |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Tacaíocht a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Toisc gur fadhb í seo atá ag goilliúint ar na scoileanna Gaeltachta ar fad, táthar ag súil go dtiocfar ar réiteach má dhéantar stocaireacht leanúnach i gcomhpháirt le grúpaí eile |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfar plé air seo ag na cruinnithe coiste a luaitear i mbeart 6.2.1 |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Cinnteacht Scéim na gCúntóirí Teanga i gcaitheamh shaolré an phlean teanga |

6.3.2 Tacaíocht don scoil Ghaeltachta sa LPT

| | |
|---------------------------------------|---|
| Beart | Tacaíocht don scoil Ghaeltachta sa LPT |
| Réimsí an Bhirt | A, B |
| Critéir PT | 5, 6, 7, 8, 9 |
| Aidhm an Bhirt | Tacaíocht a chur ar fáil don scoil sa LPT atá ag cur an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta i bhfeidhm |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Níl ach ceann amháin de na trí bhunscoil sa LPT ag cur an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta i bhfeidhm • Is mian le CPTBT tacú leis an scoil seo toisc go bhfuil sí fiorthábhachtach chun stádas Gaeltachta an cheantair a chothú anois nuair nach bhfuil an Ghaeilge á seachadadh go forleathan i réimse an teaghlaigh sa LPT a thuilleadh (féach caibidil a cúig) • Cuirfidh an cheanneagraíocht tacaíochtaí airgeadais agus neamhairgeadais ar fáil don scoil seo chun ócáidí teanga-bhunaithe (m.sh. ceardlanna drámaíochta, ceoil, scéalaíochta agus turais, srl.) a reáchtáil taobh amuigh den seomra ranga • Beidh an OPT i bhfeighil ar riar an chiste maoinithe a bheas ann don scoil seo. Nuair a bheidh plean ag an bpríomhoide le haghaidh ócáid a bheadh feiliúnach do mhaoiniú ón gciste seo, beidh sé nó sí in ann dul i dteagmháil leis an OPT lena phlé agus cuid den chiste seo a iarraidh |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • An OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Foireann Scoil Bhríde i Mionloch (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €14,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €2,000 le híoc as ceardlanna drámaíochta, ceoil, scéalaíochta agus turais trí Ghaeilge, srl. a reáchtáil taobh amuigh den seomra ranga |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshláin | Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint leis an mbeart seo |
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Ní bhaineann |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar an méid airgid a chaitear ar an scoil agus ar líon na n-ócáidí a eagraítear |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Reáchtálfar cruinnithe rialta idir an OPT agus/nó baill CPTBT agus príomhoide/foireann Scoil Bhríde le héifeacht an bhirt seo a phlé |

6.3.3 Tacaíochtaí do bhunscoileanna eile an cheantair

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Tacaíocht do scoileanna eile an LPT |
| Réimsí an Bhirt | A, B |
| Critéir PT | 5, 6, 7, 8, 9 |
| Aidhm an Bhirt | Tacaíocht a chur ar fáil don dá scoil sa LPT a mhúineann trí Bhéarla |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Ar ndóigh tá ról tábhachtach ag an dá bhunscoil sa LPT nach bhfuil ag teagasc trí Ghaeilge agus is mian leis an gcoiste cuidiú leofa agus iad ag obair chun an Ghaeilge a chur chun cinn • Beidh ciste airgid á riar ag an OPT don dá scoil seo (Bunscoil Thír Oileáin agus Bunscoil an Chaisleáin Ghearr) le freastal a dhéanamh ar na scoileanna de réir riachtanais trí ócáidí teanga-bhunaithe (m.sh. ceardlanna drámaíochta, ceoil, scéalaíochta agus turais, srl.) a réachtáil taobh amuigh den seomra ranga • Nuair a bheidh plean ag na príomhoidí le haghaidh ócáid a bheadh feiliúnach do mhaoiniú ón gciste seo, beidh siad in ann dul i dteagmháil leis an OPT lena phlé agus cuid den chiste seo a iarraidh • Ar ndóigh, déanfar chuile iarracht le linn shaolré an phlean an dá scoil seo a spreagadh le cur isteach ar an bpolasaí oideachais Gaeltachta |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • An OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Foireann Bhunscoil an Chaisleáin Ghearr (rannpháirtithe) • Foireann Bhunscoil Thír Oileáin (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €21,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €3,000 (€1,500 do gach aon scoil) |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint leis an mbeart seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Ní bhaineann |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar an méid airgid a chaitear ar an dá scoil seo agus ar líon na n-ócáidí a eagraíonn siad |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Reáchtálfar cruinnithe rialta idir an OPT agus/nó baill CPTBT agus príomhoidí/foirne na scoileanna seo le héifeacht an bhirt seo a phlé |

6.3.4 Tacaíochtaí Teanga do Theaghlaigh gan Ghaeilge

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Tacaíochtaí do theaghlaigh gan Ghaeilge a bhfuil páistí acu sa scoil Ghaeltachta |
| Réimsí an Bhirt | A, B |
| Critéir PT | 4, 6, 7 |
| Aidhm an Bhirt | Tacú le tuismitheoirí/caomhnóirí/teaghlaigh gan Ghaeilge a bhfuil páistí s'acu ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Reáchtálfar seisiúin tacaíochta chun tuismitheoirí/caomhnóirí nach bhfuil an-mhuiníneach as a gcuid Gaeilge a chumasú nó go mbeidh siad in ann cuidiú le páistí s'acu agus iad ag déanamh obair bhaile • Beidh na ceardlanna seo ar siúl sa mbunscoil féin i Mionloch – d'fhéadfaí amantaí feiliúnacha a roghnú, ach nasc www.when2meet.com nó www.doodlepoll.com nó a leithéid a chur amach chuig tuismitheoirí • Díreofar ar stór focal agus ábhar a bhaineann le hobair scoile na bpáistí agus tabharfar leideanna do na tuismitheoirí maidir le bealaí éifeachtacha le cuidiú lena bpáistí • Inseofar daofa faoi na roghanna atá ar fáil chun freastal ar ranganna Gaeilge go háitiúil más mian leofa tuilleadh Gaeilge a fhoghlaim |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • An OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Foireann Scoil Bhríde i Mionloch (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 2-7 |
| Costas Measta Iomlán | €2,400 |
| Costas in aghaidh na bliana | €400 .i. 4 sheisiún gach seimeastar @ €50 an seisiún (€25 ar phá an áisitheora, €25 ar acmhainní) |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Tuismitheoirí a mhealladh le páirt a ghlacadh sna himeachtaí seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Meastar, ach úsáid a bhaint as na gnáthbhealaí poiblíochta (an scoil ag cur téacsanna amach chuig tuismitheoirí, póstaer, fógraí ar líne, srl.) agus úsáid a bhaint as when2meet.com nó a leithéid mar bhealach le hamantaí feiliúnacha a aimsiú, go mbeidh tinreamh maith ar na ceardlanna seo |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar an tinreamh a bhíonn ar na ceardlanna le linn shaolré an phlean |

| | |
|------------------------------------|--|
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Pléifear an difríocht a dhéanann na ceardlanna seo ag na cruinnithe a luaitear i mbeart 6.3.2 idir an OPT agus príomhoide na bunscoile |
|------------------------------------|--|

6.3.5 Feasacht Teanga i measc óige an LPT

| | |
|---------------------------------------|---|
| Beart | Aos óg an cheantair a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid trí imeachtaí agus gníomhaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil dóibh |
| Réimsí an Bhirt | A, K |
| Critéir PT | 2, 6, 8, 19 |
| Aidhm an Bhirt | Feasacht ar oidhreacht teanga an LPT a mhéadú i measc aos óg an cheantair agus iad a spreagadh le suim a chur sa nGaeilge |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Forbrófar ceardlanna do dhaoine óga faoi chúrsaí teanga • D'fhéadfaí na ceardlanna seo a réachtáil sna bunscoileanna taobh amuigh d'am scoile agus le grúpaí óige (féach 6.5.2) • Cuirfear ábhar na gceardlann seo (nótaí Powerpoint, mar shampla) ar fáil do mhúinteoirí sna scoileanna áitiúla ionas gur féidir leo féin iad a úsáid, nó d'fhéadfadh an OPT dul isteach sna scoileanna chun iad a réachtáil • D'fhéadfaí seisiúin faoi stair agus stádas na Gaeilge a réachtáil, faoi oidhreacht Gaeltachta an cheantair seo, nó faoi mhionteangacha go ginearálta |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • An OPT (príomhúinéir) • Aos óg an LPT (rannpháirtithe) • Club Óige Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • Foireann Scoil Bhríde i Mionloch (rannpháirtithe) • Foireann Bhunscoil an Chaisleáin Ghear (rannpháirtithe) • Foireann Bhunscoil Thír Oileáin (rannpháirtithe) • Tuismitheoirí na Gaeltachta (rannpháirtithe) • Muintearas (rannpháirtithe) • COGG (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 2-7 |
| Costas Measta Iomlán | Clúdóidh tuarastal an OPT an costas a bhaineann leis an mbeart seo |
| Costas in aghaidh na bliana | Ní bhaineann |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshláin | Ábhar a fhorbairt a spreagfaidh daoine óga |
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Rachaidh an OPT i gcomhairle le múinteoirí an LPT chun leagan amach na gceardlann seo a phlé, agus gheofar comhairle ó ghrúpaí eile dála Tuismitheoirí na Gaeltachta nó Muintearas a dhéanann obair cosúil leis seo cheana |

| | |
|--|--|
| <p>Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt</p> | <p>Coinneoidh an OPT agus CPTBT taifead ar mhinicíocht na seisiún seo agus cé na scoileanna a léiríonn an tsuim is mó iontu</p> |
| <p>Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt</p> | <p>Pléifear an difríocht a dhéanann na ceardlanna seo ag na cruinnithe a luaitear i mbearta 6.3.2 agus 6.3.3 idir an OPT agus príomhoidí bunscoile</p> |



6.3.6 Roghanna Oideachais trí Ghaeilge ag an Tríú Leibhéal

| | |
|---------------------|---|
| Beart | Eolas a scaipeadh ar na cineálacha cúrsaí tríú leibhéal a bhaineann leis an nGaeilge atá ar fáil |
| Réimsí an Bhirt | A |
| Critéir PT | 2, 6 |
| Aidhm an Bhirt | Daoine óga sa LPT a chur ar an eolas faoi na roghanna le haghaidh oideachais trí Ghaeilge atá ar fáil ag an tríú leibhéal |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Ba chóir iarracht leanúnach a bheith ar bun ag CPTBT chun daoine a spreagadh le tabhairt faoi chúrsaí tríú leibhéal a bhaineann leis an nGaeilge – agus ar ndóigh is iad an t-aos óg is tábhachtaí anseo (cé gur gá daoine fásta a spreagadh chuige seo freisin) D'fhéadfaí píosa a scríobh faoi chúrsa Gaeilge faoi leith nó cúrsa trí Ghaeilge i ngach eagrán den nuachtlitir a mholtar i mbeart 6.2.9 D'fhéadfaí freisin plé a dhéanamh ar na roghanna seo ag na ceardlanna a mholtar i mbeart 6.3.5 – ag seisiúin i meánscoileanna na cathrach agus leis an gclub óige Gaeilge (beart 6.5.1). Moltar comhoibriú le BSG Chathair na Gaillimhe air seo. Ba chóir poiblíocht a dhéanamh ar chúrsaí tríú leibhéal ar chuntais meán shóisialta agus suíomh idirlín an choiste freisin D'fhéadfaí aoichainteoir ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge nó Ollscoil na hÉireann a thabhairt isteach uair sa mbliain le labhairt le lucht an chlub óige faoi chúrsaí a chuireann siadsan ar fáil Léireofar do dhaoine óga na deiseanna fostaíochta atá ar fáil daofa in earnáil na Gaeilge |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> An OPT (príomhúinéir) Aos óg an LPT (rannpháirtithe) Club Óige Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) Baile Seirbhíse Gaeltachta na Gaillimhe (rannpháirtithe) Meánscoileanna na cathrach (rannpháirtithe) Foireann Scoil Bhríde i Mionloch (rannpháirtithe) Foireann Bhunscoil an Chaisleáin Gearr (rannpháirtithe) Foireann Bhunscoil Thír Oileáin (rannpháirtithe) Tuismitheoirí na Gaeltachta (rannpháirtithe) Muintearas (rannpháirtithe) COGG (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 3-7 |

| | |
|--------------------------------------|--|
| Costas Measta Iomlán | €1,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €200 chun íoc as cúrsaí taistil agus lóistín d'aoichainteoir a labhródh faoin ábhar seo leis an gclub óige nuair a bhunaítear é (féach beart 6.5.2) |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Eolas a bheith ag an OPT faoi na cúrsaí ar fad atá ar fáil ar fud an oileáin |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Cothóidh an OPT dea-chaidreamh le hoifigi/ranna Gaeilge ollscoileanna an oileáin agus iarrfar orthu ábhar poiblíochta dá gcuid cúrsaí a sheoladh chuig an OPT gach bliain |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Pléifear feidhmiú an bhirt seo ag na cruinnithe le phríomhoidí áitiúla a luaitear i rannóg 6.3.2 agus le lucht stiúrtha an chlub óige (beart 6.5.2) |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Más féidir é a dhéanamh gan rialacha cosanta sonraí a shárú, coinneoidh an OPT taifead ar líon na ndaoine óga a thugann faoi chúrsa a bhaineann leis an nGaeilge ag an tríú leibhéal |

6.3.7 Scoláireachtaí do Choláistí Samhraidh

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Scoláireachtaí do choláistí samhraidh a chur ar fáil |
| Réimsí an Bhirt | A, C, D, K |
| Critéir PT | 2, 8, 11, 12, 19 |
| Aidhm an Bhirt | Deiseanna a thabhairt do dhaoine óga sa LPT freastal ar choláistí samhraidh sa nGaeltacht |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear na scoláireachtaí seo de €1,000 an duine ar fáil gach bliain chun táillí cúrsa samhraidh a chlúdach do chúigear • Iarrfar ar iarratasóirí ráiteas cúpla céad focal a scríobh ag miniú cén fáth ar mhaith leofa cúrsa a dhéanamh agus é a chur chuig an gceanneagraíocht nó an OPT ar an ríomhphost • Déanfar breithiúnas ar na hiarratais seo ag cruinniú coiste, nó sa gcás go bhfuil go leor iarratas ann, ceapfaidh an cheanneagraíocht nó an coiste fochoiste leis an measúnú seo a dhéanamh i gcomhar leis an OPT • Tabharfar tús áite do dhaoine nach ndearna cúrsa samhraidh roimhe seo, ach ní chuirfear bac ar dhaoine a bhuaigh scoláireacht cheana má tá siad ag iarraidh cur isteach air seo arís • Molfar do dhaoine freastal ar choláiste samhraidh cosúil le Spleodar a bhfuil dea-chlú acu |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Club Óige Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • Meánscoileanna na cathrach (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 3-7 |
| Costas Measta Iomlán | €25,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €5,000 |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Daoine óga a spreagadh chun an deis seo a thapú |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Mar bharr ar na gnáthbhealaí cumarsáide, iarrfar ar na meánscoileanna sa gcathair an deis seo a fhógairt do dhaltaí a bhfuil cónaí orthu taobh istigh de theorainneacha an LPT |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-iarratas a fhaightear le haghaidh na scoláireachtaí seo agus pléifear seo ag na gnáthchruinnithe coiste – más gá déanfar líon na scoláireachtaí a chuirtear ar fáil a leasú bunaithe ar an eolas seo |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Táthar ag súil go mbeidh toradh an bhirt seo le feiceáil sa taighde a dhéanfar ag deireadh thréimhse chur i bhfeidhm an phlean seo, taighde a thabharfaidh eolas |

| | |
|--|---|
| | nua dúinn ar chumas agus cleachtas na Gaeilge i measc phobal an LPT |
|--|---|



6.4 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

6.4.1 Ábhar tacaíochta do thuismitheoirí/chaomhnóirí

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Ábhar tacaíochta teanga a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí nua |
| Réimsí an Bhirt | B, D |
| Critéir PT | 2, 7, 8, 11 |
| Aidhm an Bhirt | Ábhar tacaíochta a chur ar fáil go héasca do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar mian leofa tuilleadh Gaeilge a úsáid lena gcuid páistí |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Cé go bhfuil go leor ábhar maith ar fáil i nGaeilge le haghaidh páistí, go minic ní bhíonn thuismitheoirí in ann teacht air go héasca • Leis an mbeart seo, ceannóidh CPTBT ábhar agus cuirfead ar fáil é saor in aisce do thuismitheoirí ag naionraí agus bunscoileanna an LPT • D'fhéadfadh póstaer, greamáin, leabhra agus ábhar feiliúnach eile a bheith i gceist anseo • Pléifear an beart seo le thuismitheoirí na Gaeltachta le cinntiú nach bhfuil dúbailt á déanamh ar an obair a dhéanann siad féin • D'fhéadfaí taifeadtaí d'amhráin agus de shuantraithe a chur ar fáil ar líne ag www.bruachthoir.ie mar chuid den bheart seo freisin • Thacódh an beart seo le ceann 6.4.6 thíos – tacaíochtaí teanga a chur ar fáil do naionraí áitiúla |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Naionraí an LPT (rannpháirtithe) • Scoileanna an LPT (rannpháirtithe) • Tuismitheoirí áitiúla (rannpháirtithe) • Tuismitheoirí na Gaeltachta (comhairle agus tacaíocht) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 2-7 |
| Costas Measta Iomlán | €6,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €1,000 – ábhar a phriontáil agus a cheannacht agus a chur ar fáil in áiteacha feiliúnacha |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Ábhar feiliúnach a sholáthar |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Gheofar moltaí ó Thuismitheoirí na Gaeltachta faoi seo ó tharla go bhfuil siadsan i bhfeighil ar an bpacáiste tacaíochta a bhíodh ag RCOG |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar mhéid an ábhair a chuirtear ar fáil gach bliain |

| | |
|------------------------------------|---|
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Labhrófar le tuismitheoirí ag naíonraí/bunscoileanna chun feiliúnacht an ábhair a phlé uair sa mbliain. D'fhéadfaí ceistneoir a scaipeadh orthu ag deireadh na bliana freisin |
|------------------------------------|---|



6.4.2 Cainteanna a reáchtáil faoi bhuntáistí na Gaeilge agus an dátheangachais

| | |
|-----------------------------|--|
| Beart | Cainteanna poiblí a reáchtáil faoi bhuntáistí na Gaeilge agus an dátheangachais |
| Réimsí an Bhirt | B, D |
| Critéir PT | 7, 8, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Pobail na háite – agus go háirithe tuismitheoirí le páistí óga nó “tuismitheoirí féideartha” – a chur ar an eolas faoi bhuntáistí an dátheangachais |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Toisc nach bhfuil ach ceann amháin de na trí bhunscoil sa LPT cláraithe leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, is léir go bhfuil obair fós le déanamh sa LPT le míniú do dhaoine cén fáth an bhfuil an Ghaeilge agus an dátheangachas tábhachtach • Chuige sin, eagrófar cainteanna poiblí faoi seo gach bliain • Seans maith go mbeadh na meáin áitiúla ag iarraidh an t-ábhar seo a chlúdach agus/nó an cainteoir a chur faoi agallamh – rud a chuideodh leis an teachtaireacht seo a scaipeadh níos faide arís • D'fhéadfaí na cainteanna seo a reáchtáil mar chuid d'Fhéile Ghaeilge an Bhruaigh Thoir (féach beart 6.10.3) nó imeachtaí eile a bheadh ar siúl, le lucht freastal maith a chinntiú • Ba chóir na cainteanna seo a thaifead (má tá an cainteoir sásta leis sin). D'fhéadfaí “Facebook live” a dhéanamh orthu ar chuntas Facebook an choiste agus iad a chur ar chuntas YouTube an choiste • D'fhéadfaí freisin an chaint chéanna a reáchtáil i gcodanna éagsúla den LPT i gcaitheamh cúpla lá le go mbeadh seans ag sciar ní ba mhó den phobal freastal uirthi |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Naíonraí an LPT (rannpháirtithe) • Scoileanna an LPT (rannpháirtithe) • Tuismitheoirí áitiúla (rannpháirtithe) • Tuismitheoirí na Gaeltachta (Comhairle agus tacaíocht) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 3-7 |
| Costas Measta Iomlán | €8,250 |
| Costas in aghaidh na bliana | €1,650 = €550 x 3 chaint sa mbliain. Clúdóidh seo táille na cainte, costas taistil agus lóistín d'aoichainteoir chomh maith le sólaistí agus cíos ionaid |
| Foinse maoinithe | RCOG |

| | |
|---------------------------------------|---|
| Dúshláin | Cainteoirí feiliúnacha a aimsiú leis na cainteanna seo a thabhairt; daoine a spreagadh le freastal ar na cainteanna seo |
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Rachfar i dteagmháil le leithéidí Thuismitheoirí na Gaeltachta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus mothertongues.ie chun comhairle a fháil faoi chainteoirí feiliúnacha; déanfar neart poiblíochta ar na cainteanna seo sna meáin Bhéarla agus Ghaeilge, agus trí líonraí teagmhálaithe na scoileanna agus na naíonraí (téacsanna a chur amach chuig tuismitheoirí, mar shampla) |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na hócáidí seo, ag súil go dtiocfaidh ardú air bliain i ndiaidh bliana. |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Tabharfar amach foirmeacha aiseolais ag deireadh na gcainteanna. Táthar ag súil freisin go mbeidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i líon na dtuismitheoirí atá ag roghnú Gaelscolaíochta dá gcuid páistí. |

6.4.3 Comharthaíocht faoi bhuntáistí an dátheangachais

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Comharthaí faoi chúrsaí teanga a chur in airde ar fud an LPT |
| Réimsí an Bhirt | D, K |
| Critéir PT | 8, 9, 10 |
| Aidhm an Bhirt | Aithnítear nach mbeidh ach mionlach den phobal ann a fhreastalaíonn ar na cainteanna poiblí a luaitear i mbeart 6.4.2, mar sin cuirfead comharthaí bóithre in airde ar fud an LPT chun an teachtaireacht sin a scaoileadh níos fairsinge |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Mhol go leor daoine na comharthaí móra bóithre a cuireadh in airde nuair a bhí an taighde ar siúl (féach íomhá 4.3.1) agus meastar dá bharr gur bealach éifeachtach é sin le teachtaireachtaí a scaipeadh sa gceantar seo • Baintear úsáid as an gcur chuige seo le poiblíocht a dhéanamh ar chúrsaí teanga sa mBreatain Bheag freisin – féach íomhá 6.5.1 thíos • Ba chóir teachtaireachtaí dearfacha, tarraingteacha a chur ar na comharthaí seo |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €936 [€312x3] |
| Costas in aghaidh na bliana | €134 – chosain sé €312 chun ocht gcinn de na comharthaí a phléitear in 4.3.2.2 a fháil. Moltar na hocht gcomhartha a athrú ar a laghad trí huairé i gcaitheamh shaolré an phlean [€312 le haghaidh ocht gcomhartha/7 mbliana = €134 sa mbliain] |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Teachtaireachtaí feiliúnacha a fháil le cur ar na comharthaí seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfar tobsmaointeoireacht air seo ag cruinnithe coiste agus gheofar comhairle ó LPTanna eile a bhfuil a leithéid de phlean ar siúl acu (LPT na Rosann i nDún na nGall, mar shampla). D'fhéadfaí labhairt le mothertongues.ie faoi freisin |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Pléifear cur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe coiste a luaitear i mbeart 6.2.1 |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Cosúil le go leor de na bearta a luaitear sa gcaibidil seo, beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath ginearálta an phlean agus sa taighde a dhéanfar ag deireadh shaolré an phlean faoi líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge sa LPT |



Fíor 6.4.3.1 Sampla ón mBreatain Bheag den chineál comhartha a d'fhéadfaí a chur in airde sa LPT

6.4.4 Bunachar feighlithe páistí

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Bunachar feighlithe páistí áitiúla a bhfuil Gaeilge acu a chruthú agus a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí an LPT |
| Réimsí an Bhirt | B, D |
| Critéir PT | 2, 3, 7, 8, 9, 11 |
| Aidhm an Bhirt | Cur le méid na Gaeilge a chloiseann páistí an LPT |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Dúirt roinnt thuismitheoirí leis an CPT le linn an taighde a rinneadh mar chuid den phlean seo gur mhaith leofa feighlí linbh le Gaeilge a fháil dá gcuid páistí, ach nach raibh aithne acu ar éinne feiliúnach Cuirfidh an OPT bunachar le chéile d'fheighlithe linbh le Gaeilge sa LPT nó sa gcathair fé chéile D'fhéadfaí an obair seo a roinnt le LPTanna áitiúla eile Ar ndóigh, cloífeadh le dea-chleachtas maidir le cosaint sonraí agus an beart seo á chur i bhfeidhm |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) CPTBT (rannpháirtithe) LPT an Eachréidh (rannpháirtithe) LPT Bhearna agus Chnoc na Cathrach (rannpháirtithe) Baile Seirbhíse Gaeltachta na Gaillimhe (rannpháirtithe) Tuismitheoirí na Gaeltachta (comhairle agus tacaíocht) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 2 – ainmneacha a bhailiú agus cur i bhfeidhm ag tosú an bhliain chéanna (fiú mura mbeadh ann ach liosta gearr ar dtús b'fhiú sin a chur ar fáil agus cur leis i rith an ama) Bliain 3-7 – cur i bhfeidhm |
| Costas Measta Iomlán | €300 |
| Costas in aghaidh na bliana | €50 le poiblíocht a dhéanamh ar an mbunachar |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Dóthain feighlithe a bhfuil Gaeilge acu a fháil don liosta seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfar fógraíocht ar an gcoincheap nuair atá an bunachar seo á chur le chéile, agus cuirfeadh ainmneacha daoine as taobh amuigh den LPT air más gá – as LPT Bhearna agus Chnoc na Cathrach, an tEachréidh agus cathair na Gaillimhe, mar shampla |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Rachaidh an OPT i dteagmháil uair sa mbliain leis na daoine atá ar an liosta seo le fáil amach an bhfuil mórán úsáide á baint as – mura bhfuil déanfar tuilleadh poiblíochta air |

| | |
|---|---|
| <p>Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt</p> | <p>Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil amach anseo i líon na ndaoine óga a úsáideann an Ghaeilge go rialta taobh amuigh den scoil. Déanfar seo a mheas sa suirbhé a dhéanfar ar úsáid na Gaeilge sa LPT ag deireadh thréimhse chur i bhfeidhm an phlean seo</p> |
|---|---|



6.4.5 Tacaíochtaí Teanga do Naíonraí an LPT

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Tacaíochtaí teanga a chur ar fáil do naíonraí áitiúla |
| Réimsí an Bhirt | B, K |
| Critéir PT | 7, 9 |
| Aidhm an Bhirt | Cuidiú leis na naíonraí áitiúla níos mó Gaeilge a mhúineadh |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Bunaithe ar na hagallaimh a rinneadh le lucht stiúrtha na naíonraí (féach 5.4.3), is léir go mbeadh suim acu i dtuilleadh ábhair a bhaineann leis an nGaeilge D'fhéadfaí go leor den ábhar céanna a bheas le ceannacht le haghaidh bheart 6.4.1 a úsáid don bheart seo Luaigh roinnt oibríthe naíonra le linn agallaimh nach bhfuil siad an-mhuiníneach ag léamh na Gaeilge agus mar sin moltar go ndéanfar taifeadtaí fuaime de chainteoir áitiúil Gaeilge ag léamh amach na leabhra a chuirfead ar fáil faoin scéim seo |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) CPTBT (rannpháirtithe) Naíonraí an LPT (rannpháirtithe) Tuismitheoirí na Gaeltachta (comhairle agus tacaíocht) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €17,500 |
| Costas in aghaidh na bliana | €2,500 (€500 sa mbliain do gach aon cheann de na naíonraí) Toisc gur féidir taifead fuaime d'ardchaighdeán a dhéanamh ar ghuthán cliste sa lá atá inniu ann ní mheastar go mbeidh aon chostas ag baint leis an ngné sin den bheart |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Ní bhaineann |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar mhéid an ábhair a chuirtear ar fáil gach bliain |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Labhrófar le hoibríthe sna naíonraí ag deireadh gach bliana le fáil amach cé na rudaí eile a bheadh ina gcúnamh daofa |

6.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

6.5.1 Imeachtaí don Óige

| | |
|-----------------------------|---|
| Beart | Imeachtaí do dhaoine óga a eagrú trí mheán na Gaeilge |
| Réimsí an Bhirt | C, J |
| Critéir PT | 2, 3, 10, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Deiseanna sóisialaithe a thabhairt do dhaoine óga taobh amuigh de chomhthéacs na scoile |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Léirigh an taighde a rinneadh ar dhaoine óga go bhfuil suim ag céatadán suntasach acu in imeachtaí trí mheán na Gaeilge taobh amuigh den scoil, rudaí cosúil le tráth na gceist, dioscó, turais chuig ócáidí/féilte teanga ar fud na tíre, srl. D'fhéadfaí go leor de na hócáidí seo a reáchtáil faoi scáth an chlub óige a phléitear i mbeart 6.5.2 thíos Díreofar anseo ar pháistí in aois na meánscoile, tuairim is 12-19 mbliana d'aois Beidh polasaí láidir teanga í bhfeidhm ag na hócáidí seo, agus cuirfear oiliúint ar rannpháirtithe atá níos sine le bheith ina n-eiseamláirí ó thaobh úsáid na Gaeilge de (féach Ní Dhúda, 2017 ó thaobh "bainisteoirí teanga") Déanfar iarracht faoi leith leis na daltaí a fuair scoláireachtaí chun freastal ar choláiste samhraidh (féach beart 6.3.8) a mhealladh le bheith páirteach sna himeachtaí seo |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) Aos óg an cheantair (rannpháirtithe) Bunscoileanna an LPT (rannpháirtithe) An club óige – féach beart 6.5.2 (rannpháirtithe) Cumann na bhFiann (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Óige na Gaeltachta (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Muintearas (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Tuismitheoirí an LPT (rannpháirtithe) CPTBT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | c. €14,000 (braithfidh an costas seo ar na himeachtaí a reáchtáiltear, áfach) |
| Costas in aghaidh na bliana | c. €2,000 (braithfidh an costas seo ar na himeachtaí a reáchtáiltear, áfach) |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Daoine óga a mhealladh chuig na himeachtaí seo |
| | Thug an taighde a rinneadh tuiscint mhaith ar na cineálacha imeachtaí a bhfuil suim ag an aos óg iontu. |

| | |
|---------------------------------------|--|
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Má reáchtáiltear ócáidí bunaithe ar an eolas seo ba chóir go mbeadh rath orthu |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar na himeachtaí a reáchtáiltear agus ar an tinreamh a bhionns orthu |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i dtaighde a dhéanfar ar mhéid na Gaeilge a labhraíonn daoine óga taobh amuigh den scoil ag deireadh thréimhse chur i bhfeidhm an phlean seo |



6.5.2 Club óige trí Ghaeilge a bhunú

| | |
|-----------------------------|--|
| Beart | Club óige trí Ghaeilge a bhunú |
| Réimsí an Bhirt | C |
| Critéir PT | 8, 10, 11, 12, 18 |
| Aidhm an Bhirt | Deis sóisialaithe taobh amuigh de chomhthéacs na scoile a thabhairt do dhaoine óga |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Sa taighde a rinneadh le daoine óga, léirigh mionlach suntasach suim i gclub óige trí Ghaeilge (féach 5.2.18 agus 5.4.1) Cé gur mionlach a bhí ann, meastar gur fiú go mór tacú leis an mian seo toisc go bhféadfadh club mar seo tionchar an-mhór a imirt ar chumas agus ar chleachtas teanga na ndaoine óga seo Moltar, dá bharr, club óige a bhunú sa LPT D'fhéadfadh seo tarlú in ionad pobail éagsúil gach seachtain Toisc go bhfuil achar maith idir codanna éagsúla den LPT, moltar go gcuirfear seirbhis mionbhus ar fáil chun daoine a thabhairt ann agus ar ais abhaile ina dhiaidh Déanfar poiblíocht ar an gclub i scoileanna an LPT agus na cathrach, ar líne, sa nuachtlitir, sna meáin, ag ócáidí éagsúla, srl. Chomh maith le daoine óga a mhealladh, déanfar iarracht faoi leith sa bpoiblíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh le tacú leis an gclub óige chomh maith, agus iadsan a earcú mar áisitheoirí Tá seans maith ann go mbeadh cuid de bhaill an choiste sásta cuidiú leis an obair seo – a bheith mar áisitheoirí, srl. |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) Daoine óga an cheantair (rannpháirtithe) Tuismitheoirí an LPT (rannpháirtithe) Foróige (rannpháirtithe) Muintearas (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Cumann na bhFiann (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Ógras (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Glór na Móna – club óige an-rathúil i mBéal Feirste (comhairle agus tacaíocht) CPTBT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €11,900 |
| Costas in aghaidh na bliana | €1,700 = 20 seisiún (10 san Fhómhar & 10 san Earrach) @ €60 an ceann [€40 (pá oibríthe) & €20 (cíos)] agus mionbhus @ €500 ar fad don 20 seisiún. Clúdófar costais na n-imeachtaí le beart 6.5.1 |
| Foinse maoinithe | RCOG |

| | |
|---------------------------------------|--|
| Dúshláin | Áisitheoirí a fháil chun monatóireacht a dhéanamh ar sheisiúin an chlub |
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Déanfar poiblíocht air seo trí na gnáthbhealaí cumarsáide agus poiblíochta, agus iarrfar ar na bunscoileanna (agus meánscoileanna na cathrach) teachtaireacht a chur amach chuig tuismitheoirí ag míniú tábhacht na hoibre seo |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Taifead a choinneáilt ar thinreamh ar an gclub agus aischothú a fháil ó na rannpháirtithe (le ceistneoir scríofa agus grúpa fócais/seisiún aischothaithe) ar a laghad uair sa mbliain |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Cuirfear leathuair a chloig ar leataobh uair sa ráithe le go mbeidh deis ag an OPT teacht isteach agus labhairt le baill an chlub chun fáil amach an bhfuil siad ag baint mórán níos mó úsáide as an nGaeilge ó lá go lá, agus chun plé a dhéanamh ar bhealaí leis an úsáid sin a mhéadú |

6.5.3 Ionadaithe na nÓg ar an gCoiste Pleanála Teanga

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Ionadaithe ón gClub Óige a bheith ar an gcoiste pleanála teanga |
| Réimsí an Bhirt | C, D, F |
| Critéir PT | 10, 11, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Rannpháirtíocht i bpróiseas na pleanála teanga agus úinéireacht air a chothú i measc óige an LPT |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Toisc go bhfuil sé chomh tábhachtach sin go n-aireodh daoine úinéireacht ar phróiseas athneartaithe teanga (Ní Dhúda, 2014) agus toisc go bhfuil ról faoi leith ag an aos óg i dtodhchaí na teanga, moltar go mbeadh beirt ionadaithe ón gClub Óige Gaeilge (beart 6.5.2) ar CPTBT • Ní gá go bhfreastalódh na hionadaithe seo ar chuile chruinniú de chuid an choiste, ach go mbeidís ann ar a laghad babhta nó dhó sa mbliain • Bhéarfaidh seo deis daofa moltaí a dhéanamh nó smaointe ar bith atá acu faoi chur chun cinn na teanga a chur in iúl don OPT agus don choiste • Athrófar na hionadaithe seo gach bliain chun an taití a roinnt ar dhaoine nua |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • Baill Chlub Óige Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • CPTBT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 3-7 – ag tosú an bhliain a bhunaítear an Club Óige |
| Costas Measta Iomlán | Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo |
| Costas in aghaidh na bliana | Ní bhaineann |
| Foinse maoinithe | Ní bhaineann |
| Dúshlán | Daoine a spreagadh le bheith ina n-ionadaithe |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Má mhínítear do bhaill an chlub go dtabharfaidh an beart seo deis daofa le rudaí a éileamh ar an gcoiste, meastar go mbeidh an OPT agus áisitheoirí an chlub óige in ann iad a spreagadh ina leith |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfar cinnte go mbíonn na hionadaithe seo ag cruinniú de chuid CPTBT ar a laghad uair sa mbliain |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Iarrfar aischothú/moltaí ar na hionadaithe seo chuile bhliain ag deireadh a dtréimhse ar an gcoiste |

6.5.4 An Nuatheicneolaíocht

| | |
|---------------------------------------|--|
| Beart | Bunachar acmhainní digiteacha atá ar fáil a chur le chéile agus a scaipeadh |
| Réimsí an Bhirt | C, G |
| Critéir PT | 2, 11, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Cur le méid na Gaeilge a úsáideann daoine óga agus iad ag plé leis an nuatheicneolaíocht |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Tuairiscíodh sa taighde nach n-úsáideann daoine óga ach méid an-bheag Gaeilge agus iad ag plé leis an nuatheicneolaíocht • Toisc go dtarlaíonn níos mó agus níos mó cumarsáide tríd an nuatheicneolaíocht chuile bhliain, tá sé tábhachtach iarracht a dhéanamh níos mó daoine a spreagadh le húsáid a bhaint as aipeanna atá ar fáil trí Ghaeilge • Cuirfear bunachar le chéile d'aipeanna agus suíomhanna idirlín atá ar fáil i nGaeilge – mar shampla WhatsApp, Snapchat agus áiseanna idirlín dála Facebook, Firefox, Gmail, gutháin le téacsáil thuarthach atá ar fáil trí Ghaeilge, srl. • Cuirfear an liosta seo ar fáil ar www.bruachthoir.ie agus scaipfear é ag an gclub óige nuair a bhunaítear sin i mbliain a trí • D'fhéadfadh seo a bheith úsáideach do dhaoine fásta freisin – scaipfear é ag an gclub foghlaimoirí fásta (beart 6.6.2) • Tá beart den chineál seo ar siúl ag cuid de na LPTanna eile cheana, mar sin beidh féidearthacht ann le haghaidh comhoibrithe ar an mbeart seo |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTNR (rannpháirtithe) • Daoine óga an LPT (rannpháirtithe) • LPTanna eile a bhfuil beart den chineál seo ar siúl iontu (m.sh. LPT an Iarthuaiscirt, LPT na Rosann) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | Clúdóidh tuarastal an OPT costas an bhirt seo |
| Costas in aghaidh na bliana | Ní bhaineann |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshláin | Daoine óga a spreagadh le húsáid a bhaint as na háiseanna seo |
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Déanfar iarracht faoi leith na "bainisteoirí teanga" (féach beart 6.5.1) a spreagadh chun iad a úsáid ar dtús, ag súil go mbeidh tionchar acu seo ar dhaoine níos óige |

| | |
|-------------------------------------|---|
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfaidh an OPT agus CPTBT plé ar an mbeart seo ag na gnáthchruinnithe coiste le cinntiú go bhfuil sé á chur i bhfeidhm |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Fiafrófar de rannpháirtithe sa gclub óige cé na haipeanna a úsáideann siad trí Ghaeilge ag tús na bliana agus ansin arís ag an deireadh le fáil amach ar ghlac siad leis na moltaí seo agus ar tháinig ardú ar an úsáid seo |



6.6 Deiseanna Foghlama Iasmuigh den Chóras Oideachais

6.6.1 Ranganna Gaeilge

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Ranganna Gaeilge a chur ar fáil sa LPT |
| Réimsí an Bhirt | B, D, E, F, K |
| Critéir PT | 3, 7, 11, 12, 13, 15 |
| Aidhm an Bhirt | Níos mó deiseanna foghlama do dhaoine fásta a chruthú go háitiúil |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Sa suirbhé pobail léiríodh go bhfuil éileamh mór ar ranganna do dhaoine fásta Cé go bhfuil roinnt ranganna ar fáil sa mbaile mór cheana (m.sh. le Conradh na Gaeilge nó le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge), dúradh go minic gur chóir go mbeadh tuilleadh ranganna ar fáil taobh istigh den LPT féin, agus go mbeidís seo ar siúl ag amantaí éagsúla ar phraghas íseal Moltar ranganna a reáchtáil ina gcuirtear béim ar rudaí éagsúla – mar shampla cúrsaí ar “Gaeilge labhartha” nó “cruinneas na Gaeilge” agus go mbeidís dírithe ar leibhéal éagsúla Moltar freisin ranganna faoi leith a eagrú do “chainteoirí oidhreachtá” – daoine a raibh Gaeilge go leor acu agus iad óg ach atá anois as cleachtadh. Is spriocghrúpa an-tábhachtach é seo i gceantar ina bhfuil an Ghaeilge lag anois mar theanga phobail, mar atá sí ar an mBruach Thoir (féach Smith-Christmas agus Armstrong, 2014; NicLeòid agus NicLeòid, 2018) Fiú má bhíonn na ranganna seo beag, is fiú go mór iad a reáchtáil Tá liosta múinteoirí cáilithe ag Údarás na Gaeltachta a d'fhéadfaí a úsáid dá mbeadh deacracht ar bith ann maidir le múinteoirí a earcú |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) CPTNR (rannpháirtithe) Muintir an LPT (rannpháirtithe) Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7, ach le méadú ag teacht ar líon na ranganna atá ar fáil in imeacht shaolré an phlean (ag brath ar éileamh) |
| Costas Measta Iomlán | €84,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €12,000 = 5 rang, 30 seachtain sa mbliain @ €80 an rang (€40 don chíos, €30 don mhúinteoir, €10 do phriontáil nó d'acmhainní eile) |
| Foinse maoinithe | RCOG agus Údarás na Gaeltachta trí Scéim na Ranganna Gaeilge |
| Dúshlán | Daoine a mhealladh le tabhairt faoi na cúrsaí seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfar neart poiblíochta ar na deiseanna seo agus cuirfear in iúl go bhfuil siad ar fáil ar phraghas íseal de bharr tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus ó RCOG |

| | |
|-------------------------------------|---|
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneofar taifead ar an tinreamh a bhíonn ag na ranganna seo, agus pléifear iad ag cruinnithe coiste de réir mar is gá |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh tionchar na ranganna seo le feiceáil sa taighde a dhéanfar ar chumas agus cleachtas teanga an phobail ag deireadh thréimhse feidhmithe an phlean seo. Tabharfar amach ceistneoir don lucht freastail ag deireadh gach téarma le haischothú ar na ranganna a fháil |



6.6.2 Club Foghlaimeoirí Gaeilge

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Club Foghlaimeoirí Gaeilge an Bhruaigh Thoir a bhunú |
| Réimsí an Bhirt | B, D, E, F, K |
| Critéir PT | 3, 7, 11, 12, 13, 15 |
| Aidhm an Bhirt | Freastal ar an éileamh a léiríodh sa suirbhé pobail ar a thuilleadh deiseanna foghlama do mhuintir an LPT |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Leanfaidh an club seo eiseamláir Chlub Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige i gConamara • Faoi scáth an chlub seo eagrófar imeachtaí sóisialta cosúil le biongó trí Ghaeilge, ciorcail chomhrá, tráthanna na gceist, oícheanta airneála, turais threoraithe, siúlóidí, léachtaí, grúpaí léitheoireachta agus tuilleadh • Tabharfaidh seo deiseanna tábhachtacha do dhaoine le sóisialú trí Ghaeilge taobh amuigh de chomhthéacs an ranga • I ré ina bhfuil an t-aonrú sóisialta ag dul i dtreise (le droch-impleachtaí do shláinte intinne agus choirp) beidh buntáistí sóisialta chomh maith le buntáistí teangeolaíocha agscéim mar seo, dála go leor de na bearta eile a mholtar sa bplean seo • Ar ndóigh tagann an beart seo leis na riachtanais a bhaineann le rannóg 6.10 (“Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire”) freisin |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • Foghlaimeoirí Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • CPTBT (rannpháirtithe) • Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige i gConamara (moltaí agus comhairle) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 2-7 |
| Costas Measta Iomlán | €18,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €3,000 – chun íoc as sólaistí, turais, aoichainteoirí agus acmhainní eile de réir mar is cuí |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Daoine a spreagadh le freastal ar an gclub |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfar neart poiblíochta air seo agus iarrfar ar mhúinteoirí na ranganna (beart 6.6.1) a gcuid mac léinn a ghríosú chun na deiseanna seo a thapú |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneofar taifead ar an tinreamh a bhionns ag an gclub, agus pléifear é ag cruinnithe coiste de réir mar is gá |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh tionchar an chlub le feiceáil sa taighde a dhéanfar ar chumas agus cleachtas teanga an phobail ag deireadh thréimhse feidhmithe an phlean seo. Iarrfar ar rannpháirtithe ceistneoir a líonadh amach uair sa mbliain chun aischothú agus moltaí a thabhairt |

6.6.3 Scoláireachtaí do Chúrsaí Samhraidh

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Scoláireachtaí a chur ar fáil do dhaoine fásta le freastal ar chúrsaí samhraidh |
| Réimsí an Bhirt | D, J, K |
| Critéir PT | 7, 11, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Deiseanna breise foghlama a chur ar fáil d'fhoghlaimoírí fásta le go mbeidh siad in ann go leor ionchur Gaeilge a fháil taobh istigh d'achar gearr |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Cosúil le beart 6.3.8 atá dírithe ar dhéagóirí, cuirfidh an beart seo scoláireachtaí ar fáil do chúigear daoine fásta gach bliain le freastal ar chúrsaí samhraidh • Íocfar as táille cúrsa seachtaine agus lóistín leis an scoláireacht seo • Moltar go bhfreastalódh rannpháirtithe ar chúrsa i nGaeltacht na Gaillimhe, ach níl sin go hiomlán riachtanach • D'fhéadfaí scoláireacht amháin a fhágáil ar leataobh gach bliain do dhuine atá fostaithe i ngnólacht áitiúil mar bhealach leis an nGaeilge a chur chun cinn san earnáil sin (féach rannóg 6.7.1 thíos freisin) • Iarrfar ar iarratasóirí rathúla píosaí beaga a scríobh faoina dtaithí don bhlag ar www.bruachthoir.ie agus cuirfear na scríbhinní sin isteach sa nuachtlitir freisin (beart 6.2.9) |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Lucht freastail ranganna Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • Club Foghlaimoírí Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • Soláthróirí cúrsaí samhraidh Gaeilge (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 3-7 |
| Costas Measta Iomlán | €15,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €3,000 = €600 do gach aon scoláireacht x 5 |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Daoine a mhealladh le cur isteach ar na scoláireachtaí seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Táthar ag súil go spreagfaidh na ranganna uilig a bheas á gcur ar fáil (beart 6.6.1) agus an Club Foghlaimoírí Gaeilge daoine le cur isteach ar na deiseanna seo |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-iarratas a fhaightear chuile bhliain agus déanfar líon na scoláireachtaí a chuirtear ar fáil a leasú más gá bunaithe ar an eolas seo |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Iarrfar ar na daoine a fhaigheann na scoláireachtaí seo ceistneoir aischothaithe a líonadh amach don OPT tar éis |

| | |
|--|---|
| | <p>an chúrsa. Beidh tionchar na scoláireachtaí le feiceáil sa taighde a dhéanfar ar chumas agus ar chleachtas teanga an phobail ag deireadh thréimhse feidhmithe an phlean seo.</p> |
|--|---|



6.6.4 Taisce Ghaelach an Bhruaigh Thoir

| | |
|---------------------|---|
| Beart | Taisce Ghaelach a chur le chéile don Bhruach Thoir |
| Réimsí an Bhirt | A, D, K |
| Critéir PT | 8, 10, 11 |
| Aidhm an Bhirt | Oidhreacht theangeolaíoch agus béaloidis an cheantair a chaomhnú agus a chur ar fáil don phobal ar fad mar áis oideachais |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Ag teacht leis na moltaí a dhéantar sa litríocht acadúil ar an athneartú teanga (e.g. Fishman, 1991: 88-9; Ó Curnáin agus Ó Giollagáin, 2016: 66), eagrófar tionscadail chun taifead cruinn cuimsitheach a dhéanamh ar chanúint áitiúil Ghaeilge an Bhruaigh Thoir, mar aon le hábhar béaloidis agus stair áitiúil a bhaineann leis an gceantar • Cuirfear maoiniú ar fáil chun íoc as ceamaradóir a dhéanfaidh fiseáin de chainteoirí dúchais Gaeilge an LPT • Cuirfear na fiseáin seo ar fáil ar www.bruachthoir.ie • Moltar go mbeadh na hagallaimh seo tras-scríofa agus nasctha leis an gcaint ar an gcaoi chéanna a ndéantar ar www.guthan.wordpress.com • Nuair a bheas fiseáin go leor déanta, maoineofar tograí eile a bhaineann le heagarthóireacht a dhéanamh ar ábhar scríofa nó a leithéid • D'fhéadfaí an t-airgead seo a chur ar fáil mar dheontais taighde do thaighdeoirí cáilithe a bheadh sásta tabhairt faoi thaighde acadúil a bhaineann le doiciméadú teanga sa LPT • D'fhéadfaí chomh maith oibriú le Roinn na Gaeilge in OÉG chun cúpla nóiméad cainte a dhéanamh le mic léinn an MA sa Nua-Ghaeilge chuile bhliain, féachaint an mbeadh suim ag aon duine acusan tabhairt faoi thaighde mar seo mar chuid den MA • Tá samplaí den chineál ruda a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an tionscadal seo ar fáil ag: <ul style="list-style-type: none"> www.gaeiglenalachan.wordpress.com www.guthan.wordpress.com www.cainntmomhathar.com www.learnmanx.com www.dalriada.scot |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • Pobal an LPT (rannpháirtithe) • LPT an Eachréidh (rannpháirtithe) • Taighdeoirí feiliúnacha (rannpháirtithe) • Ollscoil na hÉireann (rannpháirtithe) • Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (rannpháirtithe) • Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |

| | |
|--------------------------------------|--|
| Costas Measta Iomlán | €28,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | <p>€4,000: sa gcéad bhliain caithfear €2,000 ar thraenáil agus ar threalamh/bogearraí taifeadta agus eagarthóireachta (m.sh. MOJO), €1,000 ar cheamaradóir proifisiúnta leis na físeáin a thaifeadadh, agus €1,000 ar eagarthóireacht agus tras-scríobh.</p> <p>Ansin ó bhliain a dó ar aghaidh caithfear €2,000 sa mbliain ar thaifead agus eagarthóireacht ar fhíseáin (moltar ocht n-uair a chloig d'ábhar sa mbliain) + €1,000 don tras-scríobh ar an gcaint sna físeáin + €1,000 chun an téacs tras-scríofa a nascadh leis an taifead de réir ama, agus le foclóir ar líne (cosúil leis an gcur chuige a úsáidtear ar www.guthan.wordpress.com)</p> <p>Má mheastar go bhfuil dóthain físeán déanta leis an gcur chuige seo tar éis trí nó ceithre bliana, is féidir an t-airgead seo a chur ar fáil mar dheontais taighde do thograí a thagann le sprioc an bhirt seo</p> |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Ceamaradóir feiliúnach a fháil a bhfuil Gaeilge aige nó aici |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Iarrfar comhairle/moltaí ó lucht stiúrtha an MA i gcleachtas gairmiúil sna meáin in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-iarratas a fhaightear don mhaoiniú seo agus pléifear é de réir mar is gá ag na cruinnithe coiste |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Déanfaidh an OPT taifead ar mhéid an ábhair a sholáthraítear tríd an scéim seo, agus ar líon na ndaoine a bhreathnóidh air ar an suíomh idirlín |

6.6.5 Scéim Máistir-Printíseach

| | |
|-----------------|---|
| Beart | Scéim Máistir-Printíseach a reáchtáil sa LPT |
| Réimsí an Bhirt | D, J, K |
| Critéir PT | 7, 11, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Nascanna a thógáil idir foghlaimeoirí fásta agus cainteoirí líofa Gaeilge an LPT, go háirithe daoine a tógadh leis an teanga sa gceantar |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Tá dea-chlú idirnáisiúnta ar an scéim “máistir-printíseach” a d’fhorbair an tOllamh Leanne Hinton tuairim is 20 bliain ó shin (Hinton, 2001) • Faoin scéim seo, caitheann foghlaimeoir fásta (an “printíseach”) roinnt uaireanta a chloig chuile sheachtain le cainteoir líofa de chuid na sprioctheanga (an “máistir”). Ní úsáideann siad ach an sprioctheanga le linn an ama seo, rud a thugann deis don fhoghlaimeoir an teanga a shealbhú ar bhealach nádúrtha, neamhfhoirmiúil • Ní rang a bhionns ann – is féidir le rannpháirtithe dul i mbun ghnáthchúraimí an tsaoil agus iad le chéile – ag obair nó ag siopadóireacht nó cibé rud • Meastar gur chóir cúigear máistrí agus cúigear printíseach a chlárú don scéim seo le linn na chéad bhliana den scéim agus an uimhir seo a leasú uaidh sin suas, ag brath ar éileamh • Le tosnú amach creidtear gur chóir do mháistrí agus printísigh ceithre uair a chloig a chaitheamh i gcomhlúadar a chéile chuile seachtain (.i. suas go tuairim 200 uair a chloig sa mbliain) • Tuigtear gur mór an méid ama é sin, agus mar sin, cé go moltar é sin mar sprioc, glactar le printísigh atá sásta ar a laghad 30 seachtain sa mbliain a dhéanamh @ 4 uair a chloig sa tseachtain (.i. 120 uair a chloig sa mbliain) • Íocfar ráta €10 in aghaidh na huair le h-uair leis na máistrí mar chúiteamh ar a gcuid ama, suas go €50 sa tseachtain (.i. má roghnaíonn an bheirt cúig uair a chloig a chaitheamh le chéile, an t-uasmhéid a gheobhaidh siad íocaíocht air) • Gheobhaidh na printísigh ar fad dearbhán €100 tar éis daofa bliain den scéim a chríochnú • Glactar leis go mbeidh na printísigh seo ag tabhairt faoi rudaí eile chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú freisin – ag freastal ar na ranganna do dhaoine fásta (6.6.1) agus an Club Foghlaimeoirí (6.6.2), mar shampla. Tá go leor ionchuir riachtanach má tá duine ag iarraidh líofacht na teanga a bhaint amach • Tá fiseán maith faoin gclár seo in úsáid chun |

| | |
|---------------------------------------|---|
| | Gaeilge na hAlban a athneartú in Albain Nua le feiceáil ar YouTube: <i>Bun is Bàrr Root & Branch Intergenerational Learning in Gaelic Nova Scotia short documentary:</i> https://www.youtube.com/watch?v=6tu8KfJV4KE |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • Foghlaimoirí Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • Cainteoirí líofa Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • CPTBT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1 – ullmhúchán agus pleanáil Bliain 2-7 – cur i bhfeidhm an bhirt |
| Costas Measta Iomlán | €81,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €13,500 = €12,500 do chúigear máistrí @ €50 sa tseachtain/50 seachtain sa mbliain + €500 le haghaidh 5 dhearbhan €100 do gach printiseach a chríochnaíonn bliain den scéim + €500 chun íoc as teacht le chéile do na rannpháirtithe ar fad uair sa mbliain – ag cur sólaistí, cíos ionaid, srl. san áireamh |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshláin | Dóthain daoine a fháil le bheith ina máistrí |
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Cé go bhfuil an teanga an-lag sa LPT anois, tá na céadta cainteoir líofa fós ann, fiú murar tógadh le Gaeilge san áit seo iad ar fad. Meastar go mbeifear in ann cúigear acu seo a mhealladh – tá suim ag roinnt ball de CPTBT ann, mar shampla |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT súil ar líon na n-iarratas a fhaightear don scéim seo agus déanfar líon na máistrí agus na bprintiseach a leasú más gá bunaithe ar an eolas seo |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Déanfaidh an OPT agallamh beag faoina dtaithí leis na printisigh ag tús agus deireadh na bliana lena ndul chun cinn a mheas |

6.6.6 Sparánachtaí Tríú Leibhéal

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Sparánachtaí an Bhruaigh Thoir |
| Réimsí an Bhirt | A |
| Critéir PT | 5, 6, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Sparánachtaí a chur ar fáil le haghaidh cúrsaí tríú leibhéal |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear dhá scoláireacht de luach €3,000 an ceann ar fáil gach bliain (ag tosú i mbliain a trí den phlean) do dhaoine ar mhian leofa tabhairt faoi chúrsa tríú leibhéal a bhaineann leis an nGaeilge • Beidh ar iarratasóirí foirm iarratais a líonadh agus ráiteas beag a scríobh chun cur isteach air seo • Déanfaidh an OPT agus ball den choiste nach bhfuil gaol nó ceangal láidir aige/aici le haon duine de na hiarratasóirí breithiúnas ar na hiarratais seo • Más gá eagróidh an OPT agus baill an choiste agallaimh leis na hiarratasóirí mar chuid den phróiseas breithiúnais • Tabharfar tús áite do dhaoine atá ag tabhairt faoi chúrsa a bhaineann leis an bpleanáil teanga • Tabharfaidh na sparánachtaí seo deis do CPTBT poiblíocht a dhéanamh ar a gcuid oibre sna meáin agus cuideoidh siad le dea-íomhá a chruthú don phleanáil teanga sa LPT |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Mic léinn an LPT (rannpháirtithe) • Scoileanna áitiúla (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 3-7 |
| Costas Measta Iomlán | €30,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €3,000 x 2 = €6,000 |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Daoine a spreagadh le cur isteach ar na sparánachtaí seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfar neart poiblíochta ar na sparánachtaí sna gnáthbhealaí agus i meánscoileanna na cathrach, sa gclub óige, srl. |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Pléifear feidhmiú an bhirt seo ag cruinnithe coiste agus coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-iarratas a fhaightear lena n-aghaidh |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Iarrfar ar na daoine a mbronntar na sparánachtaí seo orthu tuairisc bheag a scríobh ar a dtaithe ar an ollscoil agus ar a gcúrsa don bhlag ar www.bruachthoir.ie – úsáidfear seo le tacú le beart 6.3.7 |

6.7 An Earnáil Ghnó

6.7.1 Cothú na Gaeilge in earnáil an ghnó

| | |
|-----------------------------|---|
| Beart | Cothú na Gaeilge in earnáil an ghnó |
| Réimsí an Bhirt | E, F, K |
| Critéir PT | 2, 3, 13, 14, 15, 18 |
| Aidhm an Bhirt | An Ghaeilge a chur chun cinn i ngnólachtaí an LPT |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Tá an t-ádh leis an mBruach Thoir sa méid is go bhfuil an grúpa Gaillimh le Gaeilge tar éis a bheith ag obair go dian le blianta fada chun an Ghaeilge a chur chun cinn i ngnólachtaí sa LPT (agus ar fud na cathrach). Tá toradh na dea-oibre seo le feiceáil cheana i gcomharthaí Gaeilge atá ag go leor gnólachtaí áitiúla Toisc go bhfuil saineolas na mblianta agus dea-chlú idirnáisiúnta ar Ghaillimh le Gaeilge ag plé leis an réimse seo, moltar go n-eagrófar cruinnithe leofa chun moltaí/comhairle a fháil don OPT faoi na bealaí is fearr leis an teanga a chur chun cinn in earnáil an ghnó in oirthear na cathrach, chomh maith le deiseanna comhoibrithe idir Gaillimh le Gaeilge agus an OPT a phlé Déanfar iarracht oibriú le gnólachtaí áitiúla a fhostaíonn Gaeilgeoirí le scéim lascaine a reáchtáil a bhéarfadh lascaine do chustaiméirí a dhéanann a ngnó trí Ghaeilge Urraíocht a dhéanamh ar dhuaiseanna faoi leith do ghnólachtaí oirthear na cathrach i ngradaim Sheosaimh Uí Ógartaigh Déanfar iarracht oibriú le gnólachtaí áitiúla a fhostaíonn Gaeilgeoirí le scéim lascaine a fhorbairt a bhéarfadh lascaine do chustaiméirí a dhéanann a ngnó trí Ghaeilge |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) CPTBT (rannpháirtithe) Gaillimh le Gaeilge (rannpháirtithe) Baile Seirbhíse Gaeltachta na Gaillimhe (rannpháirtithe) Gnólachtaí an LPT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €14,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €2,000: €1,500 chun duaiseanna oirthear na cathrach a mhaoiniú agus €500 le híoc as dá chaint sa mbliain don lucht gnó |
| Foinse maoinithe | RCOG, Foras na Gaeilge |
| Dúshlán | Dúbailt oibre a sheachaint |

| | |
|---------------------------------------|--|
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Toisc go mbeidh Gaillimh le Gaeilge agus an OPT ag obair as lámh a chéile ar an mbeart seo, seachnófar dúbailt oibre a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbeadh CPTBT agus an OPT ag tabhairt faoin obair seo as a stuaim féin |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Beidh cruinnithe idir an OPT/CPTBT agus Gaillimh le Gaeilge le feidhmiú an bhirt seo a phlé ar a laghad uair sa mbliain, agus níos rialta más gá |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh rath ar an mbeart seo má bhíonn níos mó Gaeilge á húsáid ag gnólachtaí an LPT. Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ngnólachtaí a ghlacann páirt sna scéimeanna seo ó bhliain go bliain |



6.8 Eagraíochtaí Pobail agus Seirbhísí Stáit

Cé go bhfuil neart seirbhísí poiblí ar fáil i lár na cathrach, níl an oiread sin acu lonnaithe sa LPT in oirthear na cathrach. Tá roinnt eagraíochtaí pobail sa LPT a fhaigheann bunáite a maoinithe ón stát, áfach, agus déanfar iarracht mhór iad a spreagadh le bheith níos láidre ó thaobh úsáid agus cur chun cinn na Gaeilge de. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na grúpaí seo go bhfuil dlí de chuid an stáit á chur i bhfeidhm le próiseas na pleanála teanga, agus mar sin go bhfuil dualgas orthu a gcion a dhéanamh chun tacú leis an obair seo. Ba chóir d'ionaid phobail agus seirbhísí poiblí sa LPT a bheith ina n-eiseamláir den dea-chleachtas maidir leis an tairiscint ghníomhach (ag beannú do chustaiméirí i nGaeilge agus Béarla mar aon ag tús comhrá), comharthaíocht as Gaeilge, ócáidí teanga agus rudaí eile a phléitear sa gcaibidil seo.

Táthar ag súil go dtacóidh na bearta a luaitear i rannóg 6.7 thuas leis an sprioc seo freisin. Ba chóir ionaid phobail áitiúla a úsáid chun imeachtaí a bhaineann leis an bpleanáil teanga a reáchtáil iontu chomh minic agus is féidir.

6.8.1 Eagraíochtaí pobail agus seirbhísí poiblí a spreagadh

| | |
|-----------------------------|--|
| Beart | Eagraíochtaí pobail a spreagadh ó thaobh úsáid agus feiceálacht na Gaeilge iontu a mhéadú |
| Réimsí an Bhirt | F |
| Critéir PT | 1, 3, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 18 |
| Aidhm an Bhirt | Méid na Gaeilge atá le feiceáil agus le cloisteáil in eagraíochtaí pobail agus seirbhísí stáit sa LPT a mhéadú |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Ní bheidh rath ar an bpleanáil teanga ar an mBruach Thoir mura mbíonn eagraíochtaí pobail agus seirbhísí poiblí sásta tacú léi Déanfar iarracht faoi leith cur in iúl daofa tábhacht a dtacaíochta agus iad a mhealladh le bheith dearfach agus réamhghníomhach faoi chur chun cinn na Gaeilge ina gcuid oibre agus imeachtaí Gheofar comhairle agus tacaíocht ar an ábhar seo ó Údarás na Gaeltachta agus Oifig an Choimisinéara Teanga de réir mar is gá |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) Gnólachtaí an LPT (rannpháirtithe) Eagraíochtaí Pobail (rannpháirtithe) Seirbhísí stáit (rannpháirtithe) Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) Oifig an Choimisinéara Teanga (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7: ardú feasachta agus scaipeadh eolais faoina bhfuil ag teastáil ó eagraíochtaí poiblí agus seirbhísí stáit chun tacú leis an bpleanáil teanga Bliain 2-7: monatóireacht |
| Costas Measta Iomlán | Clúdóidh tuarastal an OPT costas an bhirt seo |
| Costas in aghaidh na bliana | Ní bhaineann |
| Foinse maoinithe | RCOG |

| | |
|---------------------------------------|--|
| Dúshláin | Tacaíocht agus dea-thoil na n-eagraíochtaí seo a fháil |
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Nil an OPT ná CPTBT ag iarraidh a bheith ag troid le grúpaí faoi seo, ach ag iarraidh a chur in iúl daofa go bhfuil tacaíochtaí ann le cuidiú leofa agus iad ag iarraidh níos mó Gaeilge a úsáid – cuirfear in iúl go tuisceanach go bhfuil ranganna, scoláireachtaí, seirbhísí aistriúcháin, srl. ar fáil daofa |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfaidh an OPT, an cheanneagraíocht agus an coiste monatóireacht air seo agus pléifear é ag na cruinnithe rialta a bheas acu (beart 6.2.2) |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh toradh an bhirt seo le feiceáil sa monatóireacht a dhéanfar air seo ó bhliain 2-7. Coinneoidh an OPT súil ar líon na n-eagraíochtaí poiblí a gheobhaidh comhairle/tacaíocht gach bliain |

6.9 Na Meáin Chumarsáide

Tá sé tábhachtach go mbeidh obair CPTBT le feiceáil sna meáin chumarsáide go minic chun pobal na háite a choinneáil ar an eolas fúithi. Cuideoidh beart 6.2.7 (láithreach ar líne) leis seo, ach tá sé an-tábhachtach freisin go mbeidh dea-chaidreamh ag an OPT, ag an gceanneagraíocht agus ag an gcoiste leis na meáin éagsúla a bhfuil tóir orthu i nGaillimh – leithéidí an *Galway Advertiser*, *Connacht Tribune*, *Galway Bay FM*, srl. Beidh dea-chaidreamh leis na meáin Ghaeilge an-tábhachtach chomh maith ar ndóigh. Pléitear an t-ábhar seo níos mine i gcaibidil a hocht – Forbairt feasachta agus Poiblíocht.

6.9.1 Íomhá na Pleanála Teanga i LPTOCC

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Íomhá na pleanála teanga sa LPT a mhéadú agus a fheabhsú |
| Réimsí an Bhirt | G (agus na réimsí ar fad eile, ag brath ar an gcomhthéacs) |
| Critéir PT | 3, 12, 13, 14, 15, 16, 18, 19 |
| Aidhm an Bhirt | Dea-phoiblíocht a fháil don phleanáil teanga agus dea-chlú a chothú do CPTBT mar eagraíocht forbartha áitiúil |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Bainfear leas as na meáin chumarsáide chun íomhá agus clú CPTBT a mhéadú i rith an ama • Cothófar dea-chaidreamh le hiriseoirí faoi leith más féidir, sna meáin Bhéarla agus Ghaeilge • Iarrfar cúnamh ar bhaill an choiste ag scríobh preasráitis nó ag déanamh agallamh leis na meáin de réir mar is gá, le nach mbeidh iomlán an ualaigh sin ar an OPT agus go mbeidh éagsúlacht ann do na hiriseoirí – ní hé an duine céanna a bheas ag caint faoi seo an t-am ar fad |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Na meáin chumarsáide Ghaeilge agus Bhéarla (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | Clúdóidh tuarastal an OPT costas an bhirt seo |
| Costas in aghaidh na bliana | Ní bhaineann |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Aird na meán a choinneáil bliain i ndiaidh bliana |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfaidh an OPT agus oifigeach caidrimh phoiblí an choiste iarracht éagsúlacht leathan scéalta a chur chuig na meáin. Cuirfidh siad preasráiteas agus íomhánna feiliúnacha amach ar bhonn rialta |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfaidh an OPT agus CPTBT cinnte go bhfuil scéalta á gcur chuig na meáin go rialta – pléifear straitéis chuige seo ag na cruinnithe coiste |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Coinneoidh an OPT taifead ar líon na scéalta faoin bpleanáil teanga a chlúdófar sna meáin |

6.10 Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire

Ar ndóigh, tá baint ag go leor de na bearta a luaitear thuas le saol sóisialta an LPT agus le caithimh aimsire. Cuirfidh na hócáidí a eagróidh an Club Óige agus an Club d'fhoghlaiméoirí fásta (m. sh. oícheanta airneála, club leabhar, turais treoraithe, srl.) leis na deiseanna sóisialaithe a bheas ag daoine sa gceantar. Toisc go bhfuil foghlaim na Gaeilge ina caitheamh aimsire do go leor daoine, cuideoidh na ranganna éagsúla (beart 6.6.1) leis seo freisin. Mar a luaitear i mbeart 6.6.2, beidh seo uilig chun leasa phobal an cheantair i ré ina bhfuil an t-uaigneas/an t-aonrú sóisialta ag dul i dtreise, le drochimpleachtaí dtaobh sláinte intinne agus choirp. Léiriú eile é seo nach buntáistí teangeolaíocha amháin a bhaineann le hiarrachtaí chun athneartú/caomhnú a dhéanamh ar mhionteanga, ach go mbíonn dea-thionchar níos leithne i gceist freisin.

Tá sé tábhachtach chomh maith, áfach, go ndéanfar iarracht Gaelú a dhéanamh ar imeachtaí agus caithimh aimsire atá ar siúl sa LPT cheana, mar a mholtar sna bearta seo thíos.

6.10.1 Cumann Lúthchleas Gael

| | |
|---------------------|--|
| Beart | Tacaíochtaí teanga a thabhairt do chumainn CLG go háitiúil |
| Réimsí an Bhirt | J |
| Critéir PT | 6, 8, 10, 11, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Na cumainn CLG a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Luaigh roinnt mhaith daoine le linn an taighde an ról dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag CLG i gcur chun cinn na teanga • Déanfar iarracht faoi leith leis na cumainn a spreagadh chun oifigigh ghníomhacha Ghaeilge a cheapadh • Molfar do na cumainn a gcuid traenála a dhéanamh trí Ghaeilge más féidir (nó go dátheangach) • Iarrfar orthu comharthaíocht Ghaeilge a chur in airde timpeall fhoirgnimh na gclubanna, ar na geataí, sna seomraí feistis srl. • Iarrfar orthu freisin níos mó Gaeilge a úsáid ar a gcuid leathanach ar na meáin shóisialta, i miontuairiscí, i bhfógraíocht agus teachtaireachtaí téacs/whatsapp/modh cumarsáide ar bith eile a úsáideann siad • Déanfar iarracht na cumainn a spreagadh le cur isteach ar Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Donncha, scéim tacaíochta do chumainn atá á reáchtáil ag Glór na nGael • Cuirfear chuile thacaíocht agus is féidir ar fáil do na cumainn chun na rudaí seo a bhaint amach – cúnaimh le haistriúchán, ceardlanna teanga dírithe ar stór focal do réimse an spóirt, srl. |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTNR (rannpháirtithe) |

| | |
|--------------------------------------|--|
| | <ul style="list-style-type: none"> • Cumann Lúthchleas Gael sa LPT (rannpháirtithe) • Glór na nGael (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 2-7 |
| Costas Measta Iomlán | Clúdóidh tuarastal an OPT costas an bhirt seo |
| Costas in aghaidh na bliana | Ní bhaineann |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Dea-chaidreamh a chothú leis na cumainn le go mbeidh siad toilteanach seo a dhéanamh |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Cuirfear in iúl daofa go bhfuil neart tacaíochtaí ar fáil daofa – idir ranganna, scoláireachtaí, seirbhísí aistriúcháin, srl. |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Pléifear feidhmiú an bhirt seo ag cruinnithe coiste de réir mar a theastaíonn |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Coinneoidh an OPT agus CPTBT súil ar mhéid na Gaeilge a úsáideann na clubanna ina n-ábhar poiblí (fógraíocht, suíomhanna idirlín, srl.) |

6.10.2 Oiliúint agus Tacaíocht do Thraenáilaithe/Lucht Stiúrtha Caitheamh Aimsire

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Seisiúin traenála faoi thábhacht na Gaeilge a chur ar fáil do thraenáilaithe spóirt/lucht stiúrtha caitheamh aimsire eile sa gceantar |
| Réimsí an Bhirt | D, J, K |
| Critéir PT | 2, 10, 11, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Daoine a spreagadh agus a chumasú le tuilleadh Gaeilge a úsáid agus iad i mbun a gcaitheamh aimsire |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Eagrófar ceardlanna chun tábhacht úsáid na Gaeilge a mhíniú agus chun stór focal agus leideanna eile faoi úsáid na teanga a thabhairt do thraenáilaithe/daoine a bhíonn ag plé le caithimh aimsire agus le campaí samhraidh sa LPT Pléifear bealaí leis an nGaeilge a chur cinn fiú mura mbíonn an traenálaí féin sách líofa Cuirfear rannpháirtithe ar an eolas faoi na tacaíochtaí teanga eile atá ar fáil daofa faoin bplean seo agus míneofar na bealaí ar féidir le CPTBT tacú leofa agus iad i mbun a ngnóthaí D'fhéadfaí aoichainteoirí a fháil ó chlubanna spóirt a bhfuil polasaí láidir teanga curtha i bhfeidhm iontu lena dtaithí féin a roinnt le rannpháirtithe – mar shampla oifigeach cultúir & teanga Ghaeil na Gaillimhe |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) CPTNR (rannpháirtithe) Lucht caitheamh aimsire agus spóirt sa LPT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1: Socruithe agus ullmhúchán, bunachar teagmhálaithe a chur le chéile Bliain 2-7: Feidhmiú an bhirt |
| Costas Measta Iomlán | €3,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €500 (priontáil, poiblíocht agus beirt aoichainteoirí chuile bliain) |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Daoine a mhealladh le freastal ar na ceardlanna seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Dála go leor de na bearta sa bplean seo, beidh sé riachtanach dea-chaidreamh a chothú leis na spriocghrúpaí seo agus a chur in iúl daofa go bhfuil CPTBT ann le tacú leofa |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Pléifear feidhmiú an bhirt seo ag cruinnithe de chuid an choiste |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Coinneofar taifead ar líon na rannpháirtithe a ghlacann páirt sna ceardlanna seo agus rachaidh an OPT i dteagmháil leofa ag deireadh na bliana le fáil amach cén chaoi ar éirigh leofa ag cur na moltaí a fuair siad i bhfeidhm |

6.10.3 Féile Ghaeilge an Bhruaigh Thoir

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Féile bhliantúil Ghaeilge a bhunú sa LPT |
| Réimsí an Bhirt | J, K |
| Critéir PT | 10, 11, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Féile deireadh seachtaine a eagrú chun oidhreacht Ghaelach an Bhruaigh Thoir a cheiliúradh uair sa mbliain |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Eagrófar féile phobail sa LPT uair sa mbliain le ceiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar oidhreacht Ghaeltachta na háite • Scaipfidh an fhéile eolas ar an oidhreacht seo i measc Gaeilgeoirí na tíre agus Béarlóirí an cheantair araon • Eagrófar cainteanna poiblí, seisiúin cheoil, dianchúrsaí teanga, ceardlanna, turais threoraithe, srl. le linn an deireadh seachtaine seo • Beidh ar go leor de na hócáidí seo a bheith dátheangach, nó eagraithe ar bhealach a d'fheilfeadh do mhórpobal na mBéarlóirí sa gceantar freisin, óir tá sé an-tábhachtach go spreagfar iadsan i leith na teanga freisin • Déanfar iarracht pobail an LPT a mhealladh mar aon le Gaeilgeoirí as áiteacha eile • D'fhéadfaí seo a eagrú thart ar Lá Bealtaine, b'fhéidir, lena nascadh leis an tseanfhéile a bhíodh ag teach mór Mhionlaigh sa seanam |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Pobal an LPT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 2-7 |
| Costas Measta Iomlán | €24,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €4,000 |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Clár tarraingteach a chur le chéile a mheallfaidh pobal na Gaeilge agus Béarlóirí an cheantair mar aon |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfar iarracht go leor de na hócáidí a mhol daoine ina gcuid freagraí ar an gceistneoir pobail a eagrú le linn an deireadh seachtaine. Breathnófar ar fhéilte teanga eile – leithéid Liú Lúnasa i mBéal Feirste – chun inspioráid a fháil freisin |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Déanfar plé air seo ag na cruinnithe coiste |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar an bhféile seo gach bliain agus ar mhéid an chládaigh a fhaigheann sí sna meáin |

6.11 Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

6.11.1 Comharthaíocht Ghaeilge sa LPT

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Tírdhreach teangeolaíoch an LPT a Ghaelú |
| Réimsí an Bhirt | E, F, K, I |
| Critéir PT | 2, 3, 13, 14, 15, 17, 18 |
| Aidhm an Bhirt | Méid na Gaeilge atá le feiceáil ar fud an LPT a mhéadú |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Shíl go leor daoine le linn an taighde gur chóir ní ba mhó Gaeilge scríofa a bheith le feiceáil ar fud an LPT • Tá go leor comharthaí oifigiúla sa LPT nach dtagann le ceanglais <i>Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003</i> – déanfar seo a thuairisciú don Choimisinéir Teanga mura bhfuil an chomhairle cathrach sásta an comhartha a athrú • Chomh maith leis sin cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil do ghrúpaí pobail, cumainn spóirt, ionaid phobail, srl. ar mian leofa comharthaí Gaeilge a chur in airde • Ag teacht le moltaí agus dea-chleachtas atá forbartha ag Gaillimh le Gaeilge ní chuirfear an deontas seo ar fáil do chomhlachtaí tráchtála |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTNR (rannpháirtithe) • Grúpaí pobail an LPT (rannpháirtithe) • Comhairle Cathrach na Gaillimhe (rannpháirtithe) • Oifig an Choimisinéara Teanga (rannpháirtithe) • Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) • Foras na Gaeilge (rannpháirtithe) • Baile Seirbhíse Gaeltachta na Gaillimhe (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1 – poiblíocht agus ullmhúchán Bliain 2-7 – cur i bhfeidhm an bhirt |
| Costas Measta Iomlán | €18,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €3,000 – ach táthar ag súil go mbeidh roinnt mhaith maoinithe ar fáil lena aghaidh seo ó Fhoras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta freisin |
| Foinse maoinithe | RCOG, Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta |
| Dúshlán | An Chomhairle Cathrach a spreagadh le cloí le <i>hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003</i> |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Beidh ar an gcoiste rudaí a thuairisciú d'oifig an Choimisinéara Teanga mura nglacann an Chomhairle lena dualgais |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Coinneoidh an OPT agus an coiste taifead ar líon na ngrúpaí a úsáideann an tseirbhís |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Coinneofar taifead ar líon na gcomharthaí a chuirtear in airde de bharr an bhirt seo |

6.11.2 Lóistín ar lascaine do mhic léinn le Gaeilge sa LPT

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Teach Gaeilge a bhunú sa LPT mar lóistín ar cíos laghdaithe do mhic léinn a labhraíonn Gaeilge |
| Réimsí an Bhirt | I, K |
| Critéir PT | 2, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Dlús cainteoirí Gaeilge a chothú sa LPT |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Déanfar stocaireacht ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le teach a chur ar fáil ar lascaine sa LPT mar lóistín do mhic léinn le Gaeilge • Ó tharla gur ollscoil dhátheangach na tíre í OÉG táthar ag súil go mbeidh sí toilteanach tacú leis an mbeart seo • Leanfaidh seo an cineál múnla atá ag na tithe Gaeilge atá ag go leor ollscoileanna ar fud na tíre • Beifear ag súil go labhrófar Gaeilge amháin sa teach seo agus go mbeidh na daoine a bhfuil cónaí orthu ann sásta freastal ar ócáidí a eagróidh an OPT/CPTBT go rialta • Táthar ag súil go mbeadh dea-thionchar ag grúpa díograiseach Gaeilgeoirí ina gcónaí le chéile ar chleachtas teanga daoine eile máguaird • Glactar leis go mbeidh ról eiseamláireach ag na daoine seo i dtaobh seirbhísí a lorg trí Ghaeilge sa gceantar, úsáid réamhghníomhach na teanga, srl. |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (rannpháirtithe) • CPTBT (rannpháirtithe) • Gaeilgeoirí na háite (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 2 – ullmhúchán agus pleanáil Bliain 3-7 – cur i bhfeidhm |
| Costas Measta lomlán | Ní bhaineann – is faoi Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bheadh sé na costais seo a chlúdach |
| Costas in aghaidh na bliana | Ní bhaineann – is faoi Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bheadh sé na costais seo a chlúdach |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Daoine a mhealladh le cónaí sa teach seo |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Má dhéantar neart poiblíochta air seo, meastar go bhféadfadh an-rath a bheith air, go háirithe i bhfianaise chostas na tithíochta i nGaillimh faoi láthair agus na heaspa tithíochta |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Tabharfar cuireadh do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa teach seo freastal ar chruinnithe de chuid CPTBT chun rudaí a phlé de réir mar is mian leofa. Beidh an OPT i dteagmháil rialta leofa le cinntiú go bhfuil ag éirí go maith le rudaí ann |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Beidh tionchar na ndaoine seo ar chleachtas teanga le feiceáil sa taighde a dhéanfar ag deireadh an phlean |

6.11.3 Ionad Oidhreachta sa LPT

| | |
|---------------------------------------|--|
| Beart | Ionad teanga/oidhreachta a bhunú sa LPT |
| Réimsí an Bhirt | I, J |
| Critéir PT | 10, 11, 12 |
| Aidhm an Bhirt | Ionad faoi leith a bheith sa LPT inar féidir ócáidí teanga a eagrú agus taispeántas a reáchtáil |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Bhí an CPT agus an coiste uilig den tuairim láidir go dteastaíonn ionad teanga/oidhreachta ón LPT seo, toisc go bhfuil a bhunáite ina mbruachbhaile de chuid na cathrach agus nach bhfuil mórán áiteacha ann ina dtagann daoine le chéile le haghaidh ócáidí teanga/pobail Moltar dá bharr ionad mar seo a bhunú sa LPT Tá ionad pobail déanta de theach príobháideach ag uimhir 50, Bóthar an Chóiste sa LPT – moltar an sampla seo a leanacht chun an t-ionad oidhreachta a bhunú D'eagrófaí ranganna, an club foghlaimoirí, leachtaí, oícheanta airneála ann Mura féidir ionad oidhreachta faoi leith a thógáil, moltar athchóiriú a dhéanamh ar an Áras Pobail i Mionloch mar an dara rogha don bheart seo |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) CPTBT (rannpháirtithe) Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) Ionad Pobail uimhir 50, Bóthar an Chóiste (comhairle agus tacaíocht) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 2 – ullmhú agus pleanáil Bliain 3-7 – cur i bhfeidhm an bhirt |
| Costas Measta Iomlán | €1,250,000 (€500,000 de bhuiséad caipitil le hionad a chóiriú + €150,000 de bhuiséad reatha in aghaidh na bliana do Bhliain 3-7) – N.B. meastachán garbh é seo |
| Costas in aghaidh na bliana | €178,571 (meánchostas in aghaidh na bliana) |
| Foinse maoinithe | RCOG, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta |
| Dúshláin | Maoiniú a fháil lena aghaidh |
| An bealach a shárófar na dúshláin sin | Rachaidh an OPT agus an coiste ar fad i mbun stocaireachta faoi seo ón dara bliain den phlean ar aghaidh |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Pléifear an dul chun cinn a dhéantar leis na hiarrachtaí chun an beart seo a chur i gcrích ag na cruinnithe coiste |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Má éiríonn leis an gcoiste ionad a fháil, beidh rath ar an mbeart seo agus bearta eile sa bplean a bheas ag baint úsáid as an ionad seo |

6.11.4 Coinníollacha teanga ag baint le cead pleanála sa LPT

| | |
|--------------------------------------|---|
| Beart | Cur i bhfeidhm na rialacha maidir le riachtanais teanga a bheith ceangailte le cead pleanála sa nGaeltacht |
| Réimsí an Bhirt | I |
| Critéir PT | 17 |
| Aidhm an Bhirt | A chinntiú go gcuireann an Chomhairle Cathrach critéir teanga i bhfeidhm ar iarratais phleanála taobh istigh de theorainneacha an LPT |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> Tá an fhorbairt tithíochta gansrian ar cheann de na fáthanna is mó a bhfuil meath tagtha ar Ghaeltacht an Bhruaigh Thoir le cúpla scór bliain anuas Ba chóir don Chomhairle Cathrach coinníoll teanga a chur i bhfeidhm ar fhorbairtí eile a cheaptar don cheantar seo – le cinntiú go mbeadh ar dhaoine a thógann teach nua sa gceantar tabhairt faoi ranganna Gaeilge nó a leithéid Déanfaidh an OPT agus an cheanneagraíocht stocaireacht ar an gComhairle Cathrach le tábhacht an athraithe seo a chur in iúl daofa – ba chóir stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a luadh agus seo á dhéanamh |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> OPT (príomhúinéir) CPTBT (rannpháirtithe) Comhairle Cathrach na Gaillimhe (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | Ní mheastar go mbeidh aon chostas ag baint leis an mbeart seo |
| Costas in aghaidh na bliana | Ní bhaineann |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Aontú faoi seo a fháil ón gComhairle Cathrach |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Déanfar stocaireacht orthu ar bhun leanúnach le cur in iúl daofa gur ceantar oifigiúil Gaeltachta é seo fós agus gur gá critéir theanga a bheith ceangailte le cúrsaí pleanála dá bharr |
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Pléifear an dul chun cinn a dhéantar leis na hiarrachtaí chun an beart seo a chur i gcrích ag na cruinnithe coiste |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Má éiríonn leis an stocaireacht seo an Chomhairle a spreagadh le critéir theanga a chur i bhfeidhm, beidh rath ar an mbeart seo |

6.12 Eile

6.12.1 Ciste na nImeachtaí

| | |
|--------------------------------------|--|
| Beart | Ciste breise a chur ar fáil don OPT agus don cheanneagraíocht chun imeachtaí agus ócáidí eile a mhaoiniú |
| Réimsí an Bhirt | D, J, K |
| Critéir PT | 8, 10, 11, 12, 19 |
| Aidhm an Bhirt | Saoirse agus solúbthacht bhreise a thabhairt don choiste agus iad ag iarraidh tuilleadh imeachtaí trí Ghaeilge a eagrú sa LPT |
| Eolas Breise | <ul style="list-style-type: none"> • Moltar imeachtaí eile a thabharfas an pobal le chéile agus a chuirfeas le cáil na pleanála teanga sa LPT a reáchtáil de réir mar a fheictear go bhfuil éileamh orthu nó gá leofa • Beidh an ciste seo ar fáil le himeachtaí mar sin a mhaoiniú • D'fhéadfaí freisin roinnt ócáidí sóisialta do dhaoine fásta a eagrú sa gcéad bhliain leis an airgead seo (ciorcail chomhrá, oícheanta airneála, srl.). Ón darna bliain ar aghaidh déanfar a leithéid faoi scáth an chlub foghlaimoírí – beart 6.6.2 • D'fhéadfaí cuid den airgead seo a úsáid freisin má iarrann grúpaí nó daoine áitiúla tacaíocht airgeadais ar an gceanneagraíocht le haghaidh togra nua a bhaineann le cur chun cinn na teanga • Is do thograí nach bhfuil ann cheana amháin a bheas an t-airgead seo ar fáil do ghrúpaí pobail, agus beidh orthu a léiriú go gcuirfidh a bplean le húsáid na Gaeilge sa LPT – mar shampla tríd ócáidí nó acmhainní nua a chruthú a chuirfeas an teanga chun cinn |
| Páirtithe Leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • CPTBT (rannpháirtithe) • Muintir an LPT (rannpháirtithe) |
| Saolré an Bhirt | Bliain 1-7 |
| Costas Measta Iomlán | €17,000 |
| Costas in aghaidh na bliana | €2,000 i mbliain 1 agus €3,000 ó Bhliain 2 ar aghaidh |
| Foinse maoinithe | RCOG |
| Dúshlán | Fiúntas na n-iarratas a mheas |
| An bealach a shárófar na dúshlán sin | Leagfaidh an OPT amach coinníollacha chun iarratas a mheas. Pléifear iarratais leis an gcoiste agus leis an Údarás agus déanfar cinneadh ar bhonn daonlathach, ach tabharfar aird faoi leith do thuairim an OPT ar an ábhar |

| | |
|-------------------------------------|--|
| Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt | Pléifear feidhmiú an bhirt ag na cruinnithe coiste uair sa ráithe nó de réir mar is gá |
| Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt | Coinneofar taifead ar líon na n-imeachtaí a eagrófar faoin mbeart seo agus ar an tinreamh a bhíonn orthu |



6.13 Amscála maidir le Feidhmiú na mBeart

Seo thíos an t-amscála a bhaineann le cur i bhfeidhm na mbeart uile a leagadh amach sa gcaibidil seo. Tosófar ar an gcur i bhfeidhm nuair a bheas OPT ceaptha don limistéar.

Bosca liath = Ullmhúchán don bheart

Bosca gorm = Beart ar siúl

Bosca dearg = Beart fós le tosú nó críochnaithe cheana

| | Rannóg agus Beart | BLIAIN | | | | | | |
|--------|--|--------|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| | Feidhmiú an Phlean Teanga | | | | | | | |
| 6.2.1 | Eagrais pobail a bhunú agus a reáchtáil | | | | | | | |
| 6.2.2 | Struchtúr Feidhmithe | | | | | | | |
| 6.2.3 | Ceapachán an Oifigigh Pleanála Teanga | | | | | | | |
| 6.2.4 | Oifig an Oifigigh Pleanála Teanga | | | | | | | |
| 6.2.5 | Seoladh Phlean Teanga LPTOCG | | | | | | | |
| 6.2.6 | Taithí agus léargas an Chomhairleora Pleanála Teanga | | | | | | | |
| 6.2.7 | Bunachar Teagmhálaithe | | | | | | | |
| 6.2.8 | Láithreacht ar líne | | | | | | | |
| 6.2.9 | Feachtas Feasachta | | | | | | | |
| 6.2.10 | Nuachtlitir a chur ar bun | | | | | | | |
| | An Córas Oideachais | | | | | | | |
| 6.3.1 | Scéim na gCúntóirí Teanga | | | | | | | |
| 6.3.2 | Tacaíochtaí don scoil Ghaeltachta | | | | | | | |
| 6.3.3 | Tacaíochtaí do bhunscoileanna eile an cheantair | | | | | | | |
| 6.3.4 | Tacaíochtaí Teanga do theaghlaigh gan Ghaeilge | | | | | | | |
| 6.3.5 | Feasacht Teanga i measc óige an LPT | | | | | | | |
| 6.3.6 | Roghanna oideachais trí Ghaeilge ag an tríú leibhéal | | | | | | | |
| 6.3.7 | Scoláireachtaí do choláistí samhraidh | | | | | | | |
| | Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh | | | | | | | |
| 6.4.1 | Ábhar tacaíochta do thuismitheoirí/chaomhnóirí | | | | | | | |
| 6.4.2 | Cainteanna a reáchtáil faoi bhuntáistí an dátheangachais | | | | | | | |
| 6.4.3 | Comharthaíocht faoi bhuntáistí an dátheangachais | | | | | | | |
| 6.4.4 | Bunachar feighlithe páistí | | | | | | | |
| 6.4.5 | Tacaíochtaí do naíonraí an LPT | | | | | | | |
| | Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile | | | | | | | |
| 6.5.1 | Imeachtaí don óige | | | | | | | |
| 6.5.2 | Club óige trí Ghaeilge a bhunú | | | | | | | |
| 6.5.3 | Ionadaithe na nÓg ar an gCoiste Pleanála Teanga | | | | | | | |
| 6.5.4 | An Nuatheicneolaíocht | | | | | | | |
| | Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais | | | | | | | |
| 6.6.1 | Ranganna Gaeilge | | | | | | | |
| 6.6.2 | Club Foghlaimeoirí Gaeilge | | | | | | | |
| 6.6.3 | Scoláireachtaí do Chúrsaí Samhraidh | | | | | | | |
| 6.6.4 | Taisce Ghaelach an Bhruaigh Thoir | | | | | | | |
| 6.6.5 | Scéim Máistir-Printiseach | | | | | | | |
| 6.6.6 | Sparánachtaí Tríú Leibhéal | | | | | | | |

7. Costais agus Maoiniú

7.1 Suimiú na gCostas

Tá an costas measta bliantúil agus iomlán le feiceáil ar chuille bheart a leagtar amach i gcaibidil a sé, ach chun bainistiú buiséid a éascú tá na costais a bhaineann leis na réimsí éagsúla curtha i dtoll a chéile anseo. Tugtar an buiséad iomlán a theastaíonn i leith gach bliana de chur i bhfeidhm an phlean seo chomh maith.

Cuirtear costas earcaíochta agus tuarastail don OPT san áireamh sa suimiú a thugtar i rannóg 7.3 thíos, agus clúdaítear costais reatha (cíos agus trealamh oifige, srl.) freisin.

Ní mór a bheith aireach anseo, áfach, óir ní féidir chuile mhionchostas a bhaineann le cur i bhfeidhm rud chomh cuimsitheach agus ilghnéitheach leis an bplean teanga seo a oibriú amach go cinnte roimh ré. Is meastachán é seo bunaithe ar an eolas is fearr a bhí ar fáil don CPT an tráth ar ullmhaíodh an plan, ach d'fhéadfadh athruithe teacht ar chostais mar gheall ar chúrsaí boilscithe nó forbairtí eile sa ngeilleagar. Ar ndóigh is “cáipéis bheo” í plan teanga ar bith, ceann a athraítear chun teacht leis an staid reatha agus ag brath ar an aischothú a gheofar de thoradh na monatóireachta a phléitear i gcaibidil a naoi. Mar sin ní mór caitheamh le sonrú na gcostas anseo mar threoir ghinearálta don choiste agus don OPT i leaba ordú do-athraithe.

7.2 Foinsí Maoinithe

Tráth ar ullmhaíodh an plan bhí RCOG (trí Údarás na Gaeltachta) ag tairiscint suas le €100,000 in aghaidh na bliana do chur i bhfeidhm pleananna teanga i LPTanna cosúil leis an gceann seo. Táthar ag súil go méadófar seo in imeacht ama, áfach, agus tá seans ann go mbeidh maoiniú breise ar fáil mar chuid de scéimeanna faoi leith de chuid an Údaráis, RCOG, Fhoras na Gaeilge, Ghlór na nGael, Gaeloideachais, srl.

Toisc go bhfuil an LPT seo ar fad taobh istigh de theorainn baile seirbhíse Gaeltachta – rud atá fíor-eisceachtúil – tá seans ann go bhféadfaí comhoibriú leis an OPT a cheapfar do chur i bhfeidhm plan teanga an bhaile seirbhíse, agus costas roinnt beart a laghdú ar an gcaoi sin. Toisc nach féidir talamh slán a dhéanamh de ag an bpointe seo go mbeidh sin indéanta, áfach, ní chuirtear an fhéidearthacht sin san áireamh sa gcostáil a rinneadh ar bhearta an phlean seo.

Tuigtear, ar ndóigh, go gcoinneoidh an OPT súil amach le haghaidh foinsí maoinithe eile agus go mbeidh sé nó sí i dteagmháil rialta le Rannóg Pleanála Teanga Údarás na Gaeltachta agus le OPTanna i gceantair Ghaeltachta eile chun seo a phlé agus le cinntiú go mbeidh an oiread acmhainní agus is féidir ar fáil do chur i bhfeidhm an phlean seo.

7.3 Costas Chur i bhFeidhm an Phlean

| | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|--|-------------------|--------------------|-----------------|--------------------|-------------------|--------------------|-----------------|
| Costais Fostaíochta an OPT | | | | | | | |
| Earcaíocht | €2,000 | - | - | - | - | - | - |
| Iuarastal (cáin an fhostóra san áireamh ag 10.85%) | €38,797.50 | €41,568.75 | €44,340.00 | €47,111.25 | €49,882.50 | €52,653.75 | €55,425.00 |
| Costais Reatha/Oifige | | | | | | | |
| Eagras pobail a bhunú | €10,000 | €10,000 | €10,000 | €10,000 | €10,000 | €10,000 | €10,000 |
| Cíos & árachas | €4,800 | €4,800 | €4,800 | €4,800 | €4,800 | €4,800 | €4,800 |
| Priontáil, stáiseanóireacht, fótachóipeáil, srl. | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 |
| Trealamh (ar a n-áirítear costas troscán, idirlín, fóin srl.)* | €10,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 |
| Feachtas feasachta/margaíochta | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| Costais taistil don OPT | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 |
| Costais Ghníomhaíochta/Beartas | | | | | | | |
| 6.2: Feidhmiú an Phlean Teanga (gan na costais reatha, feasachta nó fostaíochta san áireamh) | €5,047 | €1,047 | €1,047 | €1,047 | €1,047 | €1,047 | €1,047 |
| 6.3: An Córas Oideachais | €5,000 | €5,400 | €10,600 | €10,600 | €10,600 | €10,600 | €10,600 |
| 6.4: Seirbhísí Cúraim Leanai, Réamhscolaíochta agus Tacaiochta Teaghlaigh | €2,634 | €3,684 | €5,334 | €5,334 | €5,334 | €5,334 | €5,334 |
| 6.5: Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile | €3,700 | €3,700 | €3,700 | €3,700 | €3,700 | €3,700 | €3,700 |
| 6.6: Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais | €16,000 | €32,500 | €41,500 | €41,500 | €41,500 | €41,500 | €41,500 |
| 6.7: An Earnáil Ghnó | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |
| 6.8: Eagraíochtaí Pobail/Seirbhísí Stáit | - | - | - | - | - | - | - |
| 6.9: Na Meáin Chumarsáide | - | - | - | - | - | - | - |
| 6.10: Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire | - | €4,500 | €4,500 | €4,500 | €4,500 | €4,500 | €4,500 |
| 6.11: Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil | - | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 |
| 6.12: Bearta Eile | €2,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 |
| Iomlán | €103,978.5 | €122,199.75 | €140,821 | €143,592.25 | €146,363.5 | €149,134.75 | €151,906 |

Tábla 7.1: Costais chur i bhfeidhm an phlean teanga de réir bliana

7.4 Buiséad Caipitil

| | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|--------------------------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|
| 6.11.3 Ionad Oidhreachta | - | - | €500,000 | €150,000 | €150,000 | €150,000 | €150,000 |
| Buiséad caipitil iomlán | - | - | €500,000 | €150,000 | €150,000 | €150,000 | €150,000 |

Tábla 7.2: Buiséad caipitil measta de réir bliana

NB - Is meastacháin gharbha iad na figiúirí seo thuas

8. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

8.1 Réamhrá

Mar a mhínítear thuas, is cuid lárnach d'athneartú mionteanga é spreagadh rannpháirtíocht agus úinéireacht an phobail sa bpróiseas. Tugadh cur síos ar na hiarrachtaí poiblíochta a rinneadh mar chuid d'fheachtas feasachta an choiste go dtí seo i rannóg 4.2, agus mar a luadh i rannóg 6.2.8, tá sé fiorthábhachtach go leanfar leis na hiarrachtaí seo agus an plean seo á chur i bhfeidhm. Léirítear i litríocht ón mBreatain Bheag (e.g. Wynne Jones (1996) agus Jones agus Davis (2000)) a thábhachtaí is atá sé an mhargaiócht a úsáid ar bhealach comhordaithe, éifeachtach chun daoine a chur ar an eolas faoi bhuntáistí agus faoi thábhacht na sprioctheanga agus faoi iarrachtaí atá ar siúl chun í a athneartú sa bpobal.

I limistéar cosúil le hoirthear Chathair na Gaillimhe ina bhfuil an Ghaeilge an-lag go deo anois agus ina bhfuil na mílte duine gan Ghaeilge ina gcónaí tá sé rithábhachtach go ndéanfar iarracht faoi leith an pobal mór Béarlóirí an LPT seo a spreagadh i leith na teanga. Mar sin beidh gá le poiblíocht dhátheangach sa gceantar seo, áit a ndéanfadh ábhar i nGaeilge amháin cúis i gceantar láidir Gaeltachta, seans. Mar sin féin, tabharfar tús áite don Ghaeilge ar ábhar poiblíochta ar bith a scaiptear.

Baineann roinnt mhaith de na bearta a leagtar amach i gcaibidil a sé leis an obair forbartha feasachta seo, go háirithe i rannóg 6.2, agus béim ar leith ar bhearta 6.2.7, 6.2.8, agus 6.9.1. Tá costais phoiblíochta san áireamh sna costais a luaitear leis na bearta éagsúla sin.

8.2 Poiblíocht

8.2.1 Brandáil

Mar a pléadh i rannóg 4.2.2 thuas, go luath tar éis bhunú CPTBT d'fhostaigh an coiste dearthóir chun lógó agus branda so-aitheanta a fhorbairt don choiste. Úsáideadh an lógó seo mar bhunús don ábhar poiblíochta eile a rinne muid.

Ar ndóigh, tá sé tábhachtach go leanfar le forbairt an bhranda seo amach anseo agus go gcloífear, a bheag nó a mhór, leis an stíl a forbraíodh go dtí seo ar ábhar a bhaineann le hobair CPTOIG. Cinnteoidh seo go n-aithníonn an pobal ábhar a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge sa LPT go furasta. Tugtar treoirínte brandála in aguisín a ceathair (rannóg 11.4), agus tá dathanna, clófhoirne agus an lógó a úsáideadh go dtí seo le feiceáil ann.

8.2.2 Na Meáin

Tá na meáin fiorthábhachtach chun eolas ar chur i bhfeidhm an phlean seo a scaipeadh i measc phobal an LPT. Ní mór don choiste agus don OPT a chinntiú go bhfaightear clúdach rialta iontu agus go mbaintear úsáid as bealaí éagsúla chun aird an phobail a dhíriú ar an dul chun cinn a dhéantar leis an gcur i bhfeidhm.

Seo a leanas cuid den na bealaí is tábhachtaí a bheas ann chun seo a dhéanamh go héifeachtach agus go rialta:

- Na nuachtáin áitiúla – *The Galway Advertiser, The Connacht Tribune, Galwaydaily.com*, srl. Cé nach bhfuil an tóir chéanna ar nuachtáin chlóite sa lá atá inniu ann is a bhíodh tráth, tá tábhacht mhór leofa fós chun eolas ar imeachtaí áitiúla a scaipeadh sa gceantar seo. Tá colún Gaeilge rialta san *Advertiser* agus bíonn siad toilteanach an phleanáil teanga a chlúdach go minic
- *Raidió na Gaeltachta* – cé nach ceantar láidir Gaeltachta é LPTOCG bíonn *Raidió na Gaeltachta* sásta clúdach a dhéanamh ar obair a bhaineann leis an bpleanáil teanga ann go minic agus ar ndóigh éisteannt roinnt mhaith cainteoirí laethúla Gaeilge ar fud na tíre leis an stáisiún ar bhonn rialta
- Stáisiún raidió Béarla áitiúla, mar atá *Galway Bay FM* agus *Flirt FM*. Toisc go ndírionn na stáisiúin seo ar an gceantar seo bíonn siad go minic toilteanach scéalta a fháil ó ghrúpaí áitiúla cosúil le CPTBT
- An t-Idirlíon agus na meáin shóisialta – ní mór leanacht leis na hiarrachtaí a rinneadh go dtí seo chun feiceálacht an choiste ar líne a fhorbairt – go háirithe i dtaobh fhorbairt an tsuímh idirlín www.bruachthoir.ie (féach beart 6.2.7) agus cuntais ar na meáin shóisialta
- TG4 – is fiú go mór dea-chaidreamh a chothú le hiriseoirí TG4, mar is minic a bhíonn siad ag iarraidh clúdach a dhéanamh ar obair áitiúil a bhaineann leis an teanga
- D'fhéadfaí freisin físeáin ghearra a chur le chéile chun poiblíocht a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den phlean agus iad a scaipeadh ar na meáin shóisialta agus a chur ar YouTube
- Nuachtlitreacha áitiúla – tá nuachtlitreacha eaglaise fós ina mbealach maith le heolas ar ócáidí a scaipeadh agus ba chóir iarracht a dhéanamh scéalta a chur iontu faoi imeachtaí de chuid an phlean ar bhonn rialta. Moltar i mbeart 6.2.9 go mbunófaí nuachtlitir faoi leith a scaipfeadh eolas faoi obair an choiste cúpla babhta sa mbliain

9. Feidhmiú agus Monatóireacht an Phlean

An oiread le pleanáil ar bith, tá an mhonatóireacht éifeachtach an-tábhachtach don phleanáil teanga le cinntiú go bhfuiltear ag baint amach na dtorthaí a raibh súil leofa nuair a leagadh amach na bearta atá sa bplean seo i dtús ama. Cé go bhfuil spriocanna sonracha leagtha amach leis na bearta i gcaibidil a sé, tá sé tábhachtach go mbeadh solúbthacht ann chun rudaí a ath-mhúnlú ag brath ar an aischothú a gheofar agus ar thoradh na monatóireachta.

Is í an cheanneagraíocht, CPTBT agus an OPT a cheapfar chun an plean seo a chur i bhfeidhm a bheas freagrach as an monatóireacht a dhéanfar ar an bplean seo le linn thréimhse a fheidhmithe.

Tugtar tuilleadh eolais faoi seo agus ar ról an choiste agus an OPT i mbeart 6.2.1 agus 6.2.2.

9.1 Ról na Ceanneagraíochta/an Choiste

Mar a míníodh i rannóga 2.1 agus 2.2, tá LPTOCG éagsúil ó go leor LPTanna sa méid is nach bhfuil deighilt ann idir an coiste stiúrtha agus an cheanneagraíocht – is ionann iad sa limistéar seo. Táthar ag súil le heagras pobail a bhunú amach anseo le feidhmiú mar cheanneagraíocht (féach beart 6.2.1), agus nuair a bheas sin déanta fostófar OPT a bheas faoi stiúir na ceanneagraíochta, le treoir ó CPTBT. Cinnteoidh an cheanneagraíocht agus an coiste go mbeidh na tacaíochtaí seo thíos, agus cinn fheiliúnacha eile, ar fáil don OPT:

- Spás agus trealamh oifige – ríomhaire, áiseanna priontála, ceangal idirlín, srl. (beart 6.2.3)
- Tacaíocht ghníomhach a thabhairt don phlean teanga agus don OPT
- Cabhrú leis an OPT monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus éifeacht bhearta an phlean teanga
- Feidhmiú mar ambasadóirí don phlean teanga agus dea-shampla a léiriú do dhaoine, d'eagraíochtaí agus do chomhlachtaí áitiúla eile trí thacaíocht a léiriú do bhearta an phlean, seirbhísí trí Ghaeilge a éileamh, srl.
- Tacaíocht a thabhairt d'fheachtais stocaireachta a mbeifear ag tabhairt faofa mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean
- Iarracht a dhéanamh tinreamh agus rannpháirtíocht ag cruinnithe de chuid an choiste agus ag ócáidí a bhaineann leis an bplean a mhéadú i rith an ama

9.2 Ról an OPT

Mar a léiríonn na sonraí a dtugtar le beart 6.2.2 is é an OPT an duine a bheas i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm an phlean teanga seo. Oibreoidh sé nó sí leis an gcoiste chun na hócáidí agus imeachtaí éagsúla a mholtar a eagrú chun sochar na teanga sa LPT. Cinnteoidh an duine seo go mbeidh poiblíocht chuí á déanamh ar an obair a dhéanfaidh sé nó sí i rith an ama, de réir mar a mholtar i mbearta 6.2.8 agus 6.9.1.

Mar bharr air seo, beidh ar an OPT monatóireacht a dhéanamh go rialta ar éifeacht na mbeart uilig le cinntiú go bhfuil fiúntas leofa agus go bhfuil siad ag baint toradh amach. Beidh gá freisin, ar ndóigh, le cinntiú go gcloíonn cur i bhfeidhm an phlean leis an mbuiséad atá ar fáil chuile bhliain. Tabharfaidh an OPT agus an cisteoir tuairisc ar na gnéithe éagsúla seo ag na cruinnithe coiste a bheas ar siúl ar a laghad uair gach trí mhí (beart 6.2.1).

Mar a dúradh thuas, beidh saoirse ag an OPT (i gcomhar le húdarás na Gaeltachta) chun gnéithe éagsúla den phlean seo a leasú de réir mar a theastaíonn, bunaithe ar an monatóireacht a dhéanfaidh sé nó sí ar an bplean. Beidh cead ag an té sin freisin bearta nua a cheapadh, ach na hacmhainní a bheith ar fáil ó CPTBT.

9.3 An Mhonatóireacht

I gcaitheamh na seacht mbliana a bheas ann do chur i bhfeidhm an phlean seo tabharfaidh an OPT tuairiscí foirmeálta ar bhonn rialta faoin gcur i bhfeidhm. Gheobhaidh an coiste tuairiscí gearra scríofa agus/nó ó bhéal ar an dul chun cinn ón OPT ar a laghad uair sa ráithe. Pléifear na rudaí atá bainte amach go dtí sin, na bearta atá i bhfeidhm agus an rath atá orthu, chomh maith le haon dúsbláin nó deacrachtaí a d'eascair as a gcur i bhfeidhm. Déanfar plé ar aon bhearta nua atá ceaptha ag an OPT, an buiséad a bhaineann leofa agus aon bhearta a bhfuil deacrachtaí ag baint leofa.

Coinneoidh an OPT agus an cisteoir an coiste suas chun dáta faoi chúrsaí buiséid agus ar an gcaoisin cinnteofar go dtagann an obair leis an mbuiséad atá ar fáil don bhliain sin.

10. Foinsí

- Bourdieu, P. (1991). *Language and Symbolic Power*. Cambridge, Polity Press.
- Coimisiún na Gaeltachta (2002). *Tuarascáil/Report*. Baile Átha Cliath, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltacht agus Oileán.
- Conradh na Gaeilge (2015). *Céard é an scéal? Dearthaí an Phobail i leith na Gaeilge*. Baile Átha Cliath, Conradh na Gaeilge.
- Creswell, J. (2013). *Research Design: Qualitative, Quantitative, and Mixed Methods Approaches* (4ú hEagrán 2013). Londain, Sage.
- Curtin, R. et al. (2000). 'The effects of response rate changes on the index of consumer sentiment', *Public Opinion Quarterly* 64, 413-428.
- Dauenhauer N. M. & Dauenhauer R. (1999). 'Technical, emotional and ideological issues in reversing language shift: examples from Southeast Alaska' in Grenoble, L. A. & Whaley, L. J. (eag.) *Endangered Languages: Current Issues and Future Prospects*. Cambridge, Cambridge University Press, 57-98.
- Evas, J. (2017). 'Welsh language transmission and use in families', óráid ag an gcomhdháil *Language revitalisation and the transformation of family life sa School of Literatures, Languages and Cultures*, Ollscoil Dhún Éideann, 8-9 Meán Fómhair 2017.
- Fishman, J. (1991). *Reversing Language Shift*. Clevedon, Multilingual Matters.
- Hinton, L. (2001). 'The Master-Apprentice Language Learning Program' in Hinton, L. & Hale, K. (eag.) *The Green Book of Language Revitalization in Practice*. San Diego, Academic Press, 217-26.
- Hult, F. & Johnson, D. (2015). *Research Methods in Language Policy and Planning: A Practical Guide*. Londain, Wiley.
- IBTU [Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann] (2018). *Socio-Economic Profile of the seven Gaeltacht Areas in Ireland*. https://senatorpadraigoceidigh.com/wp-content/uploads/2018/11/GaeltachtAreaProfileEnglish_Online.pdf // Leagan Gaeilge ar fáil mar *Próifil Shocheacnamaíoch de na seacht gCeantar Gaeltachta in Éirinn*. https://senatorpadraigoceidigh.com/wp-content/uploads/2018/11/GaeltachtAreaProfileIrish_Online.pdf, Léite 10-6-19.
- Kaplan, R. & Balduf, R. (1997). *Language Planning from Practice to Theory*. Clevedon, Multilingual Matters.
- Krueger, R. (1988). *Focus Groups: A Practical Guide for Applied Research*. Londain, Sage.
- Krueger, R. (1998). *Moderating Focus Groups* (Focus group kit; 4). Londain, Sage.

- Mac Gréil, M. & Rhatigan, F. (2009). *The Irish Language and the Irish People*. Maigh Nuad, Survey and Research Unit, Department of Sociology, National University of Ireland, Maynooth.
- McAteer, M. (2013). *Action Research in Education* (Research methods in education). Londain, Sage.
- Moore, D. L., & Tarnai, J. (2002). 'Evaluating nonresponse error in mail surveys', in Groves, R. M., Dillman, D. A., Eltinge, J. L. & Little, R. J. A. (eag.) *Survey Nonresponse*. Nua Eabhrac, John Wiley & Sons, 197-211.
- Ní Dhúda, L. (2014). *Roghanna: Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga*. Ráth Chairn, Glór na nGael.
- Ní Dhúda, L. (2017). 'Language management and language managers: who are the Irish language managers in Breacbhaile?', *International Journal of the Sociology of Language*, 245, 217-43.
- Ní Mhianáin, R. (2003). *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*. Baile Átha Cliath, Cois Life.
- NicLeòid, M. & NicLeòid, M. (2018). 'It's in their genes': Luchd-ionnsachaidh dualchasach: innleachdan agus iarrtasan gu fileantas' – óráid ag an gcomhdháil Rannsachadh na Gàidhlig 10, Ollscoil Dhún Éideann, 28-30 Lúnasa 2018.
- Ó Ceallaigh, B. (2019). *Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga na Rosann* – le bheith ar fáil gan mhoill ag <http://www.udaras.ie/an-ghaelge-an-ghaeltacht/pleananna-teanga-ceadaithe/>
- Ó Ceallaigh, B. (2020). 'Interests, Power and Austerity in Irish-Language Policy 2008-18' in Nekula, M. et al. (eag.) *Interests and Power in Language Management*. Oxford, Peter Lang.
- Ó Giollagáin, C. & Charlton, M. (2015). *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. http://www.udaras.ie/media/pdf/002910_Udaras_Nuashonr%C3%BA_FULL_report_A4_FA.pdf, Léite 21-2-18.
- Ó Giollagáin, C. & Ó Curnáin, B. (2016). *Beartas Úr na nGael: Dálaí na Gaeilge san Iar-Nua-Aoiseachas*. Indreabhán, Leabhar Breac.
- Ó Giollagáin, C. et al. (2007). *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátaí agus Moltaí*. Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair.
- Pollack, S. (2017). *Number with dual Irish nationality soars by nearly 90%*. <https://www.irishtimes.com/news/social-affairs/number-with-dual-irish-nationality-soars-by-nearly-90-1.3229081>, Léite 7-10-19.
- An Phríomh-Oifig Staidrimh (2017). *SAPMAPS 2016*. <http://census.cso.ie/sapmap/>, Léite 13-7-19.
- RCOG [An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta] (2018a). *Amharcóir Pleanála Teanga GIS / Language Planning Viewer GIS*.

<https://data.gov.ie/dataset/amharc-ir-plean-la-teanga-gis-language-planning-viewer-gis>, Léite 28-11-18.

RCOG [An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta] (2018b). *Acht na Gaeltachta 2012: Treoirinte Pleanála Teanga* (4ú Eagrán). <http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2018/02/Treoir%20nte-Plean%20A1la-Teanga-Eagr%20A1n-4.pdf>, Léite 12-9-18. *Foilsíodh an 5ú hEagrán de na treoirinte seo i mí Eanáir 2019, ach ní shin an t-eagrán a tagraíodh dó agus an plean seo á ullmhú: <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2019/02/treoirinte-pleanala-teanga-eagran-5.pdf>

Rialtas na hÉireann (2010). *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030*. <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf>, Léite 25-2-18.

Rialtas na hÉireann (2012). *Acht na Gaeltachta, 2012*. <https://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2012/a34112full.pdf>, Léite 25-2-18.

Singer, E. et al. (2000). 'Experiments with incentives in telephone surveys', *Public Opinion Quarterly* 64, 171-188.

Smith, W. G. (2008). *Does Gender Influence Online Survey Participation?: A Record-linkage Analysis of University Faculty Online Survey Response Behavior*. <https://files.eric.ed.gov/fulltext/ED501717.pdf>, Léite 13-9-19.

Smith-Christmas, C. & Armstrong, T. C. (2014). 'Complementary reversing language shift strategies in education: the importance of adult heritage learners of threatened minority languages', *Current Issues in Language Planning*, 15(3), 312-326.

Wagner, H. (1958). *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*, vol. 1. Baile Átha Cliath, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Wynne Jones, A. & Dafis, L. (2000). 'Why should the devil have all the good tunes? Marketing: a valuable discipline in language planning' in Thomas, P. W. & Mathias, J. (eag.) *Developing Minority Languages: The proceedings of the fifth International Conference on Minority Languages*. Cardiff, J. Gomer Press, 163-73.

Wynne Jones, A. (1996). 'Marketing: a Valuable Discipline in Language Planning' in Nic Craith, M. (eag.) *Watching one's tongue: Issues in Language Planning*. Learpholl, Liverpool University Press, 67-80.

11. Aguisíní

11.1 Aguisín 1: General summary in English

11.1.1 Context

Much research conducted over the last two decades has demonstrated the rapid decline of the Irish language throughout the Gaeltacht. The most well-known study demonstrating this is the *Comprehensive Linguistic Survey on the Use of Irish in the Gaeltacht* (Ó Giollagáin et al., 2007), which concluded that without a significant change in policy Irish would no longer be the dominant language in any part of the Gaeltacht within 15-20 years.

In response to this and much other research which reported similar findings (including the results of recent censuses), the government published the *20-year Strategy for the Irish Language 2010-2030* which committed to “[t]he development of a comprehensive language planning system at community level in the Gaeltacht” (Government of Ireland, 2010: 19). The *Gaeltacht Act 2012* established the regulatory structure for this language planning system, and divided the official Gaeltacht into 26 Language Planning Areas (“LPAs”). Each of these 26 areas is required to prepare a language plan to promote the use of Irish in the area, with this document being the result of these efforts in the East Galway City LPA.

11.1.2 The Bruach Thoir Language Planning Committee

In mid-2017 a public meeting announcing the commencement of the language planning process in the East Galway city LPA was organised by Údarás na Gaeltachta. Locals interested in the process were invited to put a language planning committee together to direct the process, and as such the Bruach Thoir Language Planning Committee was established.

While in most LPAs throughout the Gaeltacht the local language planning committee is under the supervision of a “lead organisation” – usually a state-funded body such as a community development co-operative or other group already involved in the promotion of the language, in the East Galway LPA no such appropriate organisation was extant. As such the Bruach Thoir committee applied to Údarás na Gaeltachta to be accepted as the lead organisation directing the preparation of this plan. This proposal was ultimately accepted, and in late 2018 Ben Ó Ceallaigh was appointed as a language planning consultant to aid the committee in their work.

11.1.3 The East Galway Language Planning Area

The East Galway LPA is an atypical Gaeltacht area in a great many ways. While much of this area was rural and quite strongly Irish-speaking when the borders of the official Gaeltacht were designated in 1956, much has changed since then, with the area being steadily subsumed by the ever-expanding reaches of Galway city. By now most of the area serves as a suburb of the city, and much of it is very built up. The peri-urban

nature of the LPA is one of the main ways in which it differs from almost all other Gaeltacht areas.

A further distinction is the low numbers of daily speakers of Irish in the area. While Galway is the urban area with the highest percentage of Irish speakers in the country (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017), just 2.86% of the population of the LPA claimed in the 2016 census that they speak Irish on a daily basis outside the education system. This figure had fallen from 3.1% in the 2011 census (RCOG, 2018a). While Irish-language use is thus extremely low, 43% of people claimed to be able to speak the language – a figure close to the national average of 39.8%.

Being that the LPA is entirely within the official boundaries of Galway city, and that no part of it is more than twenty minutes' drive from the city centre, the inhabitants of the area have access to a great variety of services that are not typically available so readily to those in more remote Gaeltacht areas.

There are three primary schools in the area, although only one of these teaches through Irish, Scoil Bhride in Mionloch. There is no secondary school in the area, with second-level students attending the various schools in the city proper. The area is very close to the National University of Ireland, Galway, which is officially designated as a bilingual university and which provides a wide range of Irish-language courses, as well as offering certain other subjects taught through the medium of Irish. Evening Irish classes for adults are available both in the university and in Conradh na Gaeilge's offices on Dominick Street in the city centre.

Another way in which the East Galway LPA differs from many Gaeltacht areas is in its socioeconomic status. The area has over 11,200 jobs in it, significantly higher than its population of 7,800. The area is classed as better off than the state average, scoring 2.9 on the index of deprivation, compared to the state average of 0.6.

The local population is also the second most educated of any LPA in the country, coming second only to Bearnna and Cnoc na Cathrach to the west of the city. 40.6% of the area have a third level education, higher than the state average of 33.4%.

A map demarcating the borders of the LPA can be seen on page 6 of this plan.

11.1.4 The Research Project

In order to ensure that the recommendations made in this plan were in accordance with the desires of the community and the current standing of Irish in the area, a multi-faceted research project was undertaken to examine community language abilities, attitudes and practices. This research was conducted using a "mixed methods" approach, adopting both quantitative and qualitative research methodologies.

A community survey was carried out whereby a questionnaire was delivered to a representative sample of houses in the area which were chosen randomly from the Electoral Register, allowing for a broad overview of the standing of the language in the LPA to be obtained. A specific questionnaire for schools was also filled in by students in fifth and sixth classes in the area.

In addition to these questionnaires, a series of focus groups and interviews were carried out with a variety of target groups which the committee and language planning consultant deemed to be particularly important to the success of the plan – including business people, parents, teenagers and teachers. Such qualitative work allowed for the detailed discussion of various trends reported in the questionnaires, and complemented the broad-but-shallow type of data obtained through quantitative research.

Overall this research reported high levels of support for maintaining and promoting the language in the LPA, but with low levels of actual language use, as would be expected based on other available data such as the census results and various attitudinal studies conducted in recent years.

Across all age brackets support was demonstrated for increased opportunities to learn and use the language, including further emphasis on spoken Irish in school and educational opportunities for adults.

11.2 Aguisín 2: Summary in English of the proposals made in Chapter 6

6.2 Implementing the Plan

6.2.1 Founding a Public Organisation

| | |
|-------------|---|
| Aim | Found a public organisation/co-op in the area to help oversee the implementation of this plan |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • Unlike the majority of Gaeltacht areas, there is no extant community organisation or co-op to oversee development or the language planning process in this area • It is recommended one be established to help oversee the work of the committee and the language planning officer |

6.2.2 Implementational structures

| | |
|-------------|--|
| Aim | Re-establish the Bruach Thoir Language Planning Committee which will oversee the implementation of the plan, supporting the work of the Language Planning Officer (see action 6.2.2) and offering them practical help and guidance in their work |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • The existent voluntary committee that oversaw the preparation of this plan will continue with its work, but an effort will be made to recruit more members • Occasions such as the launch of the plan (see 6.2.4) and interviews in the media will be used as opportunities to announce that new members are welcome on the committee |

| | |
|--|---|
| | <ul style="list-style-type: none"> Members will have an exemplary role regarding the implementation of this plan, attending events and seeking services in Irish |
|--|---|

6.2.3 Appointing a Language Planning Officer

| | |
|-------------|--|
| Aim | Appoint a full-time language planning officer who will be responsible for implementing this plan on a day to day basis |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> This officer will have suitable qualifications and experience in the field of language planning They will receive full support from the committee They will have the freedom (pending approval from the committee and Údarás na Gaeltachta) to propose and implement actions further to those detailed in this chapter as they see fit and in accordance with the needs of the community and the committee |

6.2.4 Office of the Language Planning Officer

| | |
|-------------|--|
| Aim | To provide a suitable workplace for the language planning officer |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> It is recommended that the officer shares an office space with the language planning officer from the Eachréidh language planning area and/or the Gaeltacht service town |

6.2.5 Launch of the language plan

| | |
|-------------|--|
| Aim | Organising an event to launch the language plan officially |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> An event will be organised (likely in the Menlo Park Hotel) to launch the plan Summaries of the plan will be available, as will refreshments. Guest speakers and musicians will also be present |

6.2.6 Knowledge and Experience of Language Plan Co-ordinator

| | |
|-----|---|
| Aim | When required the language planning consultant who prepared this plan will be asked to provide guidance regarding how best to implement this plan |
|-----|---|

6.2.7 Database of contacts

| | |
|-------------|--|
| Aim | Compile a database of contacts interested in the language planning process |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • The language planning officer will gather contact details for those interested in being kept up to date about the language planning process • This database will comply with data protection regulations such as GDPR |

6.2.8 Online Presence

| | |
|-------------|---|
| Aim | Develop a significant and effective web presence which will provide ready access to information about language promotion efforts in the area |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • The www.bruachthoir.ie website will be further developed • So too will the committee's presence on various social media platforms • These will be used to publicise events and updates, advertise opportunities and so on |

6.2.9 Awareness raising campaign

| | |
|-------------|---|
| Aim | Promote awareness of the language planning process in the area |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • Posters and information flyers will be distributed throughout the area • Media coverage will be sought regularly (see also 6.9.1) • Awareness raising and publicity are very important to ensuring the success of this plan, and this action must therefore be carried out effectively and on a continual basis • Special effort will be made to spread a message of inclusivity and multiculturalism and inform immigrants that the Irish language belongs to all of us who live in the area, regardless of ethnic background |

6.2.10 Newsletter

| | |
|-------------|---|
| Aim | Further promote awareness of the work of the officer and committee |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • It is recommended that a newsletter be published and distributed around the area on at least a twice-yearly basis • This will collate information about upcoming events, report on recent successes in promoting the |

| | |
|--|--|
| | <p>language and generally help raise the profile of the committee locally</p> <ul style="list-style-type: none"> • “An Bruach Thoir” is proposed as a possible title for this |
|--|--|

6.3 The Education System

6.3.1 The Language Assistant Scheme

| | |
|-------------|---|
| Aim | Ensure that the language assistant scheme is maintained and expanded in the local primary school that is implementing the Gaeltacht Education Policy 2017-2022 |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • As this is an issue of concern to other Gaeltacht schools, the language planning officer will be able to work with representatives from other language planning areas to petition the Department of Education and Skills in this regard |

6.3.2 Support for the local Gaeltacht school

| | |
|-------------|---|
| Aim | Support the school which is implementing the <i>Gaeltacht Education Policy 2017-2022</i> |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • One of the three primary schools in the area (Scoil Bhríde in Mionloch) has adopted the <i>Gaeltacht Education Policy 2017-2022</i> and as such is implementing Irish-medium immersion education • The committee and language planning officer will offer this school as much support as possible, financial and otherwise • €2,000 will be set aside per year to help pay for language-based events/activities outside of the classroom • The principal will be able to discuss proposals with the language officer in order to secure this funding on a case by case basis |

6.3.3 Supports for other local primary schools

| | |
|-------------|--|
| Aim | Support local primary schools which are not teaching entirely through Irish |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • The important work in promoting Irish which is being done by those two primary schools in the area not teaching through Irish is recognised by the committee • These schools will also receive due support from the committee and language planning officer, and €1,500 will be set aside each per year to support extra-curricular activities relating to Irish • Principals can apply for this funding on a case by case basis when they have suitable ideas in mind |

6.3.4 Supports for families without Irish

| | |
|-------------|---|
| Aim | Offer support to parents/guardians who are not confident with their own level of Irish but who have children receiving their education through the language |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • Support sessions will be organised to offer support to parents and guardians regarding helping their children with homework • Focus will be placed on vocabulary for the areas that the children are likely to cover in the upcoming month or semester • Attendees will be informed about and encouraged to make use of the other educational opportunities in the area available for adults who want to learn or improve their Irish |

6.3.5 Language awareness amongst local youth

| | |
|-------------|---|
| Aim | Increase awareness of the area's Gaeltacht heritage amongst local youth |
| Description | <ul style="list-style-type: none"> • The language planning officer will prepare material for workshops aimed at raising language awareness amongst local youth and encouraging them to use more Irish • This material will be made available to local teachers, or the officer could conduct them in local primary schools, clubs etc. if desired |

6.3.6 Irish-medium education at third level

| | |
